AN GRÚPA AERFORT NA
**Sionainne**

THE
**Shannon**
AIRPORT GROUP







# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS | 2022

www.snnairportgroup.ie

# CLÁR ÁBHAR

3. Ár Scéal
4. Tosaíochtaí Straitéiseacha
5. Brollach ónár gCathaoirleach
7. Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin
11. Áit Rathúil, Nasctha A Thógáil
14. Forbhreathnú Airgeadais Ghrúpa Aerfort na Sionainne, 2022
15. Bord Stiúrthóirí Ghrúpa Aerfort na Sionainne
17. Ár nAistear chuig Todhchaí Inbhuaine
21. Fáilte na Sionainne

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITIS AIRGEADAIS**

26. Tuarascáil na Stiúrthóirí
30. Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas
47. An Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais
48. Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Bhaill Ghrúpa na Sionainne cpt
51. Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais
52. Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach Eile
53. Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais
54. Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais
55. Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe i gCaipiteal Gnáthscaireanna
56. Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe i gCaipiteal Gnáthscaireanna
57. Ráiteas Comhdhlúite ar an Sreabhadh Airgid
58. Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na Cuideachta
59. Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**TUILLEADH EOLAIS**

115. Faisnéis Ghinearálta Ghnó



# Ár Scéal

Is le Grúpa Aerfort na Sionainne Aerfort na Sionainne agus tá punann mhór réadmhaoine ag an nGrúpa atá á n-oibriú aige. Tá ár bhfoireann dírithe ar gheilleagar bríomhar a sholáthar do mhuintir an réigiúin. Déanaimid é seo trí nascacht aeir idirnáisiúnta ríthábhachtach a sholáthar a thacaíonn le hoibreoirí turasóireachta agus gnó ar fud an réigiúin, agus trí réitigh réadmhaoine a cheapadh a mheallann FDI agus cuideachtaí dúchasacha chun lonnú i gCampas na Sionainne.

Táimid bródúil as an ról atá againn mar phríomhspreagthóir eacnamaíoch agus táimid ar aistear leanúnach chun acmhainneacht ár n-aerfort agus ár dtailte, chomh maith leis an mhaoin againn sa cheantar máguaird, a uasmhéadú, agus an inbhuanaitheacht á daingniú againn ar fud an ghnó ag an am céanna.

Tá an nuálaíocht i gcroílár gach a ndéanaimid agus is í an nuálaíocht bunchloch na straitéise gnó againn. Táimid ar bís faoi na comhpháirtíochtaí tábhachtacha atá á ndéanamh againn chun cabhrú leis an nuálaíocht bhreise a chur i gcrích.

Tá sé tábhachtach dúinne réigiún atá lán de dheiseanna maireachtála, agus de dheiseanna chun oibre, chun foghlaim agus chun cuairt a thabhairt ar an áit, agus creidimid gur chóir go mbeadh tionchar dearfach agus inbhuanaithe ag gach rud a dhéanaimid.

## Ár bhFís

Is í an fhís atá againn ná tionchar níos faide fairsing a bheith againn ionas gurbh áit rathúil, nasctha í an láithreán seo againne.

## Ár Misean


Is é an misean atá againn slite beatha a fhorbairt atá inbhuanaithe agus geilleagar beoga a chur i mbun do mhuintir na háite agus don réigiún i gcoitinne. Déanaimid é seo trí dheiseanna a mhúnlú san eitlíocht agus sa mhaoin araon.

## Ár Luachanna

Tá sé ríthábhachtach, le go mbainfimid go léir an rath amach i dteannta a chéile, go ndéanfaimid a dhíriú ar ár ndaoine, ár gcomhpháirtíochtaí, ar a bheith bródúil as an méid a dhéanaimid, agus ar ár gcumas chun an bhuanseasmhacht a chur i gcrích.

| | |
|---|---|
| **Daoine**<br>Tá sé ríthábhachtach dár rathúlacht mar Ghrúpa tacú lenár ndaoine, agus iad a chumhachtú. Is ionann sinn agus an saineolas, an carachtar agus an paisean atá againn, chomh maith leis an gcaoi a ndéanaimid ár ndícheall seasamh amach ar bhonn ar leith. | **Bród**<br>Táimid spreagtha ag na héachtaí atá bainte amach againn roimhe seo agus ag na pobail atá tógtha againn i gcomhar a chéile. Mar Ghrúpa, léirímid ár mbród trí na hidirghníomhaíochtaí a bhíonn againn lenár custaiméirí, agus trí straitéis inbhuaine a fhorbairt a chinntíonn go n-éireoidh lenár réigiún. |
| **Comhpháirtíocht**<br>Tá sé i gceist leis an gcomhpháirtíocht go glactar leis an meitheal, ag obair i gcomhar le chéile ar mhaithe le leas an phobail. Is é sin a ligeann dúinn buaicphointí nua a bhaint amach agus deiseanna nua a sheachadadh a théann chun sochair ár gcustaiméirí agus ár gcomhghleacaithe. | **Buanseasmhacht**<br>Táimid ag dul chun cinn i dteannta a chéile, aontaithe mar aon Ghrúpa amháin. Áirithítear go bhfanaimid mar phríomhfhórsa tiomána i rathúlacht ár réigiúin mar gheall ar an meon an-dearfach atá againn chomh maith leis an bhfócas atá againn ar an todhchaí. |

# Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha



# Brollach ónár gCathaoirleach

## Grúpa Aerfort na Sionainne, mór-shócmhainn eacnamaíoch



Bronnadh onóir mhór orm anuraidh nuair a ceapadh mé mar Chathaoirleach Bhord Ghrúpa Aerfort na Sionainne. Ón am sin i leith, tá deis agam an tionchar dearfach a bhíonn aige ar shaol na ndaoine ar a bhfreastalaíonn sé a fheiceáil le mo shúile féin.

Is é cuisle an rathúnais eacnamaíoch é, ní hamháin sa réigiún Mheán-Iarthar ach thar chonair an Atlantaigh ar fad, agus níor cheart aird a thabhairt ar thábhacht an Ghrúpa ó thaobh na tacaíochta leis an ngeilleagar réigiúnach agus náisiúnta.

Is iad a ghníomhaíochtaí eitlíochta agus réadmhaoine cuisle chroí an réigiúin, agus tá Aerfort na Sionainne, príomhshócmhainn straitéiseach náisiúnta a sholáthraíonn nascacht aeir riachtanach a thacaíonn le gnólachtaí agus le slite beatha na mílte duine, ina chroílár sin.

Mar phríomh-chatalaíoch don fhás eacnamaíoch, tuigimid go hiomlán go spreagann ár bhfeidhmíocht gnó tairbhí eacnamaíocha, go réigiúnach agus go náisiúnta araon.

I rith 2022, d'oibrigh ár bhfoireann thar a bheith dian chun an nascacht dhomhanda aeir a atógáil ag Aerfort na Sionainne tar éis an scrios a tharla mar gheall ar an bpaindéim. Is éacht é seo is gá é aithint, mar go dtacaíonn na hiarrachtaí seo le poist in earnálacha na turasóireachta agus na trádála idirnáisiúnta, agus toisc go ligeann siad do dhaoine eitilt arís le haghaidh gnó, saoire nó chun teacht le chéile arís lena dteaghlach agus lena gcairde. Lean an Grúpa ar aghaidh ag soláthar roghanna maoine den scoth ar Champas na Sionainne, do chuideachtaí thar lear agus do chuideachtaí dúchasacha araon.

Reáchtáladh tionscadail atá bunriachtanach le go seasfaidh an aimsir le linn 2020 agus 2021 agus leanadh ar aghaidh leo i rith 2022. Mar gheall ar an maoiniú caipitil atá curtha ar fáil ag an Rialtas faoi Chlár na n-Aerfort Réigiúnacha, tá sé ar ár gcumas a thabhairt faoi na tionscadail bhonneagair riachtanacha seo atá ríthábhachtach i ndáil le rath an Aerfoirt amach anseo.

Má tá rud ar bith foghlamtha againn ón bpaindéim, is é go bhfuil sé riachtanach réigiúin láidre a bheith againn ionas nach mbíonn an iomarca tionscail agus daonra lonnaithe in aon chuid amháin den tír. Caithfidh rath a bheith ar gach uile chearn d'Éirinn má táimid chun a bheith rathúil mar thír. Tá an róspleáchas eacnamaíoch ar Bhaile Átha Cliath ag déanamh dochair dár réigiúin agus don tír i gcoitinne. Má leantar leis an treocht seo gan srian, cuirfear isteach go mór ar chumas an Rialtais na spriocanna atá leagtha síos aige féin sa straitéis Éire 2040 a bhaint amach, go háirithe an fhorbairt chothromaithe eacnamaíoch ar fud na tíre.

Tá cumas ár réigiún chun leanúint ar aghaidh ag atógáil agus ag dul faoi bhláth ag brath ar aerfort láidir agus athléimneach atá ann agus tá nascacht fheabhsaithe lárnach chun acmhainneacht eacnamaíoch agus shóisialta an réigiúin a scaoileadh saor.

Tá go leor bainte amach ag Grúpa Aerfort na Sionainne ach creidim gur féidir leis níos mó a bhaint amach, fós, ach beidh infheistíocht ón Rialtas ag teastáil ón tsócmhainn náisiúnta stáit seo. Maidir le hAerfort na Sionainne a bheith áirithe sa Chlár Aerfoirt Réigiúnacha do 2023 ar bhonn sealadhach, bhí sé sin an-tábhachtach ar fad, ach chun a lánacmhainneacht a bhaint amach, ní mór an t-aerfort a áireamh sa chlár seo ar bhonn buanseasta. Cinnteoidh sé, trí rochtain a fháil ar an gcistiú seo, gur féidir le hAerfort na Sionainne leanúint ar aghaidh ag infheistiú i dtionscadail sábháilteachta agus slándála, a chuid oibríochtaí a dhícharbónú agus, ar deireadh, leanúint ar aghaidh ag cur le nascacht chun deiseanna eacnamaíocha a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann.

Leis an athbhreithniú ar an mBeartas Eitlíochta Náisiúnta, atá sceidealta le bheith curtha ar siúl in 2023, tugtar deis ar leith chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime atá ann faoi láthair go soiléir sa tírdhreach eitlíochta agus a thacaíonn le tuilleadh fáis ar nascacht isteach sna réigiúin. Táimid ag tnúth le dul i dteagmháil go hiomlán leis an Rialtas ag gach céim den phróiseas athbhreithnithe.

Ní mór príomhról Ghrúpa Aerfort na Sionainne maidir le tacú leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch agus an fás in Éirinn a aithint agus a thacú. Maidir leis an ról atá againn féin, táimid tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí

fhadtéarmach ár ngnó, chun an leas is fearr a bhaint as na tairbhí a chuirimid ar fáil do na pobail inár ndobharcheantar, agus do na réigiúin ar a bhfreastalaímid.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don fháilte chroíúil a fuair mé nuair a rinneadh ball den Bhord díom agus buíochas a ghabháil lena chomhaltaí as a dtacaíocht i rith na bliana. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Príomhfheidhmeannach Ghrúpa Aerfort na Sionainne, Mary Considine, lena foireann bainistíochta agus lenár bhfostaithe go léir as an obair dhian atá déanta acu agus as a dtiomantas. Táim ag tnúth le bheith ag obair libh chun a chinntiú go leanann an Grúpa leis an seachadadh rathúil sna blianta atá amach romhainn.

**Conal Henry,**
**Cathaoirleach,**
**Grúpa Aerfort na Sionainne**



# Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

## An Téarnamh Luathaithe in 2022



Tá áthas orm a thuairisciú gur chuir Grúpa Aerfort na Sionainne dlús lena théarnamh in 2022, agus líon na bpaisinéirí ag Aerfort na Sionainne níos mó ná mar a bhí measta agus ár ngníomhaíochtaí forbartha réadmhaoine fós ar an mbealach ceart. Tá ár ngnó ag brath ar go leor páirtithe a bheith ag obair le chéile, agus a bhuí le hiarrachtaí ár bhfostaithe agus le tacaíocht ár gcustaiméirí agus ár ngeallsealbhóirí, bhaineamar taitneamh as feidhmíocht fheabhsaithe anuraidh.

Rinneamar ár mbranda a athnuachan i rith na bliana agus tugtar ***Grúpa Aerfort na Sionainne*** air anois. Tá ár mbranda nuashonraithe níos dlúth-ailínithe leis an sainordú atá againn agus tugann sé fuinneamh dúinn agus muid ag tabhairt faoin gcéad chéim eile chun seirbhísí aeriompair agus eitlíochta a chur chun cinn agus a éascú in Aerfort na Sionainne agus ina thimpeall, agus an toradh ar ár dtalamh agus ár réadmhaoin a bharrfheabhsú.

Ó thaobh na turasóireachta de, tháinig téarnamh láidir ar líon na gcuairteoirí ar ár láithreáin Oidhreachta na Sionainne in 2022 freisin mar thoradh ar atosú ar thaisteal idirnáisiúnta, agus líon na gcuairteoirí lae tagtha ar ais go dtí os cionn 80% de na leibhéil roimh an bpaindéim. I mí Aibreáin, rinneamar aistriú Chaisleán Luimnigh go Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, a tharla gan fadhb ar bith, a mhaoirsiú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann i gCaisleán Rí Eoin as an obair iontach a rinne siad síos na blianta, agus guím gach rath orthu.

Rinneadh oibre mhór le Comhairle Contae an Chláir i rith 2022 maidir le gnó Oidhreacht na Sionainne a aistriú chuig an údarás áitiúil. Tá áthas orainn go mbeidh Comhairle Contae an Chláir, de réir chead foirmligheachta an Aire, go mbeidh Comhairle Contae an Chláir ar an gcéad chaomhnóir eile ar na láithreacha cuairteoirí tábhachtacha seo. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann Oidhreachta na Sionainne as a dtiomantas agus a ndílseacht don ghnó thar na blianta, gach rath a ghuí orthu agus ar an gComhairle sna blianta amach romhainn. Táimid ag tnúth le caidreamh tábhachtach a chothú leo amach anseo. Déanfaimid é seo trí leanúint ar aghaidh ag cur le seirbhísí ríthábhachtacha aeir a thugann turasóirí idirnáisiúnta chuig na láithreacha cuairteoirí seo agus chuig Éirinn.

## Feidhmíocht Airgeadais Dearfach

Léirítear ár bhfeidhmíocht fheabhsaithe ar fud ár ngnó inár dtorthaí airgeadais 2022, agus méadú ann de bhreis is 76% ar láimhdeachas an Ghrúpa ó oibríochtaí leanúnacha suas go €60.7 milliún (2021: €34.5 milliún). Tháinig méadú ar chostais oibriúcháin ó ghníomhaíochtaí leanúnacha mar thoradh ar an méadú ar an ngníomhaíocht ghnó. Tháinig méadú 119% ar chostas na ndíolachán suas go €8.0 milliún, agus méadú 49% ar chostais riaracháin iomlána suas go €44.5 milliún. Tháinig méadú ar EBITDA don Ghrúpa suas go €16.5 milliún ó €8.6 milliún in 2021. Tá an fheidhmíocht oibriúcháin dhearfach seo léirithe i mbrabús an Ghrúpa don bhliain ó oibríochtaí leanúnacha de €18.9 milliún (roimh cháin).

Mar a tharla in 2021, bhain an Grúpa leas as na tacaíochtaí Rialtais a cuireadh ar fáil do ghnóthais a raibh tionchar ag COVID orthu. Bhain an t-aerfort leas freisin as pacáiste maoinithe ar leith ón Rialtas chun cuidiú le nascacht ríthábhachtach a atógáil i ndiaidh COVID, chomh maith lena chuimsiú sa Chlár Aerfoirt Réigiúnacha (RAP) in 2022. Leis an tacaíocht chaipitil agus oibriúcháin a fuarthas faoin gclár seo, tugadh deis dúinn a thabhairt faoi thionscadail ríthábhachtacha um shábháilteacht agus slándáil. Léiríonn an obair a rinneamar, le tacaíocht ón RAP, cé chomh tábhachtach agus atá sé go bhfanann Sionainn sa chlár agus muid ag téarnamh i ndiaidh Covid.

Cé go bhfuil muid ag tnúth le feidhmíocht dhearfach in 2023, beidh na luaineachtaí dosheachanta sa gheilleagar domhanda agus sna dúshláin mhaicreacnamaíocha mar fhachtóir i gcónaí agus muid ag leanúint lenár n-aistear chuig téarnamh iomlán. Táimid muiníneach i gcónaí go bhfuil an Grúpa i riocht maith chun leibhéil na bpaisinéirí réamhphaindéimeach a thabhairt ar ais, go hiomlán, in 2023 agus chun fás thar an leibhéal seo sna blianta ina dhiaidh sin.

## Téarnamh Láidir i Líon na bPaisinéirí

Leanadh leis an phaindéim tionchar a bheith aici ar earnáil na heitlíochta go luath in 2022, ach faoin dara ráithe den bhliain d'fhilleamar ar oibríochtaí níos gnáiche agus chabhraigh an obair ullmhúcháin a chuireamar i bhfeidhm le linn na paindéime go mór linn agus muid ag tabhairt faoin téarnamh. Bhí tionchar dearfach ag ár saoráid scagthástála slándála aerfoirt nua, níos tapúla a tugadh isteach. Tá méadú feicthe againn ar an líon daoine ó gach cearn den tír a úsáideann Aerfort na Sionainne mar gheall air, toisc go dtuigeann siad anois chomh 'éasca' atá sé.

Bhí an dúil chun an taisteal idirnáisiúnta a dhéanamh a bhí faoi chois nuair a cuireadh deireadh le srianta taistil paindéimeach léirithe i dtéarnamh 88% ar leibhéil phaisinéirí 2019 agus méadú 300% ar leibhéil 2021, agus cuireadh fáilte roimh os cionn 1.51 milliún paisinéir tríd ár n-aerfort le linn 2022.

Tháinig téarnamh láidir ar ár seirbhísí RA agus Eorpacha in 2022, agus níos mó ná 1.17 milliún paisinéir ag taisteal tríd an tSionainn. Tar éis beagnach dhá bhliain a bheith ar fionraí, tháinig ár seirbhísí trasatlantacha ar ais i mí an Mhárta 2022 agus bhí beagnach 240,000 paisinéir ar sheirbhísí go Nua-Eabhrac (JFK), Boston agus Newark.

Tá cuma iontach ar na hionchais atá ag Sionainn don bhliain 2023, agus i mbliana táimid ag feidhmiú 35 bealach chuig 11 tír. Tá áthas an domhain orainn níos mó cinn scríbe a thairiscint dár gcustaiméirí mar rogha. Go deimhin, beidh níos mó bealaí againn i mbliana ná mar a bhí in 2019, le cúig cinn scríbe Eorpacha nua go Napoli, Beziers, Newcastle, Porto agus Learpholl, agus táthar chun ár seirbhísí trasatlantacha a fheabhsú le seirbhís shéasúrach laethúil gan stad go Chicago ag tosú i mí na Bealtaine. Faoi dheireadh 2023, táimid ag súil go mbeidh an méid tráchta níos airde ná leibhéil 2019.

Leantar leis go bhfuil an tionchar atá ag ár gclár infheistíochta ar chuideachtaí Éireannacha agus chuideachtaí thar lear araon le feiceáil. Tá dlús lenár dtéarnamh leis an nascacht fheabhsaithe, le seachadadh ár straitéis infheistíochta réadmhaoine ar fud Champas na Sionainne agus le forbairtí amhail an infheistíocht €10 milliún Ryanair ina saoráid chothabhála sa tSionainn.

## Tiomanta don Infheistíocht

Feidhmíonn an Grúpa punann shuntasach réadmhaoine, agus cuid mhór de lonnaithe timpeall ar Champas na Sionainne. Tá ceann de na páirceanna gnó ilearnála is mó in Éirinn lonnaithe sa Champas agus tá gnólachtaí ann ó raon earnálacha lena n-áirítear an eitlíocht, an t-aeraspás, an chógaisíocht, an Teicneolaíocht Leighis, forbairt bogearraí IOT, an déantúsaíocht, an TF agus an lóistíocht. Tacaíonn an tSionainn le héiceachóras aeraspáis agus eitlíochta atá ag fás freisin.

Leanamar ar aghaidh ag tacú le hobair Champas Soghluaisteachta Todhchaíche na hÉireann (FMCI) chun aistriú an fhoirgnimh nua dá n-ionad forbartha lánscála agus ionad tástála do theicneolaíochtaí soghluaisteachta (talamh agus aer), agus chuireamar ar a gcumas iad a gcuid bonneagar Chathair Chliste a sheachadadh thar Champas na Sionainne.

In 2022, d'infheistíomar breis agus €21 milliún ar fud ár gcampas chun ár bhfeidhmiú aerfoirt a fheabhsú agus chun réitigh réadmhaoine a sholáthar dár gcustaiméirí gnó. Ar an infheistíocht a rinneadh san aerfort, áirítear tús a chur lenár gclár athsholáthair aerdhroichid agus uasghrádú agus athshlánú ár n-aerpháirc.

I mbliana, tá os cionn 100,000 troigh cearnach den réadmhaoin tráchtála nua againn a bheidh ag teacht ar an margadh. Tá aonad tionsclaíoch ilúsáide nua 60,000 troigh cearnach atá oiriúnach le haghaidh trádstórála, déantúsaíochta nó lóistíochta, agus atá suite i gcroílár ár gCampas na Sionainne beagnach críochnaithe. Tabharfaimid saoráid déantúsaíochta agus oifige eile ar 40,000 troigh cearnach chuig an margadh níos déanaí i mbliana.

Soláthraíonn na forbairtí spreagúla seo réitigh réidh-le-húsáid do chuideachtaí atá ag iarraidh a gcuid oibríochtaí a lonnú in Éirinn agus a leathnú.

## An Inbhuanaitheacht a Dhaingniú

Bhí sé mar phríomhfhócas ag an nGrúpa in 2022 an inbhuanaitheacht a dhaingniú agus bhí áthas orainn ár straitéis inbhuanaitheachta nua a fhoilsiú. Táimid tiomanta don inbhuanaitheacht a dhaingniú inár gcroílár, ár n-oibríochtaí a ghlasú, Campas na Sionainne inbhuaine a thógáil agus tionchar pobail a chruthú. Cuirfidh an straitéis seo ar chumas an Ghrúpa a pháirt a ghlacadh i seachadadh plean gníomhaíochta aeráide an Rialtais agus táimid dírithe ar na gníomhartha a ghlacfaimid chun ár spriocanna a bhaint amach a bhunú agus conas a dhéanfaimid an dul chun cinn a thomhas.

Le linn na bliana, chuireamar roinnt clár ar fáil, idir chúrsaí um fholláine fostaithe, oiliúint um an éagsúlacht agus lánpháirtíocht, agus tionscnaimh um shábháil fuinnimh, laghdú carbóin agus athchúrsáil.

Táimid tiomanta go n-áireofar go mothaíonn ár bhfórsa saothair amhail is go bhfuil meas orthu. Is mian linn éagsúlacht na bpobal a n-oibrímid leo agus a dtacaímid leo a léiriú, agus táimid ag forbairt cultúr a chaomhnaíonn, a mheallann agus a choinníonn buanna éagsúla.

Tá ár ndaoine riachtanach chun lánacmhainneacht an Ghrúpa a bhaint amach. Soláthraíonn siad fuinneamh, braistint díograis agus an seiftiúlacht, a thiomáineann ár rathúlacht dá réir. Tá siad treoraithe ag an gcuspóir, ní hamháin i dtéarmaí spriocanna airgeadais, ach ó thaobh an méid a chuirimid leis an tsochaí i gcoitinne. Le blianta fada anuas, tá clár tiomsaithe airgid i bhfeidhm acu chun tacú le hiarrachtaí carthanachta agus in 2022 thug siad faoi thionscnaimh éagsúla tiomsaithe airgid a bhailigh €70,000 do Thacaíocht Ailse an Chláir (Sláinte an Chláir) agus Fondúireacht Sláinte Leanaí Éireann.

Táimid bródúil as a bheith ainmnithe mar aerfort a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ag an WHO, rud eile atá bainte amach ag an aerfort seo den chéad uair riamh ar domhan. Maidir leis an ghnóthachtáil is déanaí seo atá bainte amach ag ár bhfostaithe, níl ann ach ceann amháin de roinnt bealaí ina bhfuilimid ag comhlíonadh ár ngealltanas branda chun eispéireas na bpaisinéirí a bhíonn ag taisteal tríd ár n-aerfort a dhéanamh éasca agus cuimsitheach do chách.
Beidh sé mar phríomhsprioc dúinn i gcónaí obair i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara, agus tacaíocht a sholáthar nuair is féidir linn, go háirithe agus muid ag tabhairt faoin dúshlán dícharbónú. Táimid tiomanta do thodhchaí níos inbhuanaithe a chruthú agus anuraidh shínigh muid Meabhrán Tuisceana leis an ESB chun stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine ar Champas na Sionainne a fhorbairt.

Léirigh an obair atá déanta ag Tascfhórsa Eacnamaíochta Inbhear na Sionainne (SEET) le déanaí, is tascfórsa a bhfuil mé i mo bhall de, an deis shuntasach atá ann d'Inbhear na Sionainne a bheith ar cheann de na suímh phríomhacha don ghaoth as-cósta ar an Atlantach. Cuireann an soláthar flúirseach fuinnimh glas seo an cumas ar fáil chun hidrigin ghlas a tháirgeadh chun Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF) a fhorbairt. Mar oileán-náisiún a bhraitheann go hiomlán ar an nascacht aeir, cruthaítear deis chun earnáil eitlíochta na hÉireann a dhícharbónú trí SAF a tháirgeadh laistigh den inbhear.

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfostaithe as an ról lárnach a bhí acu sa dtéarnamh againn. Bhí a dtiomantas seasta chomh tábhachtach sin agus muid ag fágáil na tréimhse ba shuaite riamh i stair na heitlíochta domhanda. Gan an diongbháilteacht agus an tiomantas seo, ní bheimis sa riocht ina bhfuilimid sa lá atá inniu ann.

Chuireamar fáilte roimh cheapachán Conal Henry mar ár gCathaoirleach nua i mí an Mhárta 2022. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhaltaí Boird go léir as an méid a dhéanann siad, mar aon agus ina n-aonair, don Ghrúpa i rith na bliana. Ár mbuíochas faoi leith do na comhaltaí den Bhord Liam O'Shea, Mike Quinn, Linda Tynne agus Kevin McCarthy a chríochnaigh a dtéarma oifige. Léirigh siad tiomantas agus dúthracht le linn tréimhse thar a bheith dúshlánach. Cuirim fáilte ó chroí roimh na comhaltaí ionadaíocha fostaithe nua atá againn ar an mBord Audrey Costelloe agus Alan Donohoe.

Le linn na bliana fuaireamar tacaíocht luachmhar ónár Scairshealbhóir, an Roinn Iompair, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Ryan, an Aire Naughton agus an Aire Chambers as an spreagadh agus an gcúnamh a thug siad dúinn.

Mo bhuíochas arís don líon mór custaiméirí agus comhpháirtithe gnó dílse atá againn as a Sionainn a úsáid go leanúnach seasta, táim thar a bheith buíoch asaibh go léir.

## Treoraithe ag an gCuspóir

Fiú i gcomhthéacs COVID-19, leanadh go seasta leis ár diongbháilteacht chun áit nasctha, faoi rath, a atógáil. Tríd an méid sin ar fad, ní dhearnamar dearmad ar a bhfuil i gcroílár gach rud a ndéanaimid - daoine a nascadh agus cabhrú le gnólachtaí an áit iontach a aimsiú le bunú, leathnú agus fás.

Agus bealaí nua ag teacht ar líne agus borradh láidir faoinár straitéis infheistíochta, táimid muiníneach go gcruthófar luach leanúnach dár bpáirtithe leasmhara.

Táim ag tnúth le bheith ag obair lenár mbaill foirne, agus lenár gcomhpháirtithe go léir, le linn na bliana atá amach romhainn.

**Mary Considine,**
**POF,**
**Grúpa Aerfort na Sionainne**



# Áit Rathúil, Nasctha A Thógáil

Ag Grúpa Aerfort na Sionainne, tá ár ndaoine an-tugtha d'eispéireas eisceachtúil a sholáthar dár bpaisinéirí aerfoirt agus níos mó rogha scríbe a thairiscint dóibh. Mar an gcéanna, is príomhfhócas é réitigh réadmhaoine a sheachadadh chun infheistíocht dhíreach eachtrach agus infheistíocht dhúchasach araon a mhealladh chuig ár réigiún. Tá na rudaí sin go léir ag cuidiú lenár réigiún a dhéanamh mar áit rathúil chun maireachtáil, obair, foghlaim, nó chun am fóillíochta a chaitheamh ann.

Tá áthas orainn gur tháinig méadú mór ar líon na bpaisinéirí ag ár n-aerfort in 2022, tar éis tionchar na paindéime, agus leanamar lenár straitéis infheistíochta ar Champas na Sionainne, agus €21 milliún infheistithe againn ann.



I mí Eanáir, cuireadh tús le pleananna forbartha réadmhaoine Ghrúpa Aerfort na Sionainne agus an Grúpa ag dul i mbun a chéad mhórthionscadal tógála in 2022 ar Champas na Sionainne. Mar chuid den tionscadal €4 milliún, rinneadh athchóiriú ar dhá fhoirgneamh a bhí ann cheana féin (Bá 135 agus 137) ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne in aice leis an áis nua MeiraGTx.

Cruthaíodh céad post le linn chéim tógála agus feistiú an tionscadail, a raibh 33,000 troigh cearnach i gceist leis, san iomlán.




Tar éis beagnach dhá bhliain, thosaigh eitiltí trasatlantacha arís ag Aerfort na Sionainne i mí an Mhárta, ag athbhunú nascacht ríthábhachtach leis an réigiún, agus ag cur borradh faoi gheilleagar an réigiúin. Chuir Aer Lingus tús den athuair lena seirbhísí laethúla go Boston agus go Nua-Eabhrac/JFK ón tSionainn, agus chuir United a seirbhís shéasúrach laethúil go Newark (Nua-Eabhrac) ar ais ar siúl. Ba ar an 10 Márta a raibh an chéad eitilt trasatlantach idir an Meán-Iarthar agus SAM ón 21 Márta, 2020, tar éis an toirmeasc a cuireadh ar thaisteal ó SAM le linn bhuaicphointe na paindéime.



Cuireadh borradh faoi roghanna saoire ó Aerfort na Sionainne, agus séasúr iontach samhraidh ag an aerfort agus eitiltí ag dul chuig 27 ceann scríbe le 108 imeacht seachtainiúil. An 27 Márta, chuaigh an chéad seirbhís Ryanair sceidealta riamh go Málta ó Aerfort na Sionainne, tar éis eitilt tionscnaimh sheirbhís nua-sheolta Ryanair Barcelona Girona ón tSionainn. Agus i mí na Bealtaine, cuireadh tús le seirbhís nua na haerlíne sin go Marseille i nDeisceart na Fraince freisin.



I mí Aibreáin, rinneadh an fód a iompú ar fhorbairt €8 milliún ar Champas na Sionainne le haghaidh spás tionsclaíoch ilúsáide a chlúdaíonn breis agus 60,000 troigh chearnach. Tá an foirgneamh nua, is cúis le 100 post le linn chéim a thógála, saincheaptha d'Fhiontair Éireannacha agus d'Fhiontair IDC araon atá ag lorg spáis ilfheidhmeach ardleibhéil, agus atá oiriúnach d'úsáid déantúsaíochta, tionsclaíochta agus T&F.



Chuir Aerfort na Sionainne fáilte roimh líon níos mó paisinéirí le linn thréimhse na Cásca 2022 ná mar a bhí sna trí bliana roimhe sin. Tháinig breis is 50,000 paisinéir tríd an aerfort. Ba é an chéad deis a bhí ag a lán díobh sos thar lear a fháil ón am a laghdaíodh na srianta taistil.




I mí na Bealtaine, fuaireamar Ryanair mar thionónta nua dár haingear 5,220 m2 ar a dtugtar Haingear 5, agus d'infheistigh an aerlíne €10 milliún sa tsaoráid trí-bhá nua-aimseartha den chéad ghrád. Tacaíonn an tsaoráid nua, lena gcruthaíodh 200 post sa réigiún, le cothabháil chabhlach Ryanair agus é ag fás go 600 aerárthach faoi 2026. Tá na poist agus an infheistíocht atá ann dá bharr ag teacht lenár bplean straitéiseach chun fás eacnamaíoch a mhéadú agus scileanna agus tallann a choinneáil sa réigiún.



Suiteáladh an chéad cheann de thrí aer-dhroichead nua ag Aerfort na Sionainne mar chuid d'infheistíocht €1.8 milliún, i mí Iúil. Mar chéim a haon den phlean aerdroichid, lena gcuirfear isteach sé dhroichead aeir an aerfoirt faoi 2025, tá trí dhroichead aeir 60 tona á suiteáil.

Thóg sé níos mó ná dhá lá an tsuiteáil a dhéanamh ag an aerfort, ag baint úsáide as craenacha iolracha chun é a shocrú le foirgneamh an chríochfoirt. Is féidir leis an aerdroichead freastal ar níos mó ná 22 cineál aerárthach mór, gan roinnt scairdeanna réigiúnacha níos lú a áireamh



I mí Mheán Fómhair, rinneamar oscailt oifigiúil saoráid Meira GTx Shannon a cheiliúradh. D'fhorbair Grúpa Aerfort na Sionainne an tsaoráid nua cheannródaíoch agus síneann sí breis agus 150,000 troigh cearnach. Is é an chéad láithreán déantúsaíochta géinteiripe ar scála tráchtála in Éirinn é.




I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair Ryanair dhá bhealach nua agus tríú aerárthach, rud a d'fhág gur cruthaíodh 30 post díreacha breise ag an Aerfort. Fógraíodh an dá cheann scríbe spreagúla nua do Béziers i nDeisceart na Fraince agus Newcastle sa RA - an dá cheann díobh ag feidhmiú ón tSionainn i samhradh 2023. Tháinig an fógra le linn d'Aerfort na Sionainne 35 bliain de sheirbhís na haerlíne, a d'iompair breis is 18 milliún paisinéir ag an Aerfort, a cheiliúradh.



I mí Dheireadh Fómhair, d'fhógair United Airlines seirbhís séasúrach laethúil nua gan stad go Chicago ón tSionainn don samhradh '23 freisin. D'fheidhmigh United seirbhís na Sionainne/Chicago roimhe seo, ó 2013 go 2017. Ag an am sin, bhí an aerlíne ag feidhmiú cúig huaire in aghaidh na seachtaine. Leathnaíodh seirbhís 2023 go seirbhís seacht lá na seachtaine, rud a chuireann borradh faoin gheilleagar réigiúnach.

Tá an cumas ag an mbealach nua 30,000 paisinéir breise a ghiniúint trí Aerfort na Sionainne in 2023, ag tacú le geilleagar Iarthar na hÉireann i dtéarmaí naisc ghnó agus méadú ar líon na dturasóirí.



I mí na Samhna, cuireadh tús leis an bhforbairt réadmhaoine tráchtála €6 milliún ar shaoráid teicneolaíochta taighde agus forbartha 40,000 troigh cearnach ar Champas na Sionainne. Tá an fhorbairt ard-speic saindeartha chun freastal ar riachtanais déantúsaíochta, tionsclaíochta agus T&F, d'fhiontair FDI agus Éireannach agus chruthaigh sé suas le 70 post le linn chéim na tógála.



# Forbhreathnú Airgeadais Ghrúpa Aerfort na Sionainne, 2022

**Forbhreathnú Airgeadais**

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam reatha ó oibríochtaí leanúnacha** | **60,681** | 34,484 |
| **Brabús Oibriúcháin an Ghrúpa^** | **21,899** | 27,895 |
| Caillteanais / (gnóthachain) athluachála réadmhaoine infheistíochta | **(4,920)** | (9,927) |
| Ioncam/costas eile (gnóthachain/caillteanais ar shócmhainní a chur de láimh) | **24** | (10,451) |
| Maoiniú Deontais | **(7,599)** | (6,185) |
| **Brabús oibriúcháin coigeartaithe** | **9,404** | 1,332 |
| Dímheas agus amúchadh | **7,111** | 7,239 |
| **EBITDA an Ghrúpa** | **16,515** | 8,571 |

*^Le brabús oibriúcháin an ghrúpa, léirítear brabús ó oibríochtaí arna leanúint (mar a tuairiscíodh) agus oibríochtaí scortha (Leathanach 80)*

# Bord Stiúrthóirí Ghrúpa Aerfort na Sionainne

Tá an Bord freagrach as an rialachas, bainistíocht agus treoir straitéiseach foriomlán don Chuideachta agus socraíonn sé luachanna agus caighdeáin na Cuideachta a chinntíonn go gcloítear le prionsabail an rialachais chorparáidigh, na trédhearcachta, na cuntasachta, na freagrachta agus an neamhspleáchais.



**Conal Henry, Cathaoirleach**

Ceapadh Conal Henry ina Chathaoirleach i Márta 2022. Is é Conal bunaitheoir agus Cathaoirleach Fibrus. Sular bhunaigh sé Fibrus, bhí Conal ina Phríomhfheidhmeannach ar Enet agus é á thógáil óna thionscaimh suas go dtí an éadáil £200m ó Chiste Bonneagair na hÉireann in 2017, mar Phríomhfheidhmeannach ar Enet, thug Conal ceannaireacht don NBI, ar a dtugtar anois, freisin, chun é a thiontú le bheith mar an tairgeoir buaiteach do Phlean Náisiúnta Leathanbhanda na hÉireann, ar fiú €2bn é. Sula raibh sé le Enet bhí Conal ina Stiúrthóir Tráchtála ag Ryanair tar éis dó a bheith ina Cheannaire Airgeadais ar earraí Neamhbhia agus le George Clothing ag Asda sa RA. Bhain Conal céim amach sa Dlí ó Ollscoil na Banríona i 1991 agus is Cuntasóir Bainistíochta Cairte é.



**Mary Considine, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

Is í Mary an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ghrúpa na Sionainne. Tá taithí fhairsing ag Mary in earnálacha na heitlíochta, na tráchtála agus sna róil shinsearacha a raibh aici sa Ghrúpa go dtí seo. Bhí sí ina Leas-Phríomhfheidhmeannach agus ina ról roimhe seo mar Phríomhoifigeach Airgeadais/Rúnaí Cuideachta, ag feidhmiú mar Stiúrthóir Aerfoirt, bhí sí i gceannas ar scaradh Aerfort na Sionainne ó daa in 2012, tionscadal ar éirigh go geall leis, agus ar fágadh dá réir go raibh Aerfort na Sionainne neamhspleách in 2012 agus ina dhiaidh sin gur bunaíodh an Grúpa in 2014.

Tá Mary ina hUachtarán ar Choiste Réigiún an Mheán-Iarthair Ibec freisin, agus suíonn sí ar chomhairle náisiúnta IBEC. Is ball í Mary d'Údarás Rialaithe Choláiste Mhuire gan Smál agus is iar-stiúrthóir agus iar-Uachtarán de Chumann Tráchtála na Sionainne í freisin. Is cuntasóir cáilithe í Mary.



**Audrey Costelloe**

Ceapadh Audrey Costelloe ar Bhord Ghrúpa na Sionainne cpt i mí Eanáir, 2023 mar Ionadaí Fostaithe.

Tá Audrey ag obair in Aerfort na Sionainne le 37 bliain anuas agus faoi láthair tá sí ag obair sa rannóg miondíola agus tá sí ina iontaobhaí ar scéim pinsean na cuideachta freisin. Bhí sí ina ball den fhoireann a bhunaigh an aonad Saor ó Dhleacht i Moscó.



**Alan Donohoe**

Ceapadh Alan Donohoe ar Bhord Ghrúpa na Sionainne cpt i mí Eanáir, 2023 mar Ionadaí Fostaithe.

Tá os cionn 26 bliain de thaithí ag Alan sa tseirbhís Póilíní agus Dóiteáin Aerfoirt, thosaigh sé in Aerfort Bhaile Átha Cliath i 1996 agus bhog sé go hAerfort na Sionainne i 2004, áit a bhfuil post aige anois mar Sháirsint/Oifigeach Stáisiúin.



**Tom Kelly**

Ceapadh Tom Kelly ar ar an mBord i nDeireadh Fómhair 2017. Tá sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Tá cúlra suntasach ag Tom i seirbhísí léasaithe aerárthaí agus i seirbhísí airgeadais. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar AerCap Ireland ó 2010 go dtí 2021, agus roimhe sin d'fhóin sé mar an Príomhoifigeach Airgeadais ann.

Roimhe seo, chaith Tom deich mbliana le GECAS agus róil aige ann mar an Príomhoifigeach Airgeadais agus mar Stiúrthóir ar GECAS Limited, an oibriúchán de chuid GECAS in Éirinn. Chomh maith leis sin, d'fheidhmigh sé mar rialtóir domhanda do GECAS agus é ag feidhmiú mar Leas-Uachtarán & Rialtóir Sinsearach. Roimh dó dul isteach le GECAS, chaith sé breis is ocht mbliana le KPMG i Londain, agus is é an ról is déanaí a bhí aige ann ná Bainisteoir Sinsearach ina gcleachtas seirbhísí airgeadais. Cuntasóir Cairte is ea Tom agus tá céim Baitsiléara Tráchtála aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



**Ambrose Loughlin**

Ceapadh Ambrose Loughlin ar Bhord an Ghrúpa i mBealtaine 2019. Bhí Ambrose ina chomhpháirtí ar feadh 22 bliana le McCann FitzGerald, ceann de na gnólachtaí dlí is mó tábhacht in Éirinn, áit ar fhóin sé i roinnt róil bainistíochta sinsearaí a raibh baint acu le hairgeadas agus riosca, agus rinne sé obair chomhairleach cliant maidir le seirbhísí airgeadais ann chomh maith.

Tá sé ina chomhalta de Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann ó 2016 i leith, agus tá sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca ann. Is comhalta é de Choiste Airgeadais AD agus Bainistíochta Sócmhainní Ollscoil Luimnigh. Idir 2013 agus 2019, bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta na Roinne Airgeadais. Tá saineolas faoi leith aige i réimsí na bainistíochta riosca agus an rialachais chorparáidigh.



**Stephen Rae**

Ceapadh Stephen Rae ar an mBord i mBealtaine, 2019. Is é Stephen bunaitheoir KOBN Cybersecurity, Climate and Compliment Advisory. Tá sé ina chathaoirleach ar AML Intelligence, an foilseachán domhanda Frith-Airgeadais Coireachta agus Comhlíonta. Tá sé ina chomhbhunaitheoir ar Callaway Climate Insights, an suíomh faisnéise gnó aeráide agus ESG. Tá Stephen ina chomhalta de chuid Bhord Maoirseachta Chumann Domhanda na bhFoilsitheoirí Nuachta, WAN-IFRA. Bhí sé ina chomhalta de chuid Ghrúpa Saineolaithe Ardleibhéil an Choimisiúin Eorpaigh ar an mBréagaisnéis Ar Líne agus ar Bhord an Fhóraim Domhanda d'Eagarthóirí.

B'eisean an chéad Phríomh-Eagarthóir Grúpa ag Independent News & Media, an grúpa meán is mó in Éirinn, áit a ndearna sé maoirseacht ar oibriúcháin ar líne an ghrúpa chomh maith le ceithre nuachtán náisiúnta. Roimhe seo, bhí sé ina eagarthóir ar dhá nuachtán náisiúnta agus ar Independent.ie. Is abhcóide cáilithe é Stephen agus bronnadh an Gradam sa Ghnó agus Ceannaireacht ón gCúrsa Stiúrthóirí in Ollscoil Cranfield air.

# Ár nAistear chuig Todhchaí Inbhuaine




I rith na bliana, lean Grúpa Aerfort na Sionainne ag léiriú ár dtiomantas don inbhuanaitheacht. I mí Mheán Fómhair sheolamar ár Straitéis Inbhuanaitheachta "*Reaching Further for Good,"* ina leagtar amach ár bhfís, ár spriocanna, agus ár ngníomhartha don tréimhse 2022-2024 faoi cheithre philéar. Is ionann na crainn taca agus an bonn lena gcabhrófar linn ár bhfís a bhaint amach chun an inbhuanaitheacht a dhaingniú i gcroílár ár ndaoine, ár ngnó agus an phobail. Leis an bplean seo, áiritheofar go mbainfimid ár spriocanna amach maidir le hastuithe carbóin a laghdú 51% faoi 2030 agus an Glan-Nialas a bhaint amach faoi 2050.

Is iad na ceithre chrann taca:

- **An Inbhuanaitheacht a Dhaingniú go Bonn**
- **Ár n-Oibríochtaí a Ghlasú**
- **Campas na Sionainne a Thógáil le bheith Inbhuaine**
- **Tionchar Pobail a Chruthú**

## An Inbhuanaitheacht a Dhaingniú go Bonn



Is iad ár ndaoine na sócmhainní is luachmhaire atá againn, agus tá siad ríthábhachtach dár rathúlacht. I mbliana, chuireamar roinnt tionscnamh foirne ar fáil lena n-áirítear feachtais earcaíochta, cláir chun tacú le forbairt fostaithe, sláinte, folláine, éifeachtúlacht fuinnimh agus an gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn.

Chuireamar oiliúint feasachta ar an athrú aeráide ar fáil dár bhfoireann freisin, a bhí curtha ar fáil ag oiliúnóir seachtrach.

Mar chuid de an inbhuanaitheacht a dhaingniú ar fud an Ghrúpa, cláraíodh leis an bhfheachtas ***Laghdaigh d'Úsáid*** a bhfuil sé mar aidhm aige tionscnaimh coigilte fuinnimh agus athruithe iompraíochta a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. Tacaíonn Rialtas na hÉireann, SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) agus Oifig na nOibreacha Poiblí (Oifig na nOibreacha Poiblí) leis an tionscnamh seo.

Bhí lúcháir orainn freisin naoi seisiún a sholáthar do bhreis is 70 ball foirne ar an bhFeasacht Chomhshaoil i gcomhar lenár gconraitheoir dramhaíola – Panda. Chlúdaigh an oiliúint topaicí lán brí, agus ina measc: Cén fáth a bhfuil an athchúrsáil níos fearr don chomhshaol agus don gheilleagar; aistear na hathchúrsála; conas is féidir linn ár gcion féin a dhéanamh chun cabhrú leis an gcomhshaol; agus áiseanna athchúrsála agus aisghabhála a mhíniú.

## Ár n-Oibríochtaí a Ghlasú

Tá a fhios againn cé chomh tábhachtach agus atá sé an tionchar atá ag ár ngnó ar an gcomhshaol a laghdú, agus táimid tiomanta go mbainfear amach an Glan-Nialas faoi 2050 ar a dhéanaí.



I mí Feabhra, shínigh Aerfort na Sionainne gealltanas glan-nialas 2050 an ACI (Airport Council International); dul isteach i 200 aerfort eile chun Dearbhú ceannródaíoch Toulouse a shíniú a threisíonn ár dtiomantas do thodhchaí glan nialasach.

I mí Aibreáin, fuair Aerfort na Sionainne creidiúnú atá aitheanta ar fud an domhain as ár n-iarrachtaí chun dul i ngleic le hastuithe carbóin trí dheimhniú ón ACI do leibhéal 1 de chlár na hEorpa um Chreidiúnú Carbóin Aerfoirt.



Mar chuid dár dtiomantas dár spriocanna maidir le laghdú 51% ar astuithe agus 50% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach do 2030, agus an Glan-Nialas faoi 2050, chláraíomar le clár deimhnithe SEAI EXEED (Sármhaitheas sa Dearadh Tíosach ar Fhuinneamh). Is éard is cuspóir an chláir cabhrú linn an fheidhmíocht fuinnimh is fearr a bhaint amach trí chur chuige caighdeánaithe a chur i bhfeidhm maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm tionscadail d'fhoirgnimh agus do phróisis nua nó uasghrádaithe.

Thugamar faoi staidéar mionsonraithe agus iniúchadh fuinnimh ar gach foirgneamh san aerfort. Leis sin, cuireadh treoir ar fáil do phlean dícharbónaithe dár n-oibríochtaí aerfoirt agus beidh clár oibre ilbhliantúil i gceist leis chun ár bhfoirgnimh a uasghrádú.

Maidir lenár bplean dícharbónaithe, tá tús curtha againn le clár aistrithe chun ár bhflít feithiclí aerfoirt, feithiclí oibríochta agus freagartha leighis a leictriú. Táimid tiomanta do 50% dár gcabhlach incháilithe a aistriú go Feithiclí Leictreacha faoi 2024.



Mar chuid dár gClár um Bainistiú Dramhaíola do 2022, chuireamar stáisiúin dramhaíola leithscartha nua i bhfeidhm ar fud na cuideachta chun foireann, tionóntaí agus custaiméirí a spreagadh lena gcuid dramhaíola a laghdú agus le níos mó nithe a athchúrsáil. Chomh maith le tionscnaimh ghinearálta agus athchúrsála chuile áit, tugadh isteach an bailiú dramhbhia agus an dramhaíl leachta sna limistéir phoiblí san aerfort. Mar chuid dár gclár um bainistiú dramhaíola chun earraí plaisteacha aonúsáide a laghdú, in 2022 chuireamar stáisiúin athlíonta uisce i ngach limistéar poiblí san aerfort.

I rith 2022, rinneamar breis is 30 tonna d'ábhair in-athchúrsáilte a athchúrsáil, lena n-áirítear thart ar 8.5 tonna den dramhaíl cairtchláir agus pacáistithe, agus 2.1 tonna den dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE). Cuireadh tús le tionscnamh nua chun an dramhbhia a athchúrsáil ó sheomraí scíthe na foirne go luath san fhómhar agus atreoraíodh 190 kg den dramhbhia le lena múiríniú. B'ionann ráta athchúrsála dramhaíola an Ghrúpa in 2022 agus 23% agus táimid tiomanta dár sprioc de 40% a bhaint amach faoi 2024.

## Campas na Sionainne a Thógáil le bheith Inbhuaine



Le linn 2022, leanamar leis an gclaochlú inbhuanaithe ar ár réadmhaoine tráchtála ar fud an Champais, ag tógáil réitigh réadmhaoine atá tíosach ar fhuinneamh ar ardchaighdeán dár gcliaint.

Níos luaithe sa bhliain, chuireamar tús lenár gclár um bonneagar luchtaithe Feithiclí Leictreacha (EV) a rolladh amach ar fud an Champais chun cabhrú le hastuithe carbóin a laghdú. Críochnaíodh obair ar fhostáisiún chun mol luchtaithe a sholáthar mar chuid de chlár níos leithne, ag soláthar roinnt pointí luchtaithe sárthapa don phobal ar fud Champas Aerfort na Sionainne.

Cuireann sé le seirbhís luacha dár gcustaiméirí agus dár bhfoireann má bhíonn tú in ann luchtú Feithiclí Leictreacha tapa agus áisiúil a sholáthar, chomh maith le comhlíonadh ár dtiomantas chun soghluaisteacht níos inbhuanaithe a éascú ar fud Champas na Sionainne agus níos faide i gcéin. Chun tacú leis seo, rinneamar urraíocht ar an scéim rothar leictreonacha CoMotion ar fud na Sionainne, inar imscaradh 50 rothar leictreonacha san iomlán, le tacaíocht ó ghnólachtaí áitiúla freisin, i mí Iúil 2022.

Ar cheann dár dtosaíochtaí faoin gcrann taca **Campas na Sionainne a Thógáil le bheith Inbhuaine**, áirítear infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar cliste nuálaíoch. I mí na Samhna, d'fhógraíomar ár gcomhpháirtíocht leis an ESB chun fiosrú a dhéanamh maidir le hionad tástála hidrigine sa tSionainn a fhorbairt. Tá sé beartaithe go léireoidh an tionscadal seo úsáid hidrigine in iompar earraí troma, tionscail agus eitlíochta agus go mbeidh sé ina chumasóir d'fhorbairt éiceachóras hidrigine i réigiún Inbhear na Sionainne.



In 2022, leanamar leis an obair atá á déanamh againn lee Future Mobility Campus Ireland (FMCI), atá lonnaithe ar Champas na Sionainne. Tá Grúpa Aerfort na Sionainne tar éis dul i gcomhpháirtíocht le cuibhreannas Pan-Eorpach ar a dtugtar 'ÉALÚ-AER,' atá Comhordaithe ag FMCI agus maoinithe ag an Aontas Eorpach, chun 'Taispeántóir Aerspás Digiteach' a fhorbairt le haghaidh córais um Bainistiú Tráchta Gan Fhoireann ón aer (UTM) a bheidh lonnaithe i gCampas na Sionainne.

Ina theannta sin, tá an Grúpa ag obair le FMCI ar staidéar freisin atá maoinithe ag Fiontraíocht Éireann chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le hingeport a fhorbairt sa tSionainn.

## Tionchar Pobail a Chruthú



Is cloch choirnéil dár straitéis inbhuanaitheachta é saol an phobail a fheabhsú. I mbliana, bhíomar bródúil as a bheith creidiúnaithe mar Aerfort a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte in éineacht le hAerfort Iarthar Éireann (Cnoc). Rinneamar é seo trí áiseanna do dhaoine scothaosta a fheabhsú agus trína bheith chomh cuimsitheach agus is féidir. Tá a fhios againn nach amháin go dtéann stádas Aerfoirt a Thacaíonn le Daoine Breacaosta chun tairbhe dár bpaisinéirí scothaosta, ach dár gcustaiméirí agus dár bhfoireann go léir, agus é ag éascú cur chun cinn na hÉireann mar thír a Thacaíonn le Daoine Breacaosta'.

Tá sé ríthábhachtach an comhshaol nádúrtha a chaomhnú agus a fheabhsú chun todhchaí níos fearr a chur i gcrích dár bplainéad.

I mí na Bealtaine, d'oscail muid ár nGairdín Bithéagsúlachta go hoifigiúil don phobal. Is í Molly McPhillips atá deich mbliana d'aois a dhear an gairdín, tar éis comórtas atá dírithe ar na bunscoileanna sa cheantar, agus tá móinéar bláthanna fiáine agus faiche bláthanna fiáine ann le bláthanna fiáine dúchasacha na hÉireann, ag soláthar foinse bia do phailneoirí. Tá óstáin beacha agus fabhtanna sa ghairdín, banc cré le haghaidh beacha geimhridh, agus carn log chun foscadh a sholáthar d'fheithidí agus chun speicis fungais atá lárnach do thimpeallacht an ghairdín a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, d'fhorbraíomar bealach siúlóide agus reatha ar Champas na Sionainne a mbeidh fostaithe agus an pobal i gcoitinne in ann taitneamh a bhaint astu.

I mbliana, lean Grúpa Aerfort na Sionainne ag tacú lena fhoireann carthanachta ainmnithe – Tacaíocht Ailse an Chláir agus Fondúireacht Sláinte Leanaí Éireann. Reáchtáil Coiste Carthanachta an Ghrúpa a chéad imeachtaí pearsanta le breis agus dhá bhliain go leith mar aon le roinnt tionscnamh tiomsaithe airgid ón bhfoireann i rith na bliana. Reáchtáladh seó faisin carthanachta na Nollag i gCaisleán agus Ionad Gailf cúig réalta Dhrom Ólainn chun airgead ríthábhachtach a bhailiú do na carthanachtaí, agus chabhraigh díolachán bácála agus crannchuir duaiseanna lenár bhfoireann €70,000 a bhailiú.






# Fáilte na Sionainne




Táthar ag beannú fáilte roimh chuairteoirí in Aerfort na Sionainne le fada an lá. Síos na blianta, fuair ceannairí domhanda, réalta scannán agus daoine cáiliúla fáilte chroíúil na Sionainne. In 2022, agus muid ag filleadh ar chruinnithe duine-le duine ní ba choitianta tar éis na paindéime, bhí an-áthas orainn ár bhflaithiúlacht a leathnú chuig raon cuairteoirí ó chríocha ar fud na cruinne.



I mí Feabhra, chuir Grúpa Aerfort na Sionainne fáilte roimh Ambasadóir nua na SA go hÉirinn le linn a cuairt tionscnaimh ar Aerfort na Sionainne ó chuir sí a cuid dintiúirí faoi bhráid an Uachtaráin, Michael D Ó hUigín, níos luaithe an mhí sin. Thug an t-Ambasadóir Claire Cronin turas speisialta timpeall an aerfoirt, lena n-áirítear gailearaí eitlíochta an aerfoirt, balla na daoine cáiliúla agus na h-aghaidheanna cáiliúla atá air. Fuair an tAmbasadóir Cronin turas freisin ar Saor ó Dhleacht Aerfort na Sionainne, an chéad ionad saor ó dhleacht ar domhan agus tugadh léiriú di ar an gcóras scagthástála slándála nua san aerfort.



Rud eile a tharla i mí Feabhra, chuir Ambasadóir na Fraince go hÉirinn, a Oirirce Vincent Guérend fáilte mhór romhainn agus bhuail sé le Mary Considine ár bPríomhfheidhmeannach agus Ray O'Driscoll, ár bPríomhoifigeach Oibríochtaí. In éineacht leis an Ambasadóir Guérend ar a chuairt ar Aerfort na Sionainne, bhí an Dr Loïc Guyon, consal oinigh don Fhrainc i réigiún Lár-Iarthair na hÉireann.



I mí na Bealtaine, ba é éirí den talamh é do chúigear mac léinn meánscoile Éireannacha ó Choláiste Naomh Flannáin, Inis, Co. an Chláir, ar chaith Grúpa Aerfort na Sionainne leo amhail is gur VIPanna iad, agus a rinne urraíocht ar a n-eitilt go Washington DC. Bhuaigh an grúpa Comórtas Lonnaíochta Spáis Ames NASA chun socrú ináitrithe sa spás a dhearadh. Dhear mic léinn fisice na cúigiú bliana, Naem Haq Adam Downes, Cian Pyne, Jack O'Connor agus Garabhan Monahan "Mag Mell".



Bhí Patrick Collison, Príomhfheidhmeannach Stripe, ar láthair ag Campas na Sionainne i mí na Bealtaine, ag scannánú do Stripe Sessions domhanda na cuideachta. Craoladh an seisiún a scannánaíodh sa tSionainn beo do na mílte fostaithe agus cliant ar fud an domhain agus leag sé béim ar stair nuálaíoch réigiún na Sionainne. Ag trácht dó ar stair na Sionainne, dúirt an tUasal Collison gur ionann scéal na Sionainne agus “scéal faoi na héifeachtaí tairbhiúla atá ag an domhandú agus an trádáil ar íseal-bhacainn”.



Síos na blianta, chuir Aerfort na Sionainne fáilte roimh go leor daoine cáiliúla, agus sin mar a bhí sé in 2022 agus an t-aisteoir agus fear grinn ó Hollywood, Bill Murray, ag taisteal tríd an aerfort chun páirt a ghlacadh i gcomórtas JP McManus Pro Am in Adare Manor. Chuir duine de Bhainisteoirí Dualgais Aerfort na Sionainne, Carmel Donnellan, fáilte roimh an aisteoir a bhfuil duaiseanna buaite aige agus é ag imeacht ón tSionainn chun eitilt abhaile go SAM.



Tháinig tríocha scairdeitleán phríobháideacha a bhí ag iompar cuid de na galfairí is fearr ar domhan anuas i dtír i Sionainn i mí Iúil, chun páirt a ghlacadh sa JP McManus Pro-Am a bhfuil clú agus cáil domhanda air. I measc na réaltaí ón domhan gailf a tháinig i dtír i Sionainn bhí Tiger Woods, Rory McIlroy, John Rahm, Jordan Spieth agus Bryson DeChambeau. Bhí baill de Sheirbhís Dóiteáin Phóilíneachta Aerfort na Sionainne i láthair chun bualadh leis na galfairí, agus iad ag baint leasa as scairdsheirbhísí corparáideacha Aerfort na Sionainne a chuir oibreoirí bonn seasta an aerfoirt ar fáil.



Chuir Grúpa Aerfort na Sionainne fáilte roimh aoi speisialta chuig gailearaí eitlíochta an aerfoirt i mí Mheán Fómhair chun taispeántas íocónach nua a fheiceáil. Chaith an Captaen Dmytro Antonov, Príomh-Phíolótach le haghaidh Antonov Airlines, a bhfuil an t-ainm céanna air agus an chuideachta aerárthach cháiliúil ón Úcráin, am ag tabhairt cuairte ar an mbailiúchán is mó ar domhan de eitleáin mhúnla dítheilgthe tar éis dó eitilt isteach sa tSionainn ar an Antonov AN 124. Ba chúis ionraic a bhí leis – féachaint ar shamhail annamh scála den eitleán is mó a tógadh riamh – an Antonov AN-225, aerárthach a raibh Dmytro é féin ina chaptaen air le blianta fada.



I mí Mheán Fómhair, tháinig Nancy Pelosi, Cainteoir Tí Theach na nIonadaithe sna SAM ag an am, i dtír ag Aerfort na Sionainne le haghaidh cruinnithe le hAmbasadóir na SA, Claire Cronin. Chuir foireann Ghrúpa Aerfort na Sionainne fáilte roimh Cainteoir an Tí Pelosi agus an Ambasadóir Cronin agus iad ag teacht le chéile i Seomra Uachtaráin an aerfoirt le haghaidh plé.



I mí na Samhna, d'óstáil Grúpa Aerfort na Sionainne imeacht líonraithe d'iomaitheoirí deiridh Ghradaim Ghnó Chumann Tráchtála na Gaillimhe. D'fhreastail breis agus 20 gnóthas ar an ngearrliosta ó na tionscail teicneolaíochta, fáilteachais, siamsaíochta, miondíola agus cúram sláinte ar an imeacht ag Aerfort na Sionainne, roimh ghradaim Chumann Tráchtála na Gaillimhe, arna urrú ag Grúpa Aerfort na Sionainne.



**Grúpa na Sionainne cpt**

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2022**

**Clár Ábhar**

Tuarascáil na Stiúrthóirí ....26
Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas....30
An ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais....47
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Bhaill Ghrúpa na Sionainne cpt ....48
Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais....51
Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach Eile....52
Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais....53
Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais....54
Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe i gCaipiteal Gnáthscaireanna....55
Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe i gCaipiteal Gnáthscaireanna....56
Ráiteas Comhdhlúite ar an Sreabhadh Airgid....57
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na Cuideachta....58
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais....59

**Tuarascáil na Stiúrthóirí**
Leis seo, déanann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis chomhdhlúite airgeadais iniúchta Ghrúpa na Sionainne cpt (ag trádáil dó mar "Ghrúpa Aerfort na Sionainne") agus a fhochuideachtaí ("an Grúpa") don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 a chur i láthair.

**Príomhghníomhaíochtaí**
Déanadh corprú ar Ghrúpa na Sionainne ("an Chuideachta") ar an 29 Lúnasa 2014 agus tar éis achtú a dhéanamh ar Acht na nAerfort Stáit (Grúpa na Sionainne) 2014 ("Acht Ghrúpa na Sionainne") ar an 5 Meán Fómhair 2014 bunaíodh an Grúpa.

Is fochuideachtaí de chuid na Cuideachta iad CGA Údarás Aerfort na Sionainne ("Aerfort na Sionainne") agus CGA Fiontair Thráchtála na Sionainne ("Fiontair Thráchtála na Sionainne"). Is fochuideachta de chuid Fhiontair Thráchtála na Sionainne é CGA Oidhreacht na Sionainne ("Oidhreacht na Sionainne"). Is fochuideachtaí do CGA Údarás Aerfort na Sionainne iad CGA Iontaobhas Corparáideach Pinsin SAA agus CGA Seirbhísí Airgeadais Údarás Aerfort na Sionainne.

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa ná oibriú, bainistiú agus forbairt Aerfort na Sionainne ("an tAerfort"), bainistiú agus forbairt na punainne fairsing maoine tráchtála atá ag Fiontair Thráchtála na Sionainne, ar a n-áirítear Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, agus oibriú na láithreán oidhreachta agus turasóireachta a ndéanann Oidhreacht na Sionainne (atá aicmithe anois mar á sealbhú lena díol) iad a bhainistiú.

Seachas rangú oibríochtaí DAC Oidhreacht na Sionainne mar ghrúpa diúscartha atá á choinneáil le díol, ní raibh aon athrú suntasach ar phríomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa i rith na bliana.

**Athbhreithniú ar an ngnó agus ar fhorbairtí amach anseo**
Is cuideachta stáit é Grúpa na Sionainne cpt a bhfuil sainordú soiléir tráchtála aige. Is í aidhm an Ghrúpa cur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar sheirbhísí aeriompair agus eitlíochta in Aerfort na Sionainne agus ina thimpeall, agus barrfheabhsú a dhéanamh ar an mbrabús ar a shócmhainní talún agus maoine.

Anuas ar an eolas a áirítear go díreach sa tuarascáil seo, tá miontráchtaireachtaí ar fheidhmíocht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 ar a n-áirítear eolas ar imeachtaí a tharla le déanaí, forbairtí ar dócha iad a bheith i ndán don ghnó agus príomhtháscairí feidhmíochta, a bhfuil gá leo de réir Acht na gCuideachtaí 2014, in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin.

Shínigh an Grúpa Ceannteidil Téarmaí neamhcheangailteacha le Comhairle Contae an Chláir ("an Chomhairle") chun gnó Oidhreacht na Sionainne ar fad agus gach ní is díol spéise do chuairteoirí i gContae an Chláir a aistriú don Chomhairle. Le linn 2021, chuir Oidhreacht na Sionainne deireadh lena comhaontuithe bainistíochta dá nithe is díol spéise do chuairteoirí i mBaile Átha Cliath. D'aistríodh Caisleán Luimnigh go Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an 4 Aibreán 2022. Tar éis an dul chun cinn atá déanta maidir leis an aistriú seo i rith na bliana a bhreith, tá gnó Oidhreacht na Sionainne rangaithe mar ghrúpa diúscartha arna gcoinneáil lena dhíol amhail an 31 Nollaig 2022.

**Torthaí don bhliain**
Tá na stiúrthóirí sásta le feidhmíocht an Ghrúpa don bhliain. Tá torthaí an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022 leagtha síos sa Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais ar leathanach 51 agus sna nótaí a bhaineann leis.

Agus monatóireacht á dhéanamh ar fheidhmíocht an Ghrúpa, tógann na stiúrthóirí agus lucht bainistíochta ceann de réimse de tháscairí feidhmíochta ar a n-áirítear iad seo a leanas:

Sócmhainní Iomlána
Líon na bpaisinéirí ag an Aerfort
Líon na gcuairteoirí ar Oidhreacht na Sionainne
Láimhdeachas
EBITDA (tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh)
Brabús/(caillteanas) roimh cháin

**Tuarascáil na Stiúrthóirí *(ar leanúint)***

**Torthaí don bhliain *(ar leanúint)***
Brabús/(caillteanas) tar éis cánach
Glan-staid airgid
Caiteachas caipitiúil
Fáltais ó dhíolacháin chaipitil

Chláraigh an Grúpa brabús comhdhlúite de €15.7 milliún (iarchánach) (2021: €26 milliún) tar éis €0.3 milliún a chlárú ar oibríochtaí scortha (Nóta 8). Ba é an láimhdeachas comhdhlúite ó gach oibríocht don bhliain ná €73.3 milliún (2021: €40.5 milliún). Ba é líon na bpaisinéirí aerfoirt don bhliain ná 1,518,000 (2021: 380,000) agus chuir láithreacha Oidhreachta fáilte roimh os cionn 383,000 cuairteoir sa bhliain (2021: 495,000).

Is ionann EBITDA[1] an Ghrúpa don bhliain, roimh mhíreanna eisceachtúla, agus €16.5 milliún (2021: €8.6 milliún). Meastar an toradh seo a bheith sásúil i gcomhthéacs théarnamh an Ghrúpa ó phaindéim Covid-19.

Tá cúlchistí airgid ag an nGrúpa le freastal ar a riachtanais oibriúcháin agus ar chaiteachas athfhillteach caipitil ghearrthéarmach, le taisce glan airgid tirim de €57.4 milliún ag deireadh bliana (2021: €62.2 milliún). B'ionann na hiasachtaí iomlána bainc sheachtracha agus €26.9 milliún ag dáta dheireadh na bliana (2021: €29.6 milliún) (Nóta 22). Níor tarraingíodh anuas aon iasachtaí bainc seachtracha in 2022.

Feictear go bhfuil infheistíocht i dtionscadail infheistíochta caipitiúla riachtanach le hinbhuanaitheacht an Ghrúpa a chinntiú. Faoi mar atá le feiceáil sa Ráiteas Comhdhlúite ar an Sreabhadh Airgid chaith an Grúpa €21.6 milliún ar thionscadail chaipitil sa Ghrúpa iomlán sa bhliain (2021: €15.9 milliún). Ina theannta sin réadaigh an Grúpa fáltais de €0.9 milliún i ndiúscairt chaipitil i rith na bliana (2021: €20.5 milliún).

**Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí**
Tá na réimsí príomhúla riosca agus éiginnteachta a bhféadfadh tionchar ábhartha agus drochthionchar a bheith acu ar bhrabús oibriúcháin nó staid airgeadais an Ghrúpa, chomh maith leis na straitéisí atá ann chun iad sin a mhaolú, leagtha amach sa Tuarascáil ar an Riosca agus an Rialachas ar leathanach 30.

**Stiúrthóirí agus an rúnaí agus a leasa**
Tá ainmneacha na daoine a bhí ina stiúrthóirí le linn na bliana leagtha amach ar leathanach 38. Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí in oifig ar 31 Nollaig 2022 i scaireanna Ghrúpa na Sionainne cpt nó a fhochuideachtaí ag tús na bliana nó ar dháta a gceapacháin, más níos déanaí é sin, nó ag deireadh na bliana.

[1] Ríomhtar EBITDA an Ghrúpa mar seo a leanas - €'000

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin roimh ioncam/(costais) eile | 9,404 | 1,017 |
| Dímheas agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 8,517 | 7,745 |
| Amúchadh deontas caipitil | (1,406) | (506) |
| Ioncam oibriúcháin eile (deontais um Oidhreacht na Sionainne ón rialtas) | - | 315 |
| **EBITDA** | **16,515** | **8,571** |

**Tuarascáil na Stiúrthóirí** *(ar leanúint)*

**Taifid chuntasaíochta**
Creideann na stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis tar éis déanamh de réir riachtanais Ailt 281 go dtí 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifead cuntasaíochta imleor a choimeád trí phearsanra cuntasaíochta a fhostú le saineolas iomchuí agus trí go leor acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifead ar chuntais na Cuideachta ag Aerfort na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir.

**An Coiste Iniúchóireachta**
Tá coiste iniúchóireachta agus riosca bunaithe ag an nGrúpa. Nochtar sonraí an choiste seo sa Tuarascáil Riosca agus Rialachais.

**An taighde agus an fhorbairt**
Ní thugann an Grúpa faoi ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha.

**Gnóthas leantach**
Creideann na stiúrthóirí go bhfuil acmhainní airgeadais imleor ar fáil le ceadú don Ghrúpa agus Cuideachta freastal ar a oibleagáidí de réir mar a bhíonn siad dlite, ag clúdach tréimhse suas go dtí an 31 Márta 2024. Tá athbhreithniú déanta ag na stiúrthóirí ar réamh-mheastacháin an Ghrúpa, agus iad ag teacht ar a dtuairim, le tagairt ar leith do leachtacht an Ghrúpa, sreafaí airgid oibriúcháin, méideanna ionchasacha paisinéirí, tacaíochtaí rialtais agus saoráidí bainc atá ann cheana féin. Dá bharr sin, tá na stiúrthóirí ag leanúint leis an mbonn mar ghnóthas leantach a ghlacadh agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu.

**Dualgais bhreise chomhlíontachta**
Comhlíonann an Grúpa an Rialachas Corparáideach agus na dualgais eile atá leagtha síos ag Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. Déanann an Grúpa freastal ar a dhualgais faoi reachtaíocht eile ar a n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do, an tAcht Míchumais, 2005, an tAcht um Brústócaireacht a Rialáil, 2015 agus an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Tá an Grúpa tar éis Polasaí um Nochtadh Cosanta a chur i bhfeidhm de réir riachtanais An Achta um Nochtadh Cosanta 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2022. Tugtar achoimre ar an sásra mar ar féidir le fostuithe an Ghrúpa a n-imní a chur in iúl nach féidir a réiteach mar is cóir trí na ngnáthbhealaí nó le nochtuithe a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2022, laistigh den Pholasaí um Nochtadh Cosanta. Is féidir gach nochtadh eolais ag fostaithe a ardú chuig bainisteoir líne an fhostaí nó Acmhainní Daonna de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos sa pholasaí.

Chomh maith leis sin, tá an Grúpa tiomanta do chearta agus príobháideacht na ndaoine indibhidiúla a chosaint de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2018 agus gach reachtaíocht a bhaineann leo.

**Sláinte, Sábháilteacht, Slándáil agus Comhshaol**
Déantar folláine fhostaithe an Ghrúpa a chosaint trí chloí go docht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Leagann an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 dualgais áirithe ar fhostóirí agus ar gach cuideachta ábhartha laistigh den Ghrúpa gach céim a ghlacadh lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht seo.

Tá ceisteanna sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil thar a bheith tábhachtach laistigh den Ghrúpa. Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir réimse de dhlíthe, rialacháin agus caighdeáin déine sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil. Sa chás go sárófaí aon dlí nó rialachán acu is féidir go ngearrfaí pionós ábhartha ar an nGrúpa agus go bhféadfar go mbeadh drochthionchar ábhartha aige ar ghnó an Ghrúpa.

**Tuarascáil na Stiúrthóirí** ***(ar leanúint)***

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas**
Is é polasaí an Ghrúpa déanamh de réir fhorálacha Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 mar a leasaíodh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012. Is iad na téarmaí caighdeánacha creidmheasa, mura sonraítear a mhalairt i gcomhaontú sonrach chonartha, ná 30 lá. Tá rialuithe oiriúnach airgeadais inmheánach ann, ar a n-áirítear róil agus freagrachtaí atá sainmhínithe go soiléir agus déantar athbhreithniú rialta ar chleachtais íocaíochta. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo cinnteacht, cé nach cinnteacht iomlán é, in aghaidh neamhchomhlíontacht ábhartha na rialachán.

**Deonacháin pholaitiúla**
Ní dhearna an Grúpa agus an Cuideachta aon deonachán polaitiúil ná aon chaiteachas polaitiúil i rith na bliana.

**Eolas ábhartha iniúchóireachta**
Rinne gach stiúrthóir a bhí in oifig ar dháta na tuarascála seo a dheimhniú an méid seo a leanas:

- Chomh fada agus is eol do gach stiúrthóir, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoi, agus
- Gur ghlac gach stiúrthóir na céimeanna go léir ar chóir dó a ghlacadh mar stiúrthóir chun a bheith ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóirí reachtacha an Ghrúpa ar an eolas faoin eolas sin.

**Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí**
Aithníonn na stiúrthóirí, de réir Alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, go bhfuil freagracht orthu as comhlíontacht na Cuideachta a chinntiú maidir le dualgais áirithe atá sonraithe sa rannóg sin a éiríonn as Acht na gCuideachtaí 2014, agus faoi na dlíthe Cánach ('dualgais ábhartha'). Deimhníonn na stiúrthóirí:

- gur cuireadh ráiteas ar pholasaí comhlíontachta an Ghrúpa le chéile ina leagtar síos na polasaithe maidir lena leithéid de chomhlíontacht;
- gur ann do shocruithe agus struchtúir iomchuí a ceapadh, dar leo, le comhlíontacht ábhartha a bhaint amach maidir le dualgais ábhartha na Cuideachta, agus
- go ndearnadh athbhreithniú ar shocruithe agus struchtúir a cuireadh ann le comhlíontacht na Cuideachta ar a dhualgais ábhartha a bhaint amach.

**Imeachtaí ina dhiaidh sin**
Níor tharla aon imeachtaí suntasach a raibh tionchar acu ar an nGrúpa i ndiaidh dheireadh na bliana.

**Iniúchóir**
I rith na bliana, d'éirigh an t-iniúchóir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, as oifig de réir alt 400 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 agus tháinig Ernst & Young, Cuntasóirí Cairte, isteach ina ionad.

Thar ceann an Bhoird

| | | |
|---|---|---|
| *Conal Henry* | *Mary Considine* | *23 Márta 2023* |
| *Stiúrthóir* | *Stiúrthóir* | |

**Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas**

**An Bhainistíocht Riosca**
Glacann an Bord lena bhfreagracht as an mbainistíocht riosca, lena n-áirítear déanamh amach cad é nádúr agus méid na rioscaí suntasacha atá roimh an nGrúpa atá sé sásta glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla a bhaint amach. Chun dul i ngleic leis seo, tá córas bainistíochta riosca curtha i mbun ag an mBord lena n-éascaítear an t-aitheantas atá fós ar siúl, an meastóireacht leanúnach agus an forfheidhmiú leanúnach de ghníomhaíochtaí agus rialaitheoirí maolaitheacha, chomh maith le monatóireacht agus tuarascáil ar rioscaí suntasacha laistigh den Ghrúpa. Tá an Bord tiomanta do bhainistíocht réamhghníomhach ar riosca agus tá próisis ann a ceapadh le coinne a bheith le agus aghaidh a thabhairt, chomh fada agus is féidir é, ar athruithe i dtimpeallacht ghnó agus riosca an Ghrúpa. Déanann an próiseas bainistíochta riosca a chinntiú go n-aithníonn an Grúpa rioscaí chriticiúla a mbeadh sé neamhchosanta orthu a aithint agus a chinntíonn go nglactar céimeanna iomchuí le riosca a mhaolú. Tá éifeachtacht na bainistíochta riosca faoi réir athbhreithnithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca.

Tá an lucht bainistíochta freagrach as na rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a aithint agus a mheasúnú in éineacht le rialuithe oiriúnacha inmheánacha a dhearadh agus a oibriú. Úsáidtear cláir rioscaí lena chinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheas, a thaifead agus a thuairisciú go leanúnach i ngach feidhm den ghnó. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca maoirseacht ar an bpróiseas maidir le rioscaí straitéiseacha, airgeadais agus comhlíontachta agus maoirseacht á dhéanamh ag an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil maidir le rioscaí oibriúcháin agus comhlíonta i réimsí sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil.

Tá córas bainistíochta riosca an Ghrúpa faoi réir athbhreithnithe agus feabhsúcháin go leanúnach d'fhonn fanacht éifeachtach i dtimpeallachtaí gnó atá ag athrú.

**Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí**
Mar chuid den phróiseas le riosca a aithint, tá na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta a bhféadfadh tionchar ábhartha agus drochthionchar a bheith acu ar oibriúcháin nó staid airgeadais an Ghrúpa aitheanta. Tá achoimre ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí in éineacht leis na straitéisí atá á nglacadh le laghdú a dhéanamh ar na rioscaí sin leagtha amach thíos. Níl na rioscaí agus na héiginnteachtaí in aon ord ar leith agus níl sé i gceist go mbeadh an liosta ina anailíse iomlán ar gach riosca agus éiginnteacht a éireodh i ngnáthchúrsaí gnó. Déantar na rioscaí agus na héiginnteachtaí a mheas ar bhonn leanúnach agus tugann an bhainistíocht tuairisc don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, don Choiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil agus don Bhord maidir le hathruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó agus eachtrach, a mbíonn tionchar acu ar na rioscaí agus na héiginnteachtaí a aithnítear.

**An Iomaíocht**
Tá an Grúpa ag feidhmiú i dtimpeallacht atá an-iomaíoch, go háirithe maidir le hoibriú aerfoirt idirnáisiúnta.

*Tosaíocht Straitéiseach*
An Nascacht a Thabhairt Ar Ais agus a Fhás

*Tionchar*
D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag infheistíocht in acmhainn bhreise infreastruchtúir, nuálaíocht agus polasaí praghsála ár gcuideachtaí ar sciar den mhargadh an Ghrúpa a aisghabháil go brabúsach.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí *(ar leanúint)***

**Iomaíochas *(ar leanúint)***

*Maolú*

- Tá lucht bainistíochta an Ghrúpa ar an eolas maidir le tionchar iomaíochta ó aerfoirt, ó réigiúin agus ó thíortha eile ar fheidhmíocht Aerfort na Sionainne.
- Coinníonn an lucht bainistíochta faoi réir athbhreithnithe ar an luach a thairgeann an Grúpa agus cuireann siad scéimeanna dreasachta tarraingteacha ar fáil d'aerlínte chun nascacht a thabhairt ar ais agus a mhéadú.
- Tá béim fós curtha ar bhonn costais an Aerfoit, lena chinntiú go mbíonn sé éifeachtach agus in-oiriúnaithe d'éilimh an ghnó.
- Tiomantas an rialtais maidir leis an bhforbairt réigiúnach ar bhonn cothrom faoi mar atá leagtha síos sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus tá an Grúpa ag obair lena scairshealbhóir agus le scairshealbhóirí éagsúla chun deimhniú go bhfuil aon Beartas Eitlíochta Náisiúnta ailínithe ina thaobh sin.
- Teagmháil leanúnach le scairshealbhóir an Ghrúpa chun athrú buan a chinntiú ar na critéir incháilitheachta do Chlár an Aerfoirt Réigiúnaigh.

**An Fheidhmíocht Ghnó**

Tá ioncam an Ghrúpa íogair ó thaobh dálaí iomaíochta, eacnamaíochta agus geopholaitiúla, lena n-áirítear an choimhlint leanúnach idir an Rúis agus Úcráin, sna margaí agus sna hearnálacha ina mbíonn sé ag feidhmiú. Eochairthoisc a mbíonn tionchar aici ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa is ea líon na bpaisinéirí agus líon na ngluaiseachtaí aerárthach ag Aerfort na Sionainne agus cumas an Ghrúpa chun a ioncam neamh-aerloingseoireachta a choinneáil agus a fhás.

Tá an Grúpa nochta freisin maidir le harduithe costais ag éirí as nádúr a bhonn costais oibríochta, lena n-áirítear méaduithe sa chostas fuinnimh, agus é nochta do chostais bhreise ag freagairt d'athruithe rialála.

*Tosaíocht Straitéiseach*

Brabúsacht Mharthanach
An Phunann Maoine a Bharrfheabhsú
Sábháilteacht agus Rialáil, Sármhaitheas Oibriúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí

*Tionchar*

D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag méadú ar iomaíocht, laghdú ar éileamh tomhaltais agus imeachtaí eacnamaíoch/geopholaitiúla ar fud an domhain, ar leibhéal foriomlán an ioncaim a ghineann an Grúpa. Ina theannta sin, beidh torthaí diúltacha ar an sreabhadh airgid mar thoradh ar bhoilsciú costais.

*Maolú*

- Feidhmíonn an Grúpa córais láidre rialuithe gnó agus airgeadais (ar a n-áirítear breithmheas caipitil) le tuairisciú rialta ar fheidhmíocht airgeadais, comharthaíocht luath ar imeacht ábhartha ón bplean agus an aonad bainistíochta gnó freagrach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.
- Tá an Grúpa dírithe ar phróisis a fheabhsú go leanúnach le héifeachtúlacht a thiomáint, solúbthacht a fheabhsú agus a bhonn costais a bhainistiú go réamhghníomhach.
- Tá an Grúpa dírithe ar chéimeanna réamhghníomhacha bainistíochta a ghlacadh agus a leanadh le straitéisí maithe tráchtála a chur i bhfeidhm le líon na bpaisinéirí a thagann trí Aerfort na Sionainne a thabhairt ar ais, agus fágfar dá réir go dtiocfaidh méadú ar ioncam, agus tá sé dírithe chomh maith ar an ioncam neamh-phaisinéirí a fhás.
- Tá próisis ag an nGrúpa lena chinntiú go bhfanann sé suas chun dáta le treochtaí an mhargaidh réadmhaoine agus tá sé dírithe ar chothabháil agus uasghrádú a réadmhaoine trí chlár infheistíochta le freastal ar ionchais a chustaiméirí.
- Déanann an Grúpa athbhreithniú rialta ar na táirgí a bhíonn á dtairiscint aige do chustaiméirí lena chinntiú go mbíonn siad ábhartha, tarraingteach agus go mbíonn luach ar airgead ag baint leo.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas** ***(ar leanúint)***

**Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí** ***(ar leanúint)***

**An Geilleagar**
Athrú suntasach ar an dearcadh eacnamaíoch a fhágann go mbeidh moilliú eacnamaíoch leanúnach ann.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Brabúsacht Mharthanach
Sábháilteacht agus Rialáil, Sármhaitheas Oibriúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí

*Tionchar*
Féadfar drochtionchar a bheith aige sin ar fheidhmíocht ghnó agus airgeadais an Ghrúpa.

*Maolú*
- Feidhmíonn an Grúpa córais láidre rialuithe gnó agus airgeadais (ar a n-áirítear breithmheas caipitil) le tuairisciú rialta ar fheidhmíocht airgeadais, comharthaíocht luath ar imeacht ábhartha ón bplean agus an aonad bainistíochta gnó freagrach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.
- Cé gur costais sheasta atá i gceist le cionroinnt shuntasach de bhonn chostais an Ghrúpa, tá an Grúpa dírithe ar phróisis a fheabhsú go leanúnach le héifeachtúlacht a thiomáint, solúbthacht a fheabhsú agus a bhonn costais a bhainistiú go réamhghníomhach.
- Tá an Grúpa ag obair chun a bhonn ioncaim nach mbaineann le paisinéirí a éagsúlú.
- Glacann an Grúpa bearta láithreacha chun tionchar airgeadais imeachtaí ábhartha ar a ghnó a mhaolú.

**Infheistíochtaí agus acmhainneacht**
Tá bainistíocht agus oibriú aerfoirt agus punann réadmhaoine dian ar chaipiteal de réir a nádúr.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Brabúsacht Mharthanach
An Phunann Maoine a Bharrfheabhsú

*Tionchar*
Agus aitheantas á thabhairt don dualgas atá orainn maidir le páirtithe leasmhara, tá an baol ann go ndéanfaí infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí aerloingseoireachta agus gníomhaíochtaí rialáilte eile, in uasghrádú agus forbairt réadmhaoine infheistíochta, nach mbainfeadh amach na rátaí brabúis ná sreafaí airgid a bheadh riachtanach nó a mbeadh bearnúchán ag baint leo.

*Maolú*
- Tá an Grúpa tar éis a dhúil maidir le riosca a shocrú i leith infheistíochtaí tráchtála agus leibhéil lamháltais airgeadais socraithe dá réir.
- Bíonn cinntí maidir le hinfheistíochtaí i ngníomhaíochtaí aerloingseoireachta agus i ngníomhaíochtaí rialáilte eile, in uasghrádú ar réadmhaoin infheistíochta bunaithe ar ionchur ar bhonn fianaise agus faoi réir faofa an Bhoird.
- Tá clár cothabhála agus athshlánaithe ann maidir leis na príomhshóchmhainní, ar a n-áirítear struchtúr pábhála aerpháirce, maoin tráchtála agus sócmhainní eile atá criticiúil ó thaobh oibríochta de.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas** ***(ar leanúint)***

**Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí** ***(ar leanúint)***

**Tionscadail chaipitil**

Tá pleananna ag an nGrúpa le tuilleadh infheistíochta suntasach caipitil a dhéanamh ag teacht lena Phlean Straitéiseach.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Brabúsacht Mharthanach
An Phunann Maoine a Bharrfheabhsú
Sábháilteacht agus Rialáil, Sármhaitheas Oibriúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí

*Tionchar*
Tá rioscaí ann a bhaineann le soláthar tionscadal caipitil suntasach lena n-áirítear an tráthúlacht, an costas (boilsciú praghsanna tógála san áireamh), an tsláinte agus an tsábháilteacht agus an riosca go dteipfear orainn na cuspóirí a bhíomar ag dúil leo a bhaint amach.

*Maolú*

- Tá gnáthaimh shainithe socraithe le haghaidh na bainistíochta clár ar an infheistíocht chaipitiúil, le haghaidh na bainistíochta tionscadal agus na bainistíocha conartha agus soláthróra.
- Déantar monatóireacht dhian ar gach tionscadal caipitil lena chinntiú go seachadtar iad seo laistigh den bhuiséad, de réir éilimh an mhargaidh agus de réir na rialachán ábhartha go léir e.g. rialacháin sláinte agus sábháilteachta.

**Spleáchas ar bhunchustaiméirí**

Tá an dóchúlacht a bhaineann le gluaiseachtaí aerthráchta ag Aerfort na Sionainne amach anseo ag brath go mór ar straitéisí an todhchaí agus neart airgeadais chustaiméirí na bpríomh-aerlínte.

*Tosaíocht Straitéiseach*
An Nascacht a Thabhairt Ar Ais agus a Fhás

*Tionchar*
Sa chás go gcaillfí ceann amháin nó níos mó de na custaiméirí seo, go dtarlódh laghdú suntasach ar théarmaí nó ar tháillí tráchtála nó athruithe ar threo straitéiseach bhunchustaiméirí mar athstruchtúrú líonraí na mbealach, comhdhlúthú breise thionscal na n-aerlínte nó athrú úinéireachta nó rialaithe chustaiméirí aerlíne suntasach, d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa.

*Maolú*

- Tá an Grúpa tar éis caidreamh láidir a fhorbairt le príomhchustaiméirí trí dhíriú ar an tseirbhís do chustaiméirí agus an iomaíochas costais.
- Tá an Grúpa dírithe ar choinneáil suas le forbairtí sna tionscail aerlíne agus le hiomaíochas a thairisceana agus oiriúnacht a áiseanna do riachtanais a chustaiméirí reatha agus ionchasacha.
- Tá éagsúlú tairisceana tháirge an Ghrúpa, ag díriú ar chustaiméirí nua agus ar shruthanna ioncaim nua a fhorbairt mar phríomhchuspóirí ag an nGrúpa le teorainn a chur leis an spleáchas ar bhun-chustaiméirí.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí *(ar leanúint)***

**An leachtacht agus an cistiú**

Tá an Grúpa gan chosaint ar rioscaí áirithe airgeadais agus ciste, ar a n-áirítear athrú ar rátaí úis, rioscaí creidmheasa agus rioscaí leachtachta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil i Nóta 24 ar na rioscaí a bhaineann le hairgeadas agus ciste.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Brabúsacht Mharthanach
An Phunann Maoine a Bharrfheabhsú

*Tionchar*
D'fhéadfadh drochthionchar airgeadais a bheith ag athruithe suntasacha ar rátaí úis nó ag contrapháirtithe ag teip nó ag loiceadh ar a ndualgas, ar an nGrúpa.

*Maolú*
- Oibríonn an Grúpa córais láidre rialaithe gnó agus airgeadais le tuairisciú rialta ar shreabhadh airgid oibríochtúil agus ar staid an iarmhéid airgid, le comharthaíocht luath ar athrú ábhartha ón bplean agus déantar athbhreithniú lena chinntiú go gcoimeádtar leachtacht sa ghearr agus sa bhfadtéarma.
- Glactar cur chuige stuama maidir le leachtacht a bhainistiú ar a n-áirítear cistiú ar riachtanais suntasacha infheistíochta.

**An Cistiú**

Tá pleananna ag an nGrúpa le tuilleadh infheistíochta suntasach caipitil a dhéanamh a bhfuil gné straitéiseach i gceist leis. Tá an cumas an plean infheistíochta seo a chur i bhfeidhm ag brath ar chistiú a bheith ar fáil ó fhoinsí éagsúla, is iad sin breis fiachais bhainc, réadmhaoin neamhlárnach a dhiúscairt, tacaíocht ón rialtas, brabús oibriúcháin athfhillteach agus acmhainní airgid an Ghrúpa. Ní féidir a bheith cinnte de go mbeidh gach ceann de na foinsí maoinithe se oar fáil le freastal ar na riachtanais infheistíochta atá beartaithe.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Brabúsacht Mharthanach
An Phunann Maoine a Bharrfheabhsú
Sábháilteacht agus Rialáil, Sármhaitheas Oibriúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí

*Tionchar*
Sa chás nach bhféadfaí teach tar na foinsí maoinithe pleanáilte bheadh drochthionchar suntasach airgeadais aige sin ar phleananna infheistíochta caipitil an Ghrúpa a thabhairt i gcrích.

*Maolú*
- Coimeádann an Grúpa comhchaidreamh éifeachtach le hinstitiúidí airgeadais.
- Coimeádann an Grúpa rótharraingt bhainc le maoiniú a dhéanamh ar riachtanais chaipitil oibre a Aerfoirt agus íosmhéid airgid ar láimh ar fud an Ghrúpa lena chinntiú gur féidir leis maoiniú a dhéanamh ar riachtanais oibriúcháin agus chaipitil.
- Déanann an Grúpa rianú agus tuairisciú ar phríomhthionscnaimh le cistí a ghiniúint m.sh. diúscairt réadmhaoine, pleananna bailithe fiachais agus saor-shreabhadh airgid.
- Oibríonn an Grúpa córais láidre rialaithe gnó agus airgeadais le tuairisciú rialta ar shreabhadh airgid oibríochtúil agus ar staid an iarmhéid airgid, le comharthaíocht luath ar athrú ábhartha ón bplean agus déantar athbhreithniú lena chinntiú go gcoimeádtar leachtacht.
- Bíonn an Grúpa i dteagmháil go rialta lena mhaoinitheoirí maidir lena oibleagáidí maoinithe reatha a fhreastal agus aon fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag an gnólacht mar gheall ar a chumas aisíocaíochtaí a dhéanamh agus a chuid conarthaí airgeadais.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí *(ar leanúint)***

**An Leanúnachas gnó**

Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir rioscaí oibriúcháin agus imeachtaí eile nach mbíonn coinne leo mar drochaimsir, dóiteán, tuillte, cliseadh córas meicniúil, cliseadh teicniúil, tarluithe geopholaitiúla, cibearionsaithe agus sceimhlitheoireacht. D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar oibríochtaí freisin de bharr gníomhaíochta tionsclaíoch inmheánach nó tríú páirtí.

*Tosaíocht Straitéiseach*

Brabúsacht Mharthanach

*Tionchar*

D'fhéadfadh cur isteach ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus tráchtála tionchar suntasach airgeadais agus/nó clú a bheith acu ar an nGrúpa agus a fhágáil go mbeadh dliteanais féideartha dleathacha ag an nGrúpa.

*Maolú*

- Déanann an Grúpa iarracht ar dheireadh a chur le riosca neamhleanúnachais seirbhíse trí chórais láidre agus pleananna leanúnachais ghnó a bheith aige. Sa chás go gcuireann imeachtaí isteach go suntasach ar sheirbhísí, cuireann an Grúpa a phleananna leanúnachais gnó i bhfeidhm d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar an chur isteach.
- Tá árachas socraithe chomh maith le haghaidh himeachtaí áirithe a d'fhéadfadh tarlú gan choinne.
- Caidrimh oibre láidre agus prótacal daingean i bhfeidhm le gnólachtaí agus gníomhaireachtaí Stáit éagsúla chun déileáil le galair thógálacha agus le bagairtí ar an tsláinte poiblí chun a chinntiú go bhfuil bearta cosanta sábháilteachta iomchuí i bhfeidhm chun riachtanais ghnó an Ghrúpa a chomhlíonadh.

**Bainistiú riosca tallainne**

Tá an Grúpa ag brath ar cháilíocht, ar chumas agus ar thiomantas na bpríomhphearsanra bainistíochta d'fhonn an gnó a choimeád, a fhorbairt agus a fhás ag teacht lena phríomhchuspóirí.

*Tosaíocht Straitéiseach*

An Rath a Bhaint Amach Sa Ghnó le Scothfhostaithe.

*Tionchar*

Is féidir go mbeadh spriocanna fáis i mbaol mar gheall ar nár éirigh leat príomhphearsanra le taithí agus scileanna iomchuí a mhealladh, a earcú, a choimeád agus a bhainistiú.

*Maolú*

- Tá próisis láidre earcaíochta agus polasaithe éifeachtacha bainistíochta acmhainní daonna ag an nGrúpa in éineacht le pleanáil straitéiseach don fhórsa oibre lena chinntiú go mbíonn acmhainní oiriúnacha ann le freastal ar riachtanais ghnó an Ghrúpa.

**Caighdeáin oibríochta**

Tá sé de dhualgas ar an nGrúpa caighdeáin oibriúcháin agus cáilíochta éagsúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear na caighdeáin sin atá leagtha síos ag Údarás Eitlíochta na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht Eitlíochta na hEorpa mar chuid dá riachtanais cheadúnaithe aeradróim

*Tosaíocht Straitéiseach*

Sábháilteacht agus Rialáil, Sármhaitheas Oibriúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí

*Tionchar*

Sa chás nach mbaintear ceann ar bith de na caighdeáin seo amach is féidir go gcuirfí smachtbhannaí i bhfeidhm, suas le, agus ag áireamh ceadúnas oibriúcháin an Aerfoirt a tharraingt siar nó go gcuirfí pionós airgeadais ar an nGrúpa.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí *(ar leanúint)***

**Caighdeáin oibriúcháin *(ar lean)***

*Maolú*

- Tá córais ag an nGrúpa le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta a bunaíodh go seachtrach. Áirítear sna córais seo bailiú sonraí, monatóireacht leanúnach agus próisis oiriúnacha géaraithe.

**An Inbhuanaitheacht**

Comhlíonann an Grúpa le riachtanais Phlean Gníomhaíochta na hÉireann ar son na hAeráide agus tá sé tiomanta a ghnó a dhéanamh gan ach an tionchar is lú agus is féidir a bheith aige ar an gcomhshaol.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Straitéis Inbhuanaitheachta a Sheachadadh
An Nuálaíocht a Chothú

*Tionchar*
D'fhéadfadh caillteanas tromchúiseach airgeadais nó dochar do chlú an Ghrúpa a bheith mar thoradh ar shárú na gceanglas seo nó tionchar an athraithe aeráide.

*Maolú*

- D'infheistigh an Grúpa i struchtúir, próisis agus acmhainní chun comhlíonadh agus monatóireacht ar chomhlíonadh le riachtanais, tionchar agus spriocanna comhshaoil.
- Táthar ag leanúint le tionscadail chun lorg carbóin an Ghrúpa a laghdú.
- Straitéis um an inbhuaine seolta.
- Tá an Grúpa rannpháirteach go gníomhach le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla an Stáit agus le páirtithe leasmhara eile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil a bhaineann leis an gnó a dhéanamh sna hearnálacha eitlíochta, agus maoine.

**Córais teicneolaíochta faisnéise**

Tá córais teicneolaíochta faisnéise a bhíonn éifeachtach agus sábháilte riachtanach do bhainistíocht éifeachtach an ghnó agus na ngníomhaíochtaí tacaíochta oibríochta.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Sábháilteacht agus Rialáil, Sármhaitheas Oibriúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí
Brabúsacht Mharthanach

*Tionchar*
Sa chás go dtarlódh teip suntasach i gcórais teicneolaíochta faisnéise an Ghrúpa d'fhéadfadh cur isteach suntasach a bheith ar oibríochtaí, le caillteanas airgeadais nó dochar déanta do chlú an Ghrúpa. Féadfar tionchar diúltach a bheith ag cibear-ionsaithe, ag sáruithe ar shonraí nó ag eachtraí dá gcoibhéis sin a bhaineann le nochtadh, le caillteanas nó le goid sonraí pearsanta ar an nGrúpa.

*Maolú*

- Cuireann an Grúpa córais láraithe teicneolaíochta faisnéise i bhfeidhm agus sainchúram orthu don ghrúpa uile. Feidhmíonn teicneolaíocht faisnéise le hardleibhéal seasmhachta sna córais agus sna próisis.
- Tá pleananna leanúnachais ghnó ann le bainistiú a dhéanamh ar riosca go dtarlódh aon chur isteach suntasach ó theip na gcóras faisnéise teicneolaíochta.
- Tá daoine gairmiúla atá cáilithe agus oilte i gceart fostaithe ag an nGrúpa d'fhonn an fheidhm seo a bhainistiú.
    - Tá clár feabhsúcháin leanúnach agus ath-infheistíocht i gcórais teicneolaíochta faisnéise ann.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**Príomhrioscaí agus príomhéigeanntachtaí *(ar leanúint)***

**Sláinte, Sábháilteacht, Slándáil agus Comhshaol**
Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir réimse de dhlíthe, rialacháin agus caighdeáin déine sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Sábháilteacht agus Rialáil, Sármhaitheas Oibriúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí
Straitéis Inbhuanaitheachta a Sheachadadh

*Tionchar*
Sa chás go sárófaí aon dlí nó rialachán acu is féidir go ngearrfaí pionós ábhartha ar an nGrúpa agus go mbeadh drochthionchar ábhartha aige ar ghnó an Ghrúpa.

*Maolú*
- Tá oiliúint na foirne i réimsí sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil, chomh maith le béim láidir ar mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh mar chuid lárnach de straitéisí maolaithe an Ghrúpa. Ceapadh iad seo le cosc a chur ar shárú tromchúiseach oibleagáide reachtúil nó rialála eile.
- Leanann an Grúpa le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfearas, i gcórais agus in acmhainní sábháilteachta agus slándála le freastal ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála d'fhonn na caighdeáin gnó is fearr a bhaint amach ar fud gach aonad gnó.
- Tá an Grúpa rannpháirteach go gníomhach le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla an Stáit agus le páirtithe leasmhara eile le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil a bhaineann le oibriúchán aerfoirt idirnáisiúnta.

**An Rialachas agus an comhlíonadh**
Tá an Grúpa faoi réir réimse leathan riachtanas reachtaíochta agus rialachais, ar a n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do, na cinn sin atá leagtha síos i ndlí cuideachtaí na hÉireann agus na hEorpa.

*Tosaíocht Straitéiseach*
Sábháilteacht agus Rialáil, Sármhaitheas Oibriúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí

*Tionchar*
Sa chás go dtarlódh aon sárú ar na riachtanais seo d'fhéadfadh caillteanas tromchúiseach airgeadais nó dochar do chlú an Ghrúpa a bheith i gceist.

*Maolú*
- Tá struchtúir agus próisis sa Ghrúpa le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh maidir le riachtanais rialála, reachtaíochta agus rialachais.
- Tá dearcadh réamhghníomhach, réamhbhreathnaitheach ag an nGrúpa maidir le monatóireacht a dhéanamh ar athruithe rialála agus reachtaíochta agus chuige sin tá sé rannpháirteach go gníomhach lena scairshealbhóir, an Roinn Iompair.
- Bíonn an Grúpa rannpháirteach freisin le heagraíochtaí seachtracha eile a sholáthraíonn comhairle agus oiliúint ar na ceisteanna seo don lucht bainistíochta.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**Tuarascáil Rialachais Chorparáidigh**

Tá an Bord tiomanta ardchaighdeáin Rialachais Chorparáidigh a choimeád. Tá céimeanna oiriúnacha curtha ann ag an nGrúpa leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus arna leasú, (le chéile an "Cód") a chomhlíonadh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022. Leagann an Cód síos na prionsabail maidir leis an Rialachas Corparáideach, a bhfuil ar bhoird na gcomhlachtaí Stáit déanamh dá réir. Comhlíonann an Grúpa an Cód Cleachtais i ngach slí ábhartha. Tá Cód Iompraíochta Gnó curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa do stiúrthóirí, don bhainistíocht shinsearach agus d'fhostaithe. Déanann an Grúpa athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar a pholasaithe agus a nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód agus dea-chleachtas i Rialachas Corparáideach.

**An Bord Stiúrthóirí**

Tugtar liosta sa tábla thíos den seachtar stiúrthóirí atá ag freastal ar an mBord ó dháta faofa na ráiteas airgeadais. Mura luaitear a mhalairt thíos, d'fhreastail siad mar stiúrthóirí don bhliain iomlán dar críoch 31 Nollaig 2022.

**Stiúrthóir**
Conal Henry (Cathaoirleach)
Mary Considine (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)
Audrey Costelloe
Alan Donohoe
Tom Kelly
Ambrose Loughlin
Stephen Rae

**Rúnaí na Cuideachta**
Rachael Leahy

D'éirigh Pádraig Ó Céidigh as oifig mar Chathaoirleach an Bhoird an 23 Márta 2022 agus ceapadh Conal Henry ina Chathaoirleach ar an mBord an 30 Márta 2022.

Tháinig deireadh le tréimhsí oifige Linda Tynne agus Kevin McCarthy le feidhm ón 30 Lúnasa 2022. Chuaigh tréimhse oifige Liam O'Shea in éag le héifeacht ón 27 Feabhra 2023. Chuaigh tréimhse oifige Mike Quinn in éag le héifeacht an 1 Márta 2023.

Ceapadh Audrey Costelloe agus Alan Donohoe ar an mBord an 11 Eanáir 2023.

Tá an Bord freagrach as bainistíocht cheart agus rath fadtréimhseach an Ghrúpa. Tá an Bord freagrach cultúr, luachanna agus eitic an Ghrúpa a leagadh síos freisin. Déanann sé gach cinneadh suntasach straitéiseach agus coimeádann sé smacht iomlán agus éifeachtach agus solúbthacht imleor á cheadú don bhainistíocht an gnó a rith go héifeachtach laistigh d'údarás tarmligthe oiriúnach a bhíonn faofa ag an mBord. Tá struchtúr rialachais chorparáidigh curtha i bhfeidhm ag an mBord a fhorálann don mhaoirseacht iomchuí ag leibhéal an Bhoird agus gur féidir cúrsaí a dháileadh ar an lucht bainistíochta freisin.

Tá an Bord tar éis sceideal foirmeálta imeachtaí a choinneáil dá chinneadh agus dá fhaomhadh. Áirítear sna nithe seo glacadh le pleananna straitéiseacha agus gnó, faomhadh na ráiteas airgeadais bhliantúla agus buiséad bhliantúil, slándaíl, iasachtaí, éadálacha, diúscairtí, caiteachas caipitiúil agus idirbhearta réadmhaoine (os cionn tairseacha áirithe) agus conarthaí ábhartha. Ar na nithe eile atá forchoimeádta don Bhord áirítear maoirseacht ar an gcóras bainistíochta riosca, an tarmligean údaráis augs rialaithe inmheánach, chomh maith leis an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**An Bord Stiúrthóirí *(ar leanúint)***
Tugann an Cathaoirleach treoir don Bhord maidir le cinneadh a dhéanamh ar a straitéis agus a chuspóirí a bhaint amach agus tá sé/sí freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, á chinntiú go mbíonn sé éifeachtach agus an clár oibre á shocrú aige/aici. Tá an Cathaoirleach freagrach as ardchaighdeáin ionracais agus macántachta a léiriú agus as sampla a sholáthar maidir le cultúr, luachanna agus iompar agus as ton na ndíospóireachtaí ar leibhéal an Bhoird; Déanann an Cathaoirleach éascú ar ionchur éifeachtach na stiúrthóirí, á chinntiú go bhfaigheann na stiúrthóirí eolas cruinn, go tráthúil agus go soiléir, agus déanann sé cumarsáid éifeachtach a cheadú leis an Aire Iompair ("An tAire").

Tugtar eolas don Bhord go rialta, ar a n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta maidir le gach gné de ghnó an Ghrúpa. Déantar tuarascálacha agus páipéir a scaipeadh ar an stiúrthóirí go tráthúil, mar ullmhúchán do chruinnithe an Bhoird agus do chruinnithe choiste an Bhoird. Cuirtear leis na páipéir seo le heolas a lorgaíonn na stiúrthóirí go sonrach ó am go chéile. Soláthraítear tuarascálacha airgeadais bhainistíochta agus faisnéis rialta do gach stiúrthóir, a chuireann ar a gcumas an Grúpa agus feidhmíocht na bainistíochta a iniúchadh de réir na gcuspóirí a bhíonn aontaithe.

Tá struchtúr an Bhoird leagtha síos de réir reachta trína ndéantar líon na stiúrthóirí ar an mBord, agus an bealach ina ndéantar na stiúrthóirí sin, ar a n-áirítear an Cathaoirleach, a cheapadh (agus a chur as oifig) leagtha amach san Acht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014 ("Acht 2014"). Tá foráil déanta sa reachtaíocht mar seo a leanas:

- Nach mbeidh níos mó ná 10 stiúrthóirí ar Bhord an Ghrúpa.
- Is féidir leis an Aire Iompair le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndiaidh dul i gcomhairle le cibé ionadaithe ceardchumainn a chreideann sé nó sí a bheith oiriúnach, beirt a cheapadh le hionadaíocht a thabhairt d'fhostaithe an Ghrúpa agus a fhochuideachtaí, mar stiúrthóirí ar an nGrúpa.
- Déanfaidh an tAire stiúrthóirí an Ghrúpa a cheapadh (seachas an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin), le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Beidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ar feadh tréimhse a ceapacháin nó a cheapacháin, mar stiúrthóir *ex officio* ar an nGrúpa.
- Beidh gach stiúrthóir den Ghrúpa in oifig de réir cibé téarmaí (seachas íocaíocht luach saothair agus liúntais chaiteachais) a shocraíonn an tAire ag am a cheapacháin nó a ceapacháin. Déanfaidh an tAire, agus stiúrthóir á cheapadh ar an nGrúpa, fad ama an stiúrthóra sin in oifig a shocrú, nach mbeidh níos faide ná 5 bliana.
- Ní dhéanfaidh stiúrthóir ar an nGrúpa (seachas an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) freastal do thréimhse níos faide ná 10 mbliana ar fad.

Tá an Bord sásta go bhfuil a mhéid agus a struchtúr, faoi mar atá leagtha síos sa reachtaíocht, oiriúnach do riachtanais an Ghrúpa agus go bhfuil cothromaíocht bainte amach maidir le hionadaíocht ar an mBord.

Tá na stiúrthóirí tar éis próiseas foirmeálta ionduchtaithe a chur díobh agus bhí an deis acu chomh maith a bheith curtha ar an eolas maidir le mioncháipéisí faisnéisithe, agus faisnéis rialachais, airgeadais agus oibríochta ar ghnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa. Déantar turais eagraithe taithíochta ar shaoráidí an Ghrúpa a sholáthar freisin ar a n-áirítear campas an Aerfoirt agus maoin tráchtála an Ghrúpa. Déantar riachtanais Fós ar siúl forbartha na stiúrthóirí a choinneáil faoi athbhreithniú. Aithníonn an Bord an gá atá lena chinntiú go mbíonn baill an Bhoird ar an eolas maidir leana bhfreagrachtaí reachtúla agus muiníne agus go gcoimeádtar suas chun dáta agus ar an eolas iad maidir le forbairtí tionsclaíochta, eacnamaíochta agus Rialachais Chorparáidigh agus ar athruithe ar dhea-chleachtas. Déantar riachtanais oiliúna agus forbartha a athbhreithniú agus a aontú leis an gCathaoirleach.

Tá rochtain ag baill ag Bhoird ar Rúnaí na Cuideachta atá freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go gcloítear le rialacha agus rialacháin infheidhme.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**An Bord Stiúrthóirí *(ar leanúint)***
Déanann an Bord iarracht a fheidhmíocht agus a éifeachtúlacht a fheabhsú go leanúnach agus déanann sé meastóireacht ar a fheidhmíocht ar bhonn rialta. Le linn 2022, rinne an Bord meastóireacht fhéinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a choistí ar aon dul le ceanglais an Chóid. Rinneadh meastóireacht sheachtrach ar an mbord in 2023.

Tá na coistí seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an mBord:
- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste um Luach Saothair
- An Coiste um Shláinte, Sábháilteachta, Slándála Agus Comhshaoil

**Neamhspleáchas na stiúrthóirí**
Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí in oifig ar 31 Nollaig 2022 i scaireanna Ghrúpa na Sionainne cpt nó a fhochuideachtaí ag tús na bliana nó ar dháta a gceapacháin, más níos déanaí é sin, nó ag deireadh na bliana.

Tá stiúrthóireachtaí nó poist feidhmiúcháin in eagraíochtaí atá faoi rialú Rialtais na hÉireann ag baill áirithe den Bhord, a dtugtar imlíne bhreise thíos orthu. Tá Mary Considine ina comhalta de chuid Údarás Rialaithe Choláiste Mhuire gan Smál. Tá Audrey Costelloe agus Alan Donohoe fostaithe ag Aerfort na Sionainne. Tá Ambrose Loughlin ina ball de chuid Bhord Stiúrthóirí Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Tá an Bord sásta go bhfuil stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar bhainistíocht, neamhspleách maidir le carachtar agus breithiúnas agus saor ó chaidreamh nó ó chúinsí ar dhóichí go mbeadh tionchar acu, nó a mbeadh cuma air go mbeadh tionchar acu, ar bhreithiúnas bhaill an Bhoird. Bíonn breithiúnas neamhspleách ag baint le gach ball den Bhord. Tá ar bhaill neamhfheidhmiúcháin den Bhord aon leas nó ceangal a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú á mbreithiúnas neamhspleách a chur in iúl.

Tá nósanna imeachta curtha ann ag an mBord le déileáil le coinbhleacht leasa a fhéadfadh a bheith ann. De réir fhorálacha an Chóid agus Acht 2014, is gá do gach stiúrthóir aon leas a nochtadh agus fanacht glan ar phlé an Bhoird nuair a bhíonn leas díreach nó indíreach acu sa cheist. Sna himthosca sin cloíonn Grúpa na Sionainne cpt agus gach stiúrthóir i gcónaí leis na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh agus iompar gnó araon. Tá idirbhearta na bpáirtithe gaolmhara a éilíonn nochtadh le fáil i Nóta 26 sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**An chothromaíocht inscne i mballraíocht an Bhoird**
Leagann an Iarscríbhinn ar Chomhardú Inscne, Éagsúlacht, agus Cuimsiú a fhorlíonann an Cód amach bearta atá deartha chun éagsúlacht a fheabhsú ar an mBord, an ceanglas cuntas a sholáthar ar an gcur chuige atá á ghlacadh maidir le cur chun cinn na héagsúlachta agus an chuimsithe, lena n-áirítear maidir le cothromaíocht inscne, i gcomhthéacs sonrach na heagraíochta, agus ar an dul chun cinn agus éachtaí ina leith sin.

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí bean amháin (14%) agus seisear fear (86%) ag fónamh ar an mBord, agus bhí trí fholúntas ann. Mar sin, ní chomhlíonann an Bord le sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit. Déanann an Bord a ndícheall cothromaíocht inscne agus éagsúlachta a choinneáil. D'iarr an Bord go dtabharfadh an Roinn Iompair, agus an tsonraíocht do cheapachán Boird á ceapadh acu, aird chuí a thabhairt don éagsúlacht ar an mBord lena n-áirítear an inscne chun cinntiú go mbeidh an comhaltas uilechuimsitheach agus éagsúil araon.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**Rúnaí na Cuideachta agus rochtain ar chomhairle ghairmiúil**
Déanann an Bord Rúnaí na Cuideachta a cheapadh.

Tá rochtain ag gach stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta, atá freagrach don Bhord maidir lena chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird. Tá an Bord in ann rochtain a fháil ar chomhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa chun comhairle a leasa a fháil uathu de réir mar is gá. Is féidir le stiúrthóirí indibhidiúla comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, ar aon dul le nósanna imeachta an Ghrúpa, ar chostas an Ghrúpa.

**Cruinnithe**
Tionóladh cruinnithe rialta an Bhoird i rith na bliana. Tháinig an Bord le chéile go hoifigiúil ocht n-uaire i rith na bliana. Chomh maith leis sin, tionóladh cruinnithe sceidealta de chuid an choiste.

Is mar atá leagtha amach ag seo a leanas a bhí an tinreamh ar chruinnithe sceidealta an Bhoird:

| Stiúrthóir | Cruinnithe an Bhoird ar ar fhreastail | Uas-líon cruinnithe |
|---|---|---|
| Conal Henry | 5 | 5 |
| Mary Considine (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) | 8 | 8 |
| Tom Kelly | 8 | 8 |
| Ambrose Loughlin | 8 | 8 |
| Kevin McCarthy | 7 | 7 |
| Liam O'Shea | 8 | 8 |
| Mike Quinn | 8 | 8 |
| Stephen Rae | 8 | 8 |
| Linda Tynne | 7 | 7 |
| Pádraig Ó Céidigh (Cathaoirleach – roimhe seo) | 2 | 2 |

**Coistí Boird**
Tá struchtúr éifeachtach coistí ag an mBord le cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Tá mionsonraí ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca, an Choiste Luach Saothair agus an Choiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil, ar a n-áirítear a mballraíocht reatha, leagtha amach thíos.

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**
Tá ar an nGrúpa Coiste Iniúchóireachta a bhunú faoi Alt 167 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá téarmaí tagartha sainithe ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca de réir mar atá údarás tarmligthe ag an mBord chuige. Feidhmíonn Tom Kelly mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus tá an tinreamh ar chruinnithe an Choiste leagtha amach sa tábla ag seo thíos:

| Comhalta | Líon na gcruinnithe Choiste ar ar fhreastail | Uas-líon cruinnithe |
|---|---|---|
| Tom Kelly | 4 | 4 |
| Liam O'Shea | 4 | 4 |
| Ambrose Loughlin | 4 | 4 |
| Mike Quinn | 1 | 1 |

Ar na daoine a d'fhreastail go rialta ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Príomhoifigeach Oibriúchán, Príomhoifigeach Airgeadais, an tIniúchóir Inmheánach seachfhoinsithe – Deloitte, ardbhainistíocht ón rannóg airgeadais an Ghrúpa, EY, an t-iniúchóir reachtúil neamhspleách, agus KPMG, an t-iniúchóir reachtúil neamhspleách roimhe seo.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca *(ar leanúint)***

Ag seo a leanas, príomhréimsí freagrachta an Choiste:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus moladh a chur faoi bhráid an Bhoird, agus béim ar leith curtha ann ar athruithe ar pholasaithe agus ar chleachtais chuntasaíochta, ar phríomhréimsí breithiúnais, ar dhifríochtaí suntasacha coigeartaithe agus neamhchoigeartaithe, ar an gcomhlíonadh caighdeán cuntasaíocht, agus ar chinnte a dhéanamh go gcomhlíontar riachtanais dhlíthiúla eile agus go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear leis na ráitis airgeadais leanúnach comhsheasmhach;
- plé agus moladh a dhéanamh maidir le ceapadh, athcheapadh agus cur as oifig an iniúchóra reachtúil agus an táille iniúchóireachta;
- forbairt agus forfheidhmiú ar pholasaí maidir le fostú nó bronnadh chonarthaí ar iniúchóir reachtúil nó cleamhnaí d'obair neamhiniúchóireachta, ag cur na dtreoirlínte eiticiúla ábhartha maidir leis an dea-chleachtas san áireamh;
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar cháilíochtaí, ar shaineolas, ar acmhainní agus ar neamhspleáchas an iniúchóra reachtúil, agus measúnú á dhéanamh ar éifeachtúlacht an phróisis iniúchóireachta seachtraigh uair sa bhliain ar a laghad;
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha airgeadais an Ghrúpa, agus ar rialuithe inmheánacha agus córais bhainistíochta riosca an Ghrúpa;
- cabhrú leis an mBord a dhualgais a chomhlíonadh le hoiriúnacht agus iomláine an chórais rialaithe inmheánach a chinntiú, athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach agus ar an gcreat mar a ndéanann an bhainistíocht cinntiú agus monatóireacht ar leordhóthanacht nádúir, fairsinge agus éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánach, ar a n-áirítear córais rialaithe cuntasaíochta agus córas éifeachtach rialaithe inmheánach á choimeád dá réir;
- athbhreithniú agus moladh a dhéanamh ar Ráiteas an Ghrúpa ar an rialú inmheánach airgeadais agus ar na córais bhainistíochta riosca roimh don Bhord iad a fhaomh;
- maoirseacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt don Bhord ar neamhchosaint reatha an Ghrúpa ar riosca agus straitéis riosca sa todhchaí;
- athbhreithniú ar éifeachtúlacht na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí a dhéanamh go bliantúil;
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chláir Iniúchóireachta Inmheánaí, le comhordú á chinntiú idir na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus á chinntiú go mbíonn go leor acmhainne ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus go dtugtar aird chuí ar iniúchóireacht ar luach ar airgead; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí mar ar féidir leis an bhfoireann ceisteanna a ardú, faoi rún, maidir le hiompar míchuí a fhéadfadh a bheith i gceist i ngnó, airgeadais nó eile agus a chinntiú go mbíonn socruithe ann lena leithéid de cheisteanna a imscrúdú.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na ráitis bhliantúla airgeadais sular moladh don Bhord iad a fhaomhadh. Rinne an Coiste machnamh, agus plé leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais, leis an ardbhainistíocht airgeadais agus leis na hiniúchóirí neamhspleácha reachtúla, ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta suntasacha, na meastacháin agus na breithiúnais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, in éineacht le ceisteanna maidir le cur i láthair agus faisnéisiú.

Tá creat bainistíochta riosca bunaithe ag an gCoiste agus rinne an Coiste breithneoireacht ar na próisis chun na rioscaí a aithint, a thuairisciú agus a bhainistiú, idir rioscaí atá ann cheana féin agus na cinn atá ag teacht chun cinn. Fuair an Coiste tuairiscí bainistíochta tréimhsiúla ar an gcreat bainistíochta riosca a cuireadh i bhfeidhm, lena n-áirítear gníomhaíochtaí bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí, agus chun iad a mhaolú agus a bhainistiú, ar bhonn leanúnach. Bhí sé seo ag teacht le tuairiscí bainistíochta a fuair an Bord ar rioscaí a bhí ag teacht chun cinn agus ar athruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó agus sa timpeallacht seachtrach a bhfuil tionchar acu ar na cláir rioscaí.

Rinne an Coiste athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar éifeachtúlacht chórais bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheanaí an Ghrúpa. Chlúdaigh an mhonatóireacht na rialuithe uile, ar a n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus na próisis bhainistíochta riosca.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas *(ar leanúint)***

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca *(ar leanúint)***
Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchóireachta bliantúil inmheánach bunaithe ar riosca, ar a n-áirítear na hacmhainní de dhíth, agus féachadh ar ailíniú ar fhócas na hiniúchóireachta inmheánaí maidir leis na réimsí is mó riosca don Ghrúpa. I rith na bliana, d'fhéach an Coiste ar thuarascálacha ón Iniúchóir Inmheánach mar a raibh achoimre ar an obair a bhí beartaithe agus a déanadh, le feabhas á mholadh agus cur síos ar ghníomhaíochtaí na bainistíochta. Chuir an tIniúchóir Inmheánach an Coiste ar an eolas maidir le torthaí na n-athbhreithnuithe iniúchóireacha inmheánaí. D'fhéach an Coiste freisin ar dhul chun cinn na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha, ar a n-áirítear nádúr, fairsinge agus luas an fhreagra.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar luach saothair agus ar théarmaí rannpháirtíochta EY, an t-iniúchóir reachtúil neamhspleách. Rinne an Coiste athbhreithniú ar phlean iniúchóireachta seachtrach agus ar thorthaí EY óna n-iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Ghlac an Coiste céimeanna iomchuí lena chinntiú go gcoimeádfaí comhchaidreamh oibiachtúil agus gairmiúil le EY.

Bhreithnigh an Coiste neamhspleáchas agus oibiachtúlacht EY. Áiríodh ar seo measúnú a dhéanamh ar a) nádúr agus fairsinge na seirbhísí a soláthraíodh, agus na táillí a tuilleadh, ar obair iniúchóireachta agus neamhiniúchóireachta seachtrach a rinne EY agus b) a chinntiú nach raibh coinbhleacht leasa i gceist le soláthar seirbhísí neamhiniúchóireachta an Ghrúpa.

Tá na táillí a íocadh le EY as seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí a bhain le hiniúchóireacht agus seirbhísí eile neamhiniúchóireachta leagtha síos i Nóta 4 de na ráitis airgeadais. Ní raibh aon chás inar fostaíodh EY le seirbhísí a sholáthar a ceapadh a chruthódh coinbhleacht leasa.

Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíontacht EY i dtaca le treoir rialála, eiticiúla agus gairmiúla maidir le huainíocht na gcomhpháirtithe, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar go bliantúil ar cháilíochtaí, saineolas, acmhainní agus éifeachtúlacht a bpróiseas iniúchóireachta.

Tugann Cathaoirleach an Choiste tuarascáil tráthúil don Bhord ar cheisteanna suntasacha ar fhéach an Coiste orthu agus a bhféachann an Bord ansin orthu.

**An Coiste um Luach Saothair**
Tá téarmaí tagartha sainithe ag an gCoiste Luach Saothair mar a dhéanann an Bord údarás a tharmligean chuige. Ceapadh Conal Henry ar an gCoiste, tar éis do thréimhse oifige Liam O' Shea mar stiúrthóir ar an mBord dul in éag.

Tháinig an Coiste le chéile uair amháin i rith na bliana agus tá an tinreamh ar chruinnithe an Choiste leagtha amach sa tábla ag seo thíos:

| Comhalta | Líon na gcruinnithe Choiste ar ar fhreastail | Uas-líon cruinnithe |
|---|---|---|
| Tom Kelly | 1 | 1 |
| Liam O'Shea | 1 | 1 |
| Stephen Rae | 1 | 1 |

Is iad príomhfhreagrachtaí an Choiste Luach Saothair ná luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, agus struchtúir phá an lucht ardbhainistíochta a shocrú, scéimanna scoir deonacha agus cláir athstruchtúraithe a fhormheas, agus athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ábharthacht leanúnach pholasaithe luach saothair agus scéimeanna pinsin an Ghrúpa agus aon mhórathruithe struchtúracha ar a leithéid de pholasaithe nó scéimeanna.

Tá sonraí ar tháillí agus díolaíochtaí stiúrthóra lena n-áirítear na cinn a bhaineann leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin leagtha amach i Nóta 5 leis an ráitis airgeadais, de réir riachtanais an Chóid. Tugtar achoimre ar luach saothair na príomhbhainistíochta i Nóta 26 (b) leis na ráitis airgeadais.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas** ***(ar leanúint)***

**An Coiste um Shláinte, Sábháilteachta, Slándála Agus Comhshaoil**
Tá téarmaí tagartha sainithe ag an gCoiste um Shláinte, Sábháilteacht, agus Comhshaoil mar a dhéanann an Bord údarás a tharmligean chuige.

Ceapadh Ambrose Loughlin ar an gCoiste an 8 Samhain 2022. Tháinig deireadh le téarma oifige Kevin McCarthy mar chomhalta den Choiste ar dhul in éag dá théimhse oifige mar stiúrthóir ar an mBord. Is comhalta sealadach den Choiste í Mary Considine go dtí go gceapfar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin breise.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus tá an tinreamh ar chruinnithe an Choiste leagtha amach sa tábla ag seo thíos:

| Comhalta | Líon na gcruinnithe Choiste ar ar fhreastail | Uas-líon cruinnithe |
|---|---|---|
| Kevin McCarthy | 3 | 4 |
| Stephen Rae | 4 | 4 |
| Mary Considine | 4 | 4 |
| Ambrose Loughlin | 1 | 1 |

Ba iad príomhfhreagrachtaí an Choiste i rith na bliana ná bainistiú a dhéanamh ar cheisteanna a bhain leis an tsláinte, an tsábháilteacht agus an comhshaol don aon chuideachta de chuid an Ghrúpa agus bainistíocht a dhéanamh ar cheisteanna sábháilteachta agus slándála aeradróim ag Aerfort na Sionainne.

Déanann an Coiste tuairisc don Bhord faoi aon chomhlíontacht suntasach nó faoi aon cheisteanna ábhartha eile, faigheann sé tuairiscí teagmhais, déanann sé athbhreithniú ar thuarascálacha ar cheisteanna sábháilteachta, slándála, sláinte agus comhshaoil ar thaobh an aeir, déanann sé monatóireacht ar na próisis oiliúna agus déanann athbhreithniú ar chumarsáid ghaolmhar leis an nGrúpa. Déanann sé monatóireacht agus athbhreithniú ar na cláir rioscaí atá faoina chúram.

**An rialú inmheánach agus an bhainistíocht riosca**
Tá an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaí an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Is éard is cuspóir leis an tslí a bhfuil an córas deartha ná bainistiú a dhéanamh ar an riosca, seachas le deireadh a chur leis, maidir leis an teip gan cuspóirí gnó a bhaint amach agus ní sholáthraíonn sé ach cinnteacht réasúnta, seachas cinnteacht iomlán, maidir le míthuairisc nó caillteanas ábhartha.

Tá struchtúr eagraíochtúil bunaithe ag an mBord le nósanna imeachta oibríochta agus tuairiscithe atá soiléir, le seirbhísí phearsanra cuícháilithe faighte aige, le línte freagrachta oiriúnacha ceaptha, teorainneacha oiriúnacha údaraithe leagtha síos, socruithe déanta maidir le dualgais a leithscaradh agus tarmligean déanta ar an údarás atá de dhíth chun cinnteoireacht a dhéanamh.

Tá próiseas Fós ar Siúl socraithe ag an mBord d'fhonn na rioscaí suntasacha atá i ndán don Ghrúpa a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Tá an bhainistíocht freagrach as na rioscaí suntasacha a bhaineann le gnó a aithint agus a mheasúnú ná as rialuithe oiriúnacha inmheánacha a dhearadh agus a oibriú. Tá an Bord tar éis Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí a cheapadh. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca, an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil agus an Bord tuarascálacha ar bhonn rialta ón bPríomhoifigeach Riosca agus ón mbainistíocht ar na príomhrioscaí agus conas a dhéantar déileáil leo.

Áirítear iad seo a leanas sa chóras rialuithe inmheánacha:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir, le teorainneacha údaráis atá sainithe agus bealaí tuairisc a thabhairt don ardbhainistíocht agus don Bhord;
- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe lena n-áirítear buiséad bliantúil atá faoi réir fhormheas an Bhoird. Déantar réamhaisnéisí i rith na bliana chun torthaí ionchais i gcoinne an Bhuiséid a rianú agus a chur faoi bhráid an Bhoird;
- Córas cuimsitheach um thuairisciú airgeadais ar a n-áirítear fíorthorthaí carnach le hais an buiséad agus na réamh-mheastachán is deireanaí, nuair is iomchuí. Cuirtear na torthaí seo faoi bhráid an Bhoird d'fhonn iad a phlé ag gach cruinniú den Bhord. Ceistíonn an Bord athruithe suntasacha nó éagsúlachtaí diúltacha agus glactar céimeanna ceartaitheacha nuair is cuí;
- Tacar cuimsitheach de pholasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le rialú airgeadais, straitéiseach, oibríochtúil agus comhlíonta, ar a n-áirítear an caiteachas caipitiúil;

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas** ***(ar leanúint)***

**An Rialú Inmheánach agus an Bhainistíocht Riosca** ***(ar leanúint)***

- Cód eitice a éilíonn ar an ardbhainistíocht agus ar fhostaithe na caighdeáin eitice is aired a bheith acu agus iad i mbun gnó;
- Freagrach na bainistíochta as an rialú inmheánach a bhaineann a bhfeidhmeanna gnó faoi seach; agus
- Déanann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí athbhreithniú córasach ar an rialuithe inmheánacha airgeadais. Forbraítear clár iniúchta inmheánaigh riosca-bhunaithe chun athbhreithnithe atá le déanamh a chinneadh.

Coimeádann an Grúpa cláir rioscaí a ndearna an Bord athbhreithniú orthu agus a ndearna An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil athbhreithniú orthu, de réir mar ba chuí. Déanann na cláir rioscaí aithint, measúnú agus aghaidh a thabhairt ar mhaolú na bpríomhrioscaí a bhíonn i ndán don Ghrúpa, ag clúdach rioscaí straitéiseacha, airgeadis, oibríochtúla agus comhlíontachta.

Tugann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach Riosca tuairisc don Bhord ar athruithe suntasacha sa ghnó agus ina thimpeallacht seachtrach agus ar thionchar na n-athruithe seo ar phróifíl riosca an Ghrúpa.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánach suas chuig dáta faofa na ráiteas airgeadais. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca mion-athbhreithniú, ar cuireadh a thorthaí ar ais faoi bhráid an Bhoird. Rinneadh athbhreithniú ar na príomhréimsí rialaithe straitéiseacha, airgeadais, oibríochta agus comhlíontachta agus bainistíochta riosca. Ar an bpróiseas a úsáideadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach áirítear:

- Athbhreithniú agus breithniú an chláir Iniúchóireachta Inmheánaí agus breithniú a thuairiscí agus a thorthaí;
- Athbhreithniú ar stádas na gceisteanna a ardaíodh roimhe seo in Iniúchóireacht Inmheánach;
- Athbhreithniú ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca ar a n-áirítear cláir rioscaí; agus
- Athbhreithniú ar thuairiscí ó na hiniúchóirí reachtúla ina bhfuil sonraí ar aon cheisteanna ábhartha rialaithe airgeadais inmheánach a d’aithin siad ina gcuid oibre mar iniúchóirí.

Tugann Cathaoirleach an Bhoird tuairisc don Aire Iompair ar chomhlíontacht maidir leis an gCód Cleachais a bhaineann le Rialachas Chomhlachtaí Stáit i ndáil leis an tréimhse airgeadais atá faoi athbhreithniú.

Tá an Bord sásta go bhfuil córas rialaithe inmheánach airgeadais an Ghrúpa oiriúnach le cinnteacht réasúnta a sholáthar maidir le sócmhainní a chosaint in aghaidh úsáide neamhúdaraithe nó diúscartha agus cuntasaíocht cheart agus faisnéis iontaofa airgeadais a choimeád.

**An Tuarascáil ar an Riosca agus ar an Rialachas** ***(ar leanúint)***

**Riachtanais tuairiscithe**
Is iad seo a leanas na míreanna nochta atá de dhíth don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, de réir mar a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus de réir mar a rinneadh comhaontas ina leith leis an Roinn Iompair.

Ba iad na costais taistil agus chothaithe a gearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais don bhliain ná €0.13 milliún (náisiúnta) agus €0.10 milliún (idirnáisiúnta). Is ionann an méid costais um fháilteachas agus dhea-shláinte na foirne a ghearradh le cuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa don bhliain agus €0.12 milliún (fostaithe) agus €0.02 milliún (custaiméirí).

B'ionann costais seirbhísí gairmiúla a tabhaíodh agus a muirearaíodh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais in 2022 agus €0.56 milliún, a chuimsigh costais dlí de €0.16 milliún, costais chomhairleacha cánach agus airgeadais de €0.10 milliún agus costais chomhairleachta eile de €0.29 milliún. Rinneadh íocaíochtaí dar luach €0.03m san iomlán mar shocrú ar chás dlí a críochnaíodh agus ar socraíodh iad in 2022, agus bhain €0.02 milliún den méid sin le táillí dlí.

Níor tháinig aon íocaíochtaí foirceann chun cinn faoi chláir athstruchtúraithe fhaofa agus a muirearaíodh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais in 2022. Tá suimeanna a bhaineann le costais foirne agus a ghearrtar iad leis an gcuntas brabúis agus caillteanais leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na ráiteas airgeadais.

Tá sochair fostaí a bhaineann le gníomhaíochtaí an Ghrúpa leagtha amach thíos[2].

| | **Líon na bhfostaithe sa ghrúpa** |
|---|---:|
| **€** | **2022** |
| 50,000 - 74,999 | 102 |
| 75,000 - 99,999 | 47 |
| 100,000 - 124,999 | 15 |
| 125,000 – 149,999 | 5 |
| 150,000 – 174,999 | - |
| 175,000 – 199,999 | 3 |
| 200,000 – 224,999 | 2 |

**Ráiteas comhlíontachta**
Deimhníonn na stiúrthóirí gur chloígh an Chuideachta leis an gCóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) go hiomlán, ó thaobh na ngnéithe ábhartha de, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022.

[2] Cuimsítear le sochair fostaí an gnáth-thuilleamh go léir, an tuarastal, an ragobair, tuilleamh a bhaineann le huaineacha, tuilleamh bunaithe ar an fheidhmíocht chomh maith le sochair eile dála an árachas leighis, ach ní áirítear ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra leo

**An ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais**

Tá freagracht ar na stiúrthóirí maidir leis an tuarascáil stiúrthóra agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán ábhartha.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí go n-ullmhódh na stiúrthóirí ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin tá roghnaithe acu ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha ag an AE agus sa dlí infheidhme.

Faoi dhlí na gcuideachtaí ní féidir le Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta gur fíor agus macánta an léargas atá déanta ann ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus ar bhrabús agus caillteanas don bhliain sin. Agus ráitis airgeadais don Ghrúpa agus don Chuideachta á n-ullmhú acu, ní mór do na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad sin a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta chun leanúint mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, faoi mar is cuí, ceisteanna a bhaineann le gnóthas leantach; agus
- an bonn cuntasaíochta a bhaineann le gnóthas leantach a úsáid mar bhonn cuntasaíochta mura mbíonn sé ar intinn ag na stiúrthóirí an Grúpa nó na Cuideachta a leachtú nó éirí as oibríochtaí, nó nach bhfuil an dara rogha acu ach é sin a dhéanamh.

Tá freagracht ar na stiúrthóirí maidir le taifid chuntasaíochta a bhíonn imleor a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachtauideachta de réir IFRS infheidhme, faoi mar atá glactha ag an AE agus ag teacht le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014. Tá freagracht ghinearálta orthu maidir le cibé céimeanna a bhíonn réasúnta dóibh a ghlacadh le sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus le calaois nó neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Tá freagracht ar na stiúrthóirí freisin as tuarascáil stiúrthóra a ullmhú a chomhlíonann riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá freagracht ar na stiúrthóirí freisin as a chinntiú go léiríonn faisnéisiú an nochtadh maidir le Rialachais Chorparáidigh sa tuarascáil Stiúrthóra agus sa tuarascáil maidir le Rioscaí agus an Rialachas go bhfuil an grúpa ag déanamh de réir an Chóid Chleachtais chum Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Tá freagracht ar na stiúrthóirí as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidigh agus airgeadais atá áirithe ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Is féidir go mbeadh an reachtaíocht a bhaineann le hullmhú agus leithdháileadh ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann éagsúil le reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

| | | |
|---|---|---|
| *Conal Henry*<br>*Stiúrthóir* | *Mary Considine*<br>*Stiúrthóir* | *23 Márta 2023* |

**Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Bhaill Ghrúpa na Sionainne cpt**

**Tuairim**

Tá iniúchóireacht déanta againn ar ráitis airgeadais Ghrúpa na Sionainne cpt ('an Chuideachta') agus a bhfochuideachtaí ('An Grúpa') don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 a thiomsaíonn an Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais, Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam Cuimsitheach Eile, an Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais, Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais, Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe Cothromais, Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe Cothromais, Ráiteas Comhdhlúite ar an Sreabhadh Airgid, Ráiteas Sreafa Airgid na Cuideachta agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, ar a n-áirítear achoimre ar na polasaithe cuntasaíochta suntasacha atá leagtha síos i nóta 1. Tá an creat tuarascála airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhúchán de réir dlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach.

Is é ár dtuairim ná:

- go dtugann ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fíor agus macánta ar shócmhainní, dliteanais agus riocht airgeadais an ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar bhrabús an ghrúpa don bhliain a chríochnaigh ar an dáta sin;
- go dtugtar léargas fíor agus cothrom i ráitis airgeadais na Cuideachta ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2022;
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa i gceart de réir IFRS faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach;
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta i gceart de réir IFRS faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpa, a cuireadh i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014; agus
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gceart de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

**An bonn leis an tuairim**

Rinneamar ár n-iniúchóireacht de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) (CIIanna na hÉireann) agus an dlí is infheidhme. Tá tuilleadh cur síos ar na freagrachtaí atá orainn de réir na gcaighdeán seo sa rannán ar Fhreagrachtaí an Iniúchóra maidir leis an Iniúchóireacht ar na Ráitis Airgeadais inár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ón Ghrúpa agus ón gCuideachta de réir na ndualgas eiticiúla a bhaineann lenár n-iniúchóireacht ar ráitis airgeadais in Éirinn, ar a n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil atá eisithe ag Údarás na hÉireann um Maoirseacht Iniúchóireachta agus Chuntasaíochta (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de réir na ndualgas seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn imleor agus oiriúnach le bonn a sholáthar dár dtuairim.

**Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach**

Táimid tar éis teacht ar an mbarúil, tar éis dúinn na ráitis airgeadais a iniúchadh, go bhfuil úsáid na stiúrthóirí ar bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta in ullmhú na ráiteas airgeadais oiriúnach.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor nochtadh aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar acmhainneacht an Ghrúpa nó na Cuideachta chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí déag ar a laghad ón dáta a bhfuil na ráitis airgeadais údaraithe le bheith eisithe.

Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo. Mar sin féin, toisc nach féidir gach imeacht nó coinníollacha a thuar, ní ráthaíocht é an ráiteas seo maidir le cumas an ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

**Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Bhaill Ghrúpa na Sionainne cpt** ***(ar leanúint)***

**Eolas eile**

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh i dTuarascáil na Stiúrthóirí agus sa Tuarascáil Riosca agus Rialachais seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra orthu. Níl an fhaisnéis clúdaithe inár dtuairim faoi na ráitis airgeadais, agus seachas sa mhéid go bhfuil a mhalairt de luaite go sonrach inár dtuairisc, ní chuirimid aon saghas tátail dearbhaithe in iúl faoi.

Is é an fhreagracht atá againn ná an fhaisnéis eile a léamh, agus, agus é sin á dhéanamh againn, breithniú a dhéanamh faoi an bhfuil an fhaisnéis neamhchomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais ná leis an eolas sin a fuaireamar san iniúchadh, nó más amhlaidh gur míshonraíodh é go hábhartha ar shlí eile. Má shainaithnímid neamhréireachtaí ábhartha nó míráiteas ábhartha dealraitheach den sórt sin, ceanglaítear orainn dá réir a chinneadh an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go ndéantar tátal go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist i ndáil leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orainn an fhíric sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn ina thaobh seo.

**Tuairimí ar cheisteanna eile atá forordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014**

Is é ár dtuairim, bunaithe go huile is go hiomlán ar an obair atá déanta le linn an iniúchta, déanaimid tuairisc:

- go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir na gceanglas dlí is infheidhme.

Tá gach faisnéis agus míniú atá riachtanach chun críche ár n-iniúchóireacht, a mhéid is fearr is eol dúinn agus a chreidimid, faighte againn.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, agus go bhfuil an ráiteas maidir le staid airgeadais na Cuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Ceisteanna ar a bhfuil orainn tuairisc a thabhairt orthu de réir eisceachta**

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint ar an gcuideachta agus ar an timpeallacht a aimsítear le linn an iniúchta, níor aithníomar aon mhíráitis ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Le hAcht na gCuideachtaí, 2014, ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach gcomhlíonann an Chuideachta na nochtuithe a cheanglaítear le hailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí. Níl aon ní le tuairisciú againn ina thaobh seo.

**An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an "Cód")**

Faoin gCód, tá orainn tuairisc a thabhairt duit mura dtagann an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánach a éilítear faoin gCód, faoi mar a áirítear i dtuarascáil na stiúrthóirí, ag réiteach le comhlíonadh an Ghrúpa ar alt 1.9 (iv) den Chód nó mura mbíonn sé ag réiteach leis an eolas a bhíonn faighte againn ón ár gcuid oibre iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais agus tugaimid tuairisc air mura mbíonn.

**Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Bhaill Ghrúpa na Sionainne cpt** ***(ar leanúint)***

**Freagrachtaí faoi seach**

**Freagrachtaí na stiúrthóirí maidir le ráitis airgeadais**

Faoi mar a míníodh níos iomláine sa ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí ar leathanach 47, tá freagracht ar na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chreat um thuairisciú airgeadais a thugann léargas fíor agus macánta, agus ar cibé rialú inmheánach a cheapann siad a bheith riachtanach le hullmhú na ráiteas airgeadais a cheadú a bhíonn saor ó mhíshonrú ábhartha, de bharr calaoise nó earráide;

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint uirthi mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, mar is infheidhme, nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus ag baint úsáide as an mbunús gnóthais leantaigh a bhaineann le cuntasaíocht mura bhfuil sé i gceist ag an mbainistíocht an Grúpa nó an Máthairchuideachta a leachtú nó deireadh a chur lena hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha aici ach é sin a dhéanamh.

**Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchóireacht na ráiteas airgeadais**

Is iad ár gcuspóirí cinnteacht réasúnta a fháil ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina n-áirítear ár dtuairim. Tá ardleibhéal cinnteachta i gceist le cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú atá ann go ndéanfaidh an iniúchóireacht a déanadh de réir ISAs (na hÉireann) gach míshonrú ábhartha a aimsiú nuair is ann dá leithéid. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Tá cur síos níos iomláine ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchóireacht na ráiteas airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin IASSA:
*http://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf*.
Tá an cur síos seo mar chuid dhílis dár dtuarascáil iniúchóra.

**Cuspóir lenár gcuid oibre iniúchóireachta agus cé dóibh atáimid freagrach**

Is do bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, a thugtar ár dtuarascáil de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Déanadh ár gcuid oibre iniúchóireachta i dtreo is go mbeadh ar ár gcumas na nithe sin is gá dúinn a chur in iúl do bhaill na Cuideachta a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid agus a cheadaítear sa dlí é, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas don Chuideachta agus do bhaill na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá againn.

Cathal McDonagh
do, agus thar ceann,
Ernst & Young, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla

Gaillimh

Dáta: 27 Márta 2023

***Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais***
*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022*

| | *Nóta* | **Iomlán 2022 €'000** | Iomlán 2021 *(athdhearbhaithe Nóta 8)* €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam Reatha** | *2* | **60,681** | 34,484 |
| Costas díolachán | | **(7,975)** | (3,636) |
| **Ollbhrabús** | | **52,706** | 30,848 |
| Speansais riaracháin | | **(44,526)** | (29,916) |
| | | **8,180** | 932 |
| Ioncam Eile | *3* | **12,086** | 26,554 |
| Speansais eile | *3* | **(37)** | - |
| **Brabús oibriúcháin** | *4* | **20,229** | 27,486 |
| Ioncam airgeadais | *6* | **38** | 39 |
| Costas airgeadais | *6* | **(1,381)** | (1,371) |
| **Brabús roimh cháin ó oibríochtaí leanúnacha** | | **18,886** | 26,154 |
| Costas cánach ioncaim | *7* | **(2,971)** | (575) |
| **Brabús don bhliain ó oibríochtaí leanúnacha** | | **15,915** | 25,579 |
| ***Oibríochtaí scortha*** | | | |
| (Caillteanas)/brabús tar éis cánach ó oibríochtaí scortha | *8* | **(253)** | 394 |
| **Brabús don bhliain** | | **15,662** | 25,973 |

Is cuid dhílis de na ráitis chomhdhlúite airgeadais seo iad na nótaí atá ar fáil idir leathanach 59 agus leathanach 114.

***Ráiteas Comhdhlúite ar an Ioncam Cuimsitheach Eile***
*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022*

| | Nóta | Iomlán 2022 €'000 | Iomlán 2021 (athdhearbhaithe Nóta 8) €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain** | | **15,662** | 25,973 |
| ***Ioncam cuimsitheach eile*** | | | |
| *Míreanna nach ndéanfar ath-aicmiú orthu chuig brabús nó caillteanas* | | | |
| Gnóthachain atomhais ar shochar sainithe dliteanas pinsin | 23 | **600** | 72 |
| Muirear cánach iarchurtha gaolmhar | 13 | **(75)** | (9) |
| **Ioncam cuimsitheach eile, gan cáin a áireamh** | | **525** | 63 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán is inchurtha i leith sealbhóir cothromais** | | **16,187** | 26,036 |

Is cuid dhílis de na ráitis chomhdhlúite airgeadais seo iad na nótaí atá ar fáil idir leathanach 59 agus leathanach 114.

***Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais***
*amhail an 31 Nollaig 2022*

| | *Nóta* | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | *9* | **217** | 483 |
| Maoin, gléasra agus trealamh | *10* | **55,026** | 59,284 |
| Sócmhainní cearta úsáide | *25* | **217** | 1,775 |
| Aonaid mhaoine infheistíochta | *11* | **132,188** | 116,471 |
| Léas airgeadais infhaighte | *12* | **247** | 259 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | *13* | **16** | 92 |
| **Sócmhainní neamh-reatha** | | **187,911** | 178,364 |
| | | | |
| Léas airgeadais infhaighte | *12* | **32** | 32 |
| Fardail | *14* | **1,472** | 1,904 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | *15* | **7,183** | 8,715 |
| Airgead tirim agus a choibhéis | *17* | **56,939** | 62,161 |
| **Sócmhainní reatha** | | **65,626** | 72,812 |
| Sócmhainní arna gcoinneáil lena ndíol | *8* | **3,959** | - |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **69,585** | 72,812 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **257,496** | 251,176 |
| | | | |
| **Caipiteal gnáthscaireanna** | | | |
| An Scairchaipiteal | *18* | **38** | 38 |
| Cúlchiste Ranníocaíochta caipitil | *18* | **112,275** | 112,275 |
| Tuilleamh coimeádta | | **74,383** | 58,196 |
| **Cothromas iomlán** | | **186,696** | 170,509 |
| | | | |
| **Dliteanais** | | | |
| Iasachtaí agus fiachais | *22* | **24,476** | 29,279 |
| Ioncam iarchurtha | *20* | **13,474** | 12,458 |
| Soláthairtí | *21* | **2,603** | 1,751 |
| Dliteanas Cánach Iarchurtha | *13* | **835** | 46 |
| Sochair d'fhostaithe | *23* | **128** | 738 |
| **Dliteanais neamh-reatha** | | **41,516** | 44,272 |
| | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | *19* | **21,518** | 29,566 |
| Iasachtaí agus fiachais | *22* | **2,631** | 2,175 |
| Ioncam iarchurtha | *20* | **1,759** | 1,431 |
| Soláthairtí | *21* | **1,876** | 1,880 |
| Dliteanais chánach reatha | | **93** | 1,343 |
| **Dliteanais reatha** | | **27,877** | 36,395 |
| Dliteanais a bhaineann go díreach leis na sócmhainní a choinnítea lena ndíol | *8* | **1,407** | - |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **29,284** | 36,395 |
| | | | |
| **Dliteanais iomlána** | | **70,800** | 80,667 |
| **Cothromas agus dliteanais iomlán** | | **257,496** | 251,176 |

Is cuid dhílis de na ráitis chomhdhlúite airgeadais seo iad na nótaí atá ar fáil idir leathanach 59 agus leathanach 114.

Thar ceann an Bhoird

*Conal Henry*
*Stiúrthóir*

*Mary Considine*
*Stiúrthóir*

*23 Márta 2023*

***Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais***
*amhail an 31 Nollaig 2022*

| | Nóta | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Sócmhainní Airgeadais | 16 | **78,618** | 78,618 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 9 | **84** | 109 |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 10 | **85** | 26 |
| **Sócmhainní neamh-reatha** | | **78,787** | 78,753 |
| Sócmhainní cánach reatha | | **7** | 7 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 15 | **1,202** | 748 |
| Airgead tirim agus a choibhéis | 17 | **442** | 1,074 |
| **Sócmhainní reatha** | | **1,651** | 1,829 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **80,438** | 80,582 |
| **Caipiteal gnáthscaireanna** | | | |
| An Scairchaipiteal | 18 | **38** | 38 |
| Cúlchiste Ranníocaíochta caipitil | 18 | **112,275** | 112,275 |
| Easnamh coinnithe | | **(33,472)** | (33,478) |
| **Cothromas iomlán** | | **78,841** | 78,835 |
| **Dliteanais** | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 19 | **1,356** | 1,367 |
| Soláthairtí | 21 | **241** | 380 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,597** | 1,747 |
| **Cothromas agus dliteanais iomlán** | | **80,438** | 80,582 |

Thuairiscigh an chuideachta brabús de €6,000 (2021: €672,000) don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022.

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí atá ar fáil idir leathanach 59 agus leathanach 114.

Thar ceann an Bhoird

*Conal Henry*
*Stiúrthóir*

*Mary Considine*
*Stiúrthóir*

*23 Márta 2023*

***Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe i gCaipiteal Gnáthscaireanna***
*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022*

| | **An Scairchaipiteal €'000** | **Ranníocaíocht caipitil cúlchiste €'000** | **Tuilleamh coimeádta €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2021 | 38 | 112,275 | 32,160 | 144,473 |
| Brabús don bhliain | - | - | 25,973 | 25,973 |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | - | 63 | 63 |
| *Ioncam cuimsitheach iomlán* | - | - | 26,036 | 26,036 |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | 38 | 112,275 | 58,196 | 170,509 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2022** | **38** | **112,275** | **58,196** | **170,509** |
| Brabús don bhliain | **-** | **-** | **15,662** | **15,662** |
| Ioncam cuimsitheach eile | **-** | **-** | **525** | **525** |
| *Ioncam cuimsitheach iomlán* | **-** | **-** | **16,187** | **16,187** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **38** | **112,275** | **74,383** | **186,696** |

Tá gach suim iarchurtha i leith sealbhóir/úinéir chothromais na Cuideachta.

Is cuid dhílis de na ráitis chomhdhlúite airgeadais seo iad na nótaí atá ar fáil idir leathanach 59 agus leathanach 114.

***Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe i gCaipiteal Gnáthscaireanna***
*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022*

| | **An Scairchaipiteal €'000** | **Ranníocaíocht caipitil cúlchiste €'000** | **Easnamh coinnithe €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2021 | 38 | 112,275 | (34,150) | 78,163 |
| Brabús don bhliain | - | - | 672 | 672 |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | - | - | - |
| *Ioncam cuimsitheach iomlán* | - | - | 672 | 672 |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | 38 | 112,275 | (33,478) | 78,835 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2022** | **38** | **112,275** | **(33,478)** | **78,835** |
| Brabús don bhliain | **-** | **-** | **6** | **6** |
| Ioncam cuimsitheach eile | **-** | **-** | **-** | **-** |
| *Ioncam cuimsitheach iomlán* | **-** | **-** | **6** | **6** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **38** | **112,275** | **(33,472)** | **78,841** |

Tá gach suim iarchurtha i leith sealbhóir/úinéir chothromais na Cuideachta.

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí atá ar fáil idir leathanach 59 agus leathanach 114.

***Ráiteas Comhdhlúite ar an Sreabhadh Airgid***
*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022*

| | Nóta | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhartha oibriúcháin** | | | |
| Brabús ó oibríochtaí leanúnacha | | **15,915** | 25,579 |
| (Caillteanas)/brabús ó oibríochtaí scortha | 8 | **(253)** | 394 |
| Brabús don bhliain | | **15,662** | 25,973 |
| *Coigeartuithe maidir le:* | | | |
| Amúchadh deontas caipitil | 20 | **(1,406)** | (506) |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 9 | **234** | 236 |
| Dímheas maoine, gléasra agus trealaimh | 10 | **8,000** | 7,197 |
| Dímheas sócmhainní cearta úsáide | 25 | **283** | 312 |
| Athrú ar luach cóir réadmhaoine infheistíochta | 11 | **(4,920)** | (9,927) |
| Gnóthú ar dhiúscairt réadmhaoine infheistíochta | 11 | **(67)** | (10,439) |
| Caillteanas ar dhiúscairt/díscríobh maoine, gléasra agus trealaimh | | **91** | 479 |
| Gnóthachan ar mhodhnú léasa | | **-** | (9) |
| Caillteanas lagaithe aitheanta tar éis na sócmhainní arna gcoinneáil lena ndíol a athomhas | 8 | **1,851** | - |
| Ioncam airgeadais | 6,8 | **(38)** | (39) |
| Costas airgeadais | | **1,453** | 1,393 |
| Muirear cánach | 7 | **2,971** | 568 |
| | | **24,114** | 15,238 |
| *Athruithe ar:* | | | |
| - Fháltais Trádála agus fáltais eile | | **613** | (796) |
| - Fardail | | **(142)** | 118 |
| - Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | | **(6,800)** | 4,609 |
| - Soláthairtí | | **926** | (414) |
| - Sochair d'fhostaithe | 23 | **(21)** | - |
| - Léas airgeadais infhaighte | | **12** | 12 |
| **Airgead ginte ó ghníomhartha oibriúcháin** | | **18,702** | 18,767 |
| Ús faighte agus ioncam dá choibhéis | | **-** | - |
| Ús íoctha | | **(1,304)** | (811) |
| Cánachas (íoctha)/aisíocaíocht faighte (glan) | | **(3,431)** | 935 |
| **Airgead glan ó ghníomhartha oibriúcháin** | | **13,967** | 18,891 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhartha infheistíochta** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe | | **(8,368)** | (13,329) |
| Ceannach réadmhaoine infheistíochta | | **(13,211)** | (2,578) |
| Deontais Chaipitil a fuarthas | 20 | **4,988** | 11,618 |
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | **2** | 3 |
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine infheistíochta | | **858** | 20,451 |
| **Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(15,731)** | 16,165 |
| **Sreafaí airgid ó oibriúcháin mhaoinithe** | | | |
| Aisíocíocht iasachtaí agus iasachtaíochtaí | | **(2,759)** | (1,811) |
| Dliteanais léasa a íoc | 25 | **(279)** | (276) |
| **Airgead glan ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | **(3,038)** | (2,087) |
| **Glan(laghdú)/méadú ar airgead tirim agus a choibhéisí** | | **(4,802)** | 32,969 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid ag tús na bliana | | **62,161** | 29,192 |
| **Airgead tirim agus a choibhéisí ag deireadh na bliana** | 17 | **57,359** | 62,161 |

***Ráiteas ar Shreabhadh Airgid na Cuideachta***
*don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022*

| | Nóta | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhartha oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | **6** | 672 |
| *Coigeartuithe maidir le:* | | | |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | *9* | **25** | 8 |
| Dímheas maoine, gléasra agus trealaimh | *10* | **19** | 13 |
| | | **50** | 693 |
| *Athruithe ar:* | | | |
| - Fháltais Trádála agus fáltais eile | | **(454)** | (44) |
| - Suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna iníoctha eile | | **(11)** | (86) |
| - Soláthairtí | | **(139)** | 180 |
| **Airgead tirim (a úsáidtear i)/arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **(554)** | 743 |
| Cánachas íoctha | | **-** | (1) |
| **Airgead glan ó ghníomhartha oibriúcháin** | | **(554)** | 742 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhartha infheistíochta** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe | *10* | **(78)** | - |
| **Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(78)** | - |
| **Sreafaí airgid ó oibriúcháin mhaoinithe** | | **-** | - |
| **Glan(laghdú)/méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | **(632)** | 742 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid ag tús na bliana | | **1,074** | 332 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ag deireadh na bliana** | *17* | **442** | 1,074 |

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais***
*agus atá ina chuid dílis de na ráitis airgeadais*

## 1. Beartas chuntasaíochta

### 1.1 An t-eintiteas tuairiscithe

Is cuideachta é Grúpa na Sionainne cpt (an "Chuideachta") a bhfuil sainchónaí air in Éirinn. Is é atá i ráitis chomhdhlúite airgeadais na Cuideachta ná an Chuideachta agus a fochuideachtaí (a dtugtar an "Grúpa" orthu in éineacht agus a dtugtar "eintitis Ghrúpa" go hindibhidiúil orthu).

I ndiaidh achtaithe an tAcht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne) 2014 ("Acht Ghrúpa na Sionainne"), déanadh corprú ar Ghrúpa na Sionainne cpt ar an 29 Lúnasa 2014. Tá iomlán an scairchaipitil a eisíodh don Chuideachta coimeádta go fóinteach ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ar an 5 Meán Fómhair 2014, aistríodh úinéireacht na scaireanna go léir ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in Údarás Aerfort na Sionainne cpt agus Fiontair Tráchtála na Sionainne Teoranta (a raibh Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne roimhe seo air) chuig Grúpa na Sionainne cpt ("Grúpa na Sionainne"). Bhí foráil in Acht Ghrúpa na Sionainne nach mbeadh aon chomaoin iníoctha ag Grúpa na Sionainne maidir le scaireanna dílsithe i nGrúpa na Sionainne.

Rinneadh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a fhaomhadh le heisiúint ar an 23 Márta 2023.

Tugtar sonraí anseo a leanas ar na polasaithe cuntasaíochta a chuirtear i bhfeidhm go leanúnach sa déileáil le nithe a cheaptar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus cuireann gach eintiteas de chuid an Ghrúpa i bhfeidhm go leanúnach iad.

### 1.2 An bonn leis an ullmhúchán

Ullmhaíodh na ráitis chomhdhlúite airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSs) agus a mbrí eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IASB) mar atá glactha ag an AE ("EU IFRS").

Ullmhaíodh ráitis airgeadais indibhidiúla na Cuideachta ("ráitis airgeadais na Cuideachta") de réir EU IFRS a cuireadh i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí 2014, a cheadaíonn do chuideachta a fhoilsíonn ráitis airgeadais a Cuideachta agus a Grúpa in éineacht leas a bhaint as an díolúine in Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le Ráiteas na Cuideachta ar Bhrabús nó Caillteanas agus na nótaí a bhaineann leis ar chuid de ráitis airgeadais fhaofa na Cuideachta iad, a chur i láthair na mball.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta, a chuirtear i láthair sa Euro, airgeadra feidhmeach na Cuideachta agus gach ceann dá fochuideachtaí, ar bhonn chostais stairiúil, ach amháin na nithe ábhartha seo a leanas sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais:

- déantar réadmhaoin infheistíochta a thomhas de réir luacha choir; agus
- aithnítear dliteanas ar phlean sochair sainithe mar luach cóir sócmhainní de chuid an phlean lúide luach reatha oibleagáidí an phlean sochair sainithe.

Déantar tuilleadh plé sna nótaí ábhartha ar na modhanna a úsáideadh le luachanna córa a thomhas.

### 1.3 Gnóthas Leantach

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil acmhainní airgeadais imleor ar fáil le ceadú don Ghrúpa agus Cuideachta freastal ar a oibleagáidí de réir mar a bhíonn siad dlite, ag clúdach tréimhse suas go dtí an 31 Márta 2024. Tá athbhreithniú déanta ag na stiúrthóirí ar réamh-mheastacháin an Ghrúpa, agus iad ag teacht ar a dtuairim, le tagairt ar leith do leachtacht an Ghrúpa, sreafaí airgid oibriúcháin, méideanna ionchasacha paisinéirí, tacaíochtaí rialtais agus saoráidí bainc atá ann cheana féin. Dá bharr sin, tá na stiúrthóirí ag leanúint leis an mbonn mar ghnóthas leantach a ghlacadh agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

## 1 Beartas Chuntasaíochta *(ar leanúint)*

### 1.4 An comhdhlúthú

Déanann ráitis airgeadais an Ghrúpa comhdhlúthú ar ráitis airgeadais Ghrúpa na Sionainne agus gach ceann dá fhochuideachtaí mar atá sonraithe i Nóta 16. Dá bhrí sin, is torthaí comhdhlúite iad na ráitis airgeadais seo do Ghrúpa na Sionainne cpt, CGA Údarás Aerfort na Sionainne ("Aerfort na Sionainne") agus CGA Fiontair Thráchtála na Sionainne ("Fiontair Thráchtála na Sionainne"), in éineacht leis na torthaí d'fhochuideachta CGA Fhiontair Thráchtála na Sionainne, CGA Oidhreacht na Sionainne ("Oidhreacht na Sionainne"), agus fochuideachtaí CGA Údarás Aerfort na Sionainne, CGA Iontaobhas Corparáideach Pinsin SAA agus CGA Seirbhísí Airgeadais Údaráis an Aerfoirt SAA, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022.

Áitítear torthaí ghníomhaíochtaí na bhfochuideachtaí ceannaithe nó diúscartha i rith na bliana sa Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais ón dáta ceannaithe nó suas go dtí an dáta diúscartha. Bíonn rialú i gceist nuair a bhíonn an Chuideachta neamhchosanta nó ceart aici ar shochar athraitheach agus é a bheith ar a cumas na torthaí seo a thabhairt i gcrích trína cumhacht ar institiúid infheistiúcháin.

Cuirtear as an áireamh comhordaithe agus ioncam agus speansais idirghrúpa a éiríonn as idirbheartaíocht idir-Ghrúpa agus na ráitis chomhdhlúite airgeadais á n-ullmhú.

### 1.5 Ioncam Reatha

Tá roinnt sruthanna ioncaim curtha á oibriú ag an nGrupa agus roinnt modhanna a curtha i bhfeidhm aige dá bharr chun an t-ioncam a thuairisciú, bunaithe ar na prionsabail atá leagtha amach in IFRS 15 – Ioncam Reatha ("IFRS 15").

Leis na caighdeáin, leagtar amach na prionsabail gur gá leis na heintitis a chur i gcrích chun an t-ioncam reatha a thomhas agus a thuairisciú, agus an príomhphrionsabal ná gur cheart do heintitis a chur san áireamh an t-ioncam reatha a thuairisciú lena gcuirtear san áireamh an chomaoin dá mbeadh an t-eintiteas ag súil mar chúiteamh dá n-oibleagáidí feidhmíochta don chustaiméir a chomhlíonadh.

Caithfidh prionsabail IFRS 15 a chur i bhfeidhm tríd an tsamhail cúig chéime seo a leanas a leanúint:
1. An conradh/na conarthaí le custaiméir a aithint.
2. Dualgais fheidhmíochta an chonartha a aithint.
3. Praghas an idirbhirt a shocrú.
4. Praghas an idirbhirt a leithdháileadh ar na dualgais fheidhmíochta atá sa chonradh.
5. Ioncam a aithint nuair a shásaíonn an t-aonán dualgas feidhmíochta nó agus é á dhéanamh.

Tá an t-ioncam reatha agus an brabús a aithnítear in aon tréimhse bunaithe ar sholáthar oibleagáidí feidhmíochta chomh maith le ar meastóireacht ar cathain a aistrítear an smacht don chustaiméir. Aithnítear ioncam aerloingseoireachta glan ar lacáistí agus lascainí agus cuimsíonn sé táillí ar phaisinéirí a aithnítear ar a bhfágáil, nó 'le himeacht ama' de réir mar a aistrítear an oibleagáid feidhmiúcháin don chustaiméir.

Baineann na critéir aitheantais ioncaim seo a leanas le príomhshruthanna ioncaim an Ghrúpa.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**1 Beartas Chuntasaíochta *(ar leanúint)***

**1.5 An tIoncam Reatha *(ar leanúint)***
*Ioncam reatha aerloingseoireachta agus ioncam atá gaolmhar leis*
Aithnítear ioncam aerloingseoireachta glan ó aisíocaíochtaí ar sheirbhís a sholáthar don chustaiméir, agus cuimsítear leis:

- táillí ar phaisinéirí a aithnítear ag am a n-imeachta;
- táillí um ghluaiseacht rúidbhealaigh (an tuirlingt agus an éirí de thalamh) a ghearrtar de réir uasmheáchan an aerárthaigh ag tráth an éirithe de thalamh, agus na táillí páirceála aerárthach atá gaolmhara leo, bunaithe ar mhéid ama páirceála agus an t-achar úsáidte, a ghearrtar iad araon ag tráth an imeachta;
- muirir pháirceála aerárthaí fadtéarmacha bunaithe ar mheascán den méid ama a bhfuiltear páirceáilte agus an limistéar úsáide, agus aithnítear iad nuair a dhéantar na seirbhísí a sholáthar;
- agus táillí eile a aithnítear nuair a chuirtear seirbhísí ar fáil.

*Ioncam reatha miondíola*

- Tuairiscítear an t-ioncam reatha miondíola ó ghnólachtaí Turasóireachta agus Aerfoirt an Ghrúpa nuair a aistrítear an smacht ar na hearraí don chustaiméir.

*Ioncam reatha ón turasóireacht*

- Tuairiscítear ioncam iontrála agus cóisire ar sheirbhís a sholáthar don chustaiméir ag amanna ar leith.
- Tuairiscítear ioncam ballraíochta thar an tréimhse lena mbaineann sé.
- Aithnítear táillí bainistíochta ó oibriú tarraingtí turasóireachta thar an tréimhse lena mbaineann sé.

Le linn 2021, rinne an Grúpa bainistiú agus oibriú ar roinnt áiteanna a mbíonn tóir ag turasóirí orthu mar a mbíonn táille bainistíochta ar fáil ó úinéir deiridh na háite a mbíonn tóir uirthi. Toisc gur chinn an Grúpa nach bhfuil smacht iomlán aige ar na seirbhísí don chustaiméir, tá sé tar éis teacht den tuairim gur mar ghníomhaire a fheidhmíonn sé seachas mar phríomhaí maidir leis na socruithe seo agus déantar an táille bainistíochta a thaifeadadh mar ioncam thar an tréimhse lena mbaineann sé.

Íocadh an méid a bhailítear thar ceann an phríomhaí (m.sh. táillí iontrála) leis an bpríomhaí agus ní dhéantar é a thaifeadadh mar ioncam. Bhí na costais a bhaineann le feidhmiú na n-áiteanna seo inaisíoctha go hiomlán, ar a n-áirítear costais fhostaithe áirithe a bhíonn fostaithe ag an nGrúpa.

*Ioncam reatha ón maoin tráchtála*

- Tuairiscítear an t-ioncam cíosghnólachta ón maoin infheistíochta de réir bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa. Socruithe léasa fadtéarma atá i gceist leis na conarthaí atá déanta.

*Táille deonuithe aerfoirt agus ioncam reatha cíosghnólachta*

- Tuairiscítear ioncam reatha ó tháillí deonuithe a bhfaightear ó lamhháltóirí tráchtála de réir an phraghas an idirbheart lena mbeifear ag súil leis a bheith i dteideal le dá n-aistreofaí an tseirbhís don chustaiméir agus aon ioncam gaolmhar leis sin, agus tuairiscítear é thar na tréimhse lena soláthraítear na seirbhísí.
- Tuairiscítear an t-ioncam cíosghnólachta ón maoin atá ar an gcampas Aerfoirt de réir bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

*Ioncam reatha ó ghníomhaíochtaí eile tráchtála*
Áirítear, leis an ioncam reatha ó ghníomhaíochtaí tráchtála eile:

- An táille tréchur chun seachadadh breosla, a thuairiscítear é de réir mar a sheachadtar an breosla don aerárthach; agus
- Ioncam carrchlóis a dhéantar é a thuairisciú toisc gur meastar an tseirbhís a bheith soláthraithe don chustaiméir.

*Ioncam eile*
Aithnítear ioncam eile de réir na bhforálacha ginearálta thuas, is é sin nuair a sholáthraítear seirbhís don chustaiméir (i.e. go ndéantar an dualgas feidhmíochta a shásamh).

Is ag leibhéal an tsrutha ioncaim a dhéantar an t-ioncam reatha a im-dhealú. Gintear an t-ioncam reatha go léir ó sruthanna ioncaim an Ghrúpa in Éirinn.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

## 1 Beartas Chuntasaíochta *(ar leanúint)*

### 1.5 An tIoncam Reatha *(ar leanúint)*
Ag tús an chonartha déantar meastachán ar an bpraghas idirbhearta iomlán, is é sin a rá an tsuim lena mbeadh an Grúpa ag súil le bheith i dteideal leis agus dá bhfuil cearta aige leis de réir an chonartha reatha. Leis seo, áirítear meastóireacht ar aon chomaoin inathraitheach a bhféadfar feidhmíocht an Ghrúpa toradh a bheith aige ar ioncaim bhreise mar gheall miosúir feidhmiúcháin áirithe a bheith bainte amach.

Caithfidh an bhainistíocht roinnt cinntí agus toimhdí a dhéanamh chun déanamh amach suim an ioncaim reatha agus an bhrabúis, agus míreanna cláir chomhordaithe gaolmhara leo (dála fáltais trádála, ioncam fabhraithe agus ioncam iarchurtha) le bheith tuairiscithe sa tréimhse.

Cuimsítear, mar chuid de chonarthaí custaiméara an Ghrúpa, raon éagsúil de sceidil íocaíochta a bhraitheann ar an gcineál agus an saghas seirbhísí atá á soláthar. Aontaíonn an Grúpa sceidil íocaíochta ag tús conarthaí agus faigheann sé íocaíochtaí fúthu ar fud théarma na conarthaí. Féadfar go n-áireofar leis na sceidil íocaíochtaí seo íocaíochtaí feidhmíochta-bhunaithe nó íocaíochtaí bunaithe ar an dul chun cinn chomh maith le híocaíochtaí rialta nó ráithiúla le haghaidh soláthar seirbhíse leanúnach. Féadfar gur ag an ndáta seachadta, go riaráisteach nó mar pháirt íocaíocht roimh ré a mbíonn íocaíochtaí le hearraí idirbhearta agus le seirbhísí idirbheartaíochta.

Sa chás go bhfuil luach íocaíochtaí níos mó ná an t-ioncam reatha atá tuairiscithe ag dáta deiridh tréimhse áirithe, tuairiscíonn an Grúpa dliteanas conartha don difríocht sin. Sa chás go bhfuil táirge nó seirbhís soláthraithe ach nach bhfuil íocaíochtaí fós tuairiscithe leis, glacann an Grúpa le sócmhainn conartha don difríocht sin.

Táthar tar éis na dualgais feidhmíochta go léir ón mbliain airgeadais a shásamh, seachas mar atá leagtha amach sna polasaithe thuas, agus níl aon chinntí ná toimhdí de dhíth chun meastachán a dhéanamh ar phraghas an idirbhirt nó chun ioncam a leithdháileadh le hoibleagáidí feidhmiúcháin.

### 1.6 Airgeadraí eachtracha
Déantar idirbheartaíocht in airgeadra eachtrach a aistriú chuig an Euro, ar é airgeadra feidhmeach na Cuideachta agus gach forchuideachta é, de réir an ráta margaidh airgeadraí a bhíonn ann ag dáta an idirbhearta.

Ansin déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach a ath-aistriú ag an ráta malairte a bhíonn ann ag an dáta tuairisce. Déantar ath-aistriú ar shócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach a thugtar ag luach cóir chuig an airgeadra feidhmeach ag na rátaí malairte a bhíonn ag na dátaí ar ar socraíodh an luach cóir. Ní dhéantar ath-aistriú ar shócmhainní neamhairgeadaíochta.

Aithnítear difríochtaí i malairt eachtrach ar aistriú sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas.

### 1.7 Teaglamaí de ghnólachtaí
Úsáidtear bonn éadála na cuntasaíochta le cuntas a thabhairt ar éadáil fhochuideachtaí ag an nGrúpa. Úsáidtear an modh seo ag an dáta éadála, ar é an dáta é ar a n-aistrítear an rialú chuig an nGrúpa.

Fuair Grúpa na Sionainne cpt scairchaipiteal eisithe iomlán Aerfort na Sionainne agus Fiontair Thráchtála na Sionainne, trí ranníocaíocht chaipitil, le feidhm ón 5 Meán Fómhair 2014. Tugadh cuntas ar seo mar idirbheart coitianta rialaithe, agus rinneadh cuntas ar ghlansócmhainní ag glanluach na leabhar. Dá bhrí sin ní raibh aon cháilmheas i gceist leis an éadáil chun críche chomhdhlúite. Toisc gur aistríodh na scaireanna sa dá aonán, a thóg Grúpa na Sionainne ar láimh, gan aon chomaoin, caitheadh leis an aistriú ar na scaireanna mar ranníocaíocht chaipitiúil.

### 1.8 Míreanna eisceachtúla
Tá an Grúpa tar éis glacadh le leagan amach Ráitis ar Bhrabús nó Caillteanas ina ndéantar iarracht ar bhéim a chur ar nithe suntasacha i dtorthaí an Ghrúpa don bhliain. Creideann an Grúpa go bhfuil níos mó céile leis an gcur i láthair seo agus gur anailís níos cuidiúla atá ann toisc go gcuirtear béim ar nithe neamhthrádála. Is féidir go n-áireofaí ar nithe dá leithéid costais athstruchtúraithe nó éadála, brabús nó caillteanas ar dhiúscairtí sócmhainní nó oibríochtaí, in éineacht le nithe neamhthrádála de réir a nádúir. Tugann an Grúpa breith agus measúnú á dhéanamh aige ar nithe ar leith ar chóir go ndéanfaí iad a nochtadh sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas, toisc iad a bheith suntasach nó minicíocht a bheith ag baint leo, mar aon le nótaí ábhartha mar mhíreanna eisceachtúla.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**1 Beartas Chuntasaíochta** *(ar leanúint)*

### 1.9 Maoin, gléasra agus trealamh

Tugtar réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais, lúide dímheasa carntha agus aon chaillteanais lagaithe.

Nuair a bhíonn saolré ionchais éagsúil ag baint le páirteanna de réadmhaoin, gléasra agus trealamh, tugtar cuntas orthu mar mhíreanna ar leith réadmhaoine, gléasra agus trealaimh.

Tugtar obair thógála a bhíonn ar siúl ar chostas agus baineann sé le caiteachas caipitiúil ar thionscadail tógála nach mbíonn críochnaithe ag deireadh na bliana. Déantar sócmhainní atá á dtógáil a aistriú chuig sócmhainní atá críochnaithe nuair a bhíonn formhór na ngníomhaíochtaí a bheadh riachtanach leis an sócmhainn a bheith ullamh le húsáid críochnaithe. Ní chuirtear dímheas i bhfeidhm ar shócmhainní a bhíonn á dtógáil. Le costas talún agus foirgneamh tionsclaíoch agus oibre thógála atá idir láimh áirítear cionroinnt de na costais a bhaineann leis an bhfoireann atá comhcheangailte go díreach le gnóthú nó le forbairt na sócmhainní.

Aithnítear aon ghnóthachan nó caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealamh, ríofa mar an difríocht idir glanfháltais na diúscartha agus suim ghlanluacha na míre, mar bhrabús oibriúcháin ar chríochnú an díolacháin. Nuair a mheastar gnóthachán nó caillteanas a bheith suntasach déantar sin a nochtadh mar mhír Eisceachtúil de réir 1.8.

Ní bhíonn caiteachas ina dhiaidh sin caipitlithe ach más dóichí go dtiocfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis an gcaiteachas chuig an nGrúpa.

Déantar dímheas a chur sa Ráiteas Brabúis nó Caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar shaolré ionchais measta gach páirt den réadmhaoin, gléasra agus trealamh. Ní dhéantar dímheas ar thalamh. Seo a leanas saolré ionchais measta:

| | |
|---|---|
| Coimpléacsanna chríochfoirt, aerpháirceanna agus maoin eile aerfoirt | 10 – 50 bliain |
| Foirgnimh agus infreastruchtúr tionsclaíoch agus turasóireachta | 5 – 30 bliain |
| Mionathruithe ar fhoirgnimh | 20 bliain |
| Troscán, daingneáin agus feistis | 2 – 20 bliain |
| Mótarfheithiclí | 4 – 5 Bliain |
| Trealamh TFC | 3 – 5 bliana |

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna dímheasa, saolré ionchais agus luachanna iarmharacha ag gach dáta tuairiscithe. Déantar soláthar freisin d'aon bhearnú ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar aon dul le 1.11.

Tuilleann an Grúpa ioncam cíosa ó roinnt sócmhainní de chuid an Aerfoirt a choimeádtar mar réadmhaoin, gléasra agus trealamh. Bíonn na sócmhainní seo ag teastáil d'fheidhmiú an Aerfoirt agus le sruthanna ioncaim aerloingseoireachta agus eile a ghiniúint. Níl ar chumas an Ghrúpa a leithéid de shócmhainní a dhíol toisc a chóngaraí atá siad don aerpháirc agus don rúidbhealach agus toisc nach ngineann na sócmhainní seo sreabhadh airgid neamhspleách ar na sócmhainní eile atá ag an nGrúpa ní shásaíonn siad na riachtanais a bhaineann le bheith rangaithe mar Réadmhaoin Infheistíochta de réir IAS 40.

### 1.10 Sócmhainní doláimhsithe

Tugtar na sócmhainní doláimhsithe a bhíonn faighte ag an nGrúpa de réir a gcostas lúide amúchadh carntha agus lúide aon chaillteanas lagaithe.

Déantar amúchadh a chur sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas ar bhonn an mhéid chothroim thar shaolré ionchais measta na sócmhainní doláimhsithe mura mbíonn a leithéid de shaolré éiginnte. Déantar tástáil chórasach ar shócmhainní doláimhsithe maidir le lagú ag dáta deiridh gach bliain. Déantar amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe eile ón dáta ar a mbíonn siad ar fáil le húsáid. Seo a leanas saolré ionchais measta:

| | |
|---|---|
| Bogearraí ríomhaire | 3 – 6 bliain |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

## 1 Beartas Chuntasaíochta *(ar leanúint)*

### 1.11 Bearnú sócmhainní neamhairgeadaíochta

Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha shócmhainní neamhairgeadaíochta an Ghrúpa, seachas fardail (ag costas agus glanluach inréadaithe níos ísle), réadmhaoin infheistíochta (á tomhas ag luach cóir), agus sócmhainní cánach iarchurtha (aitheanta ar bhonn in-aisghabhála) ag gach dáta tuairiscithe le cinneadh a dhéanamh an ann d'aon chomhartha bearnaithe. Más ann d'aon chomhartha dá leithéid, déantar tástáil bhearnaithe agus déantar an sócmhainn a leagadh anuas chuig a méid inaisghabhháltachta de réir mar is cuí.

Bíonn méid in-aisghabhála na sócmhainne nó an aonaid ginte airgid ("CGU") níos mó ná a luach in úsáid agus a luach cóir lúide costais le díol. Agus luach in úsáid á mheas, déantar sreabhadh airgid measta don todhchaí a lascainiú go dtí a luach reatha ag úsáid rátaí lascainithe roimh cháin a léiríonn measúnachtaí reatha an mhargaidh ar luach ar airgead ag an am agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an sócmhainn. Chun críche na tástála bearnaithe, déantar sócmhainní nach féidir iad a thástáil go hindibhidiúil a ghrúpáil le chéile sna grúpaí is lú de shócmhainní a ghineann insreabhadh airgid ó úsáid leanúnach atá neamhspleách den chuid is mó ar insreabhadh airgid ó shócmhainní eile nó grúpa sócmhainní (an "t-aonad ginte airgid").

Aithnítear caillteanas lagaithe má bhíonn suim ghlanluacha na sócmhainne nó a aonad ginte airgid níos mó ná an suim in-aisghabhála measta. Tuairiscítear caillteanais lagaithe mar bhrabús nó caillteanas.

Déantar measúnú ar chaillteanais lagaithe i dtréimhsí roimhe seo ag gach dáta tuairiscithe maidir le haon chomhartha go mbíonn an caillteanas laghdaithe nó nach ann dó níos mó. Déantar caillteanas lagaithe a fhreaschur má bhíonn athrú ar na meastacháin a úsáideadh leis an suim in-aisghabhála a shocrú. Ní dhéantar caillteanas lagaithe a aisiompú ach amháin sa mhéid is nach mbíonn suim ghlanluacha na sócmhainne níos mó ná an suim ghlanluacha a bheadh socraithe, glan ar dhímheas nó amúchadh, mura raibh aon chaillteanas lagaithe aitheanta.

### 1.12 Aonaid mhaoine infheistíochta

Is é atá i réadmhaoin infheistíochta ná réadmhaoin a bhíonn coimeádta le hioncam cíosa a thuilleamh nó chun críche luachmhéadaithe caipitil nó don dá cheann, agus nach bhfuil in úsáid ag an nGrúpa.

Tugtar cuntas ar ioncam cíosa ó réadmhaoin infheistíochta faoi mar atá sa chur síos sa pholasaí cuntasaíochta ar ioncam.

Déantar réadmhaoin infheistíochta a thomhas de réir luacha choir. Is é atá sa luach cóir ná an praghas a bheadh le fáil dá ndéanfaí an réadmhaoin a dhíol in idirbheartaíocht eagraithe idir rannpháirtithe sa mhargadh bunaithe ar úsáid na sócmhainne is airde agus is fearr. Aithnítear aon bhrabús nó caillteanas a éiríonn as athruithe ar an luach cóir i mbrabús nó caillteanas sa tréimhse ina dtarlódh sin. Ar dhiúscairt réadmhaoine infheistíochta, ceaptar gurb í an suim ghlanluacha an luach cóir ag dáta foilsithe an Ráiteas ar Staid an Airgeadais roimhe sin.

Cuireann an bhainistíocht luach ar an bpunann gach bliain. Éilíonn luacháil réadmhaoine infheistíochta ardleibhéal breithiúnais ón mbainistíocht. Déantar na luachanna seo, atá tacaithe le fianaise an mhargaidh, a dhéanamh amach trí thagarmharcáil a dhéanamh in aghaidh idirbhearta inchomparáide le réadmhaoin den chineál céanna sna láithreacha céanna le cinn an Ghrúpa nó trí mhodhanna luachála a úsáid ar a n-áirítear toradh an mhargaidh ar réadmhaoin inchomparáide a úsáid. Tá eolas ar an mbonn ar a ndéantar a leithéid de luachálacha i rith na bliana leagtha síos i Nóta 11.

### 1.13 Léasanna

Nuair a chuirtear tús le conradh, déanann an Grúpa measúnú an bhfuil léas áirithe ann nó nach bhfuil. Is ionann léas agus conradh, nó cuimsítear léas le conradh, más rud é go dtugann an conradh an ceart chun úsáid sócmhainne aitheanta a rialú ar feadh tréimhse ama mar mhalairt ar chomaoin.

*(i) Mar léasaí*

Ag tosach feidhme an chonartha ina bhfuil gné léasa ann, nó tar éis dó sin a bheith leasaithe, leithdháileann an Grúpa an chomaoin sa chonradh ar gach uile ghné léasa ar bhonn a phraghsanna neamhspleácha coibhneasta.

Aithníonn an Grúpa sócmhainn cearta úsáide agus dliteanas léasa amhail dáta tosaithe an léasa. Déantar an tsócmhainn cearta úsáide a thomhas ag a ar dtús, lena gcuimsítear méid tosaigh an dliteanais léasa arna choigeartú le haghaidh aon íocaíochtaí léasa a rinneadh ar an dáta tosaithe nó roimhe sin, móide aon chostais dhíreacha tosaigh a tabhaíodh agus meastachán ar chostais chun an tsócmhainn bhunúsach a bhaint agus a scriosadh, nó chun an tsócmhainn bhunúsach nó an láithreán ar a bhfuil sí suite a athbhunú, lúide aon dreasachtaí léasa atá faighte.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**1 Beartas Chuntasaíochta** ***(ar leanúint)***

**1.13 Léasanna** ***(ar leanúint)***
Gearrtar dímheas ar an tsócmhainn chearta úsáide tríd an modh líne dhíreach a úsáid ón dáta tosaithe go dtí deireadh théarma an léasa. Gearrtar an dímheas thar shaol úsáideach na sócmhainne bunúsaí ag baint úsáide as an mbonn céanna lena n-úsáidtear don mhaoin agus don trealamh. Cuirtear an bonn seo i bhfeidhm i gcásanna ina n-aistríonn an léas úinéireacht na sócmhainne bunúsaí chuig an nGrúpa faoi dheireadh théarma an léasa nó sa chás go léiríonn costas na sócmhainne cearta úsáide go bhfeidhmeoidh an Grúpa rogha ceannaigh. Ina theannta sin, laghdaítear an tsócmhainn cearta úsáide go tréimhsiúil le caillteanais lagaithe, más ann dóibh, agus déantar í a choigeartú le haghaidh athmheastacháin áirithe ar dhliteanas an léasa.

Déantar dliteanas an léasa a thomhas den chéad dul síos ag luach reatha na n-íocaíochtaí léasa nach n-íoctar ar an dáta tosaithe, déantar iad a lascainiú tríd an ráta úis atá intuigthe sa léas a úsáid nó, sa chás nach féidir an ráta sin a chinneadh go héasca, trí ráta iasachta incriminteach an Ghrúpa a úsáid. Is é an ráta iasachta incriminteach atá aige mar an ráta lascaine a úsáideann an Grúpa.

Déanann an Grúpa a ráta iasachta incriminteach a chinneadh trí rátaí úis a fháil ó fhoinsí airgeadais atá ar fáil go héasca agus déanann sé athruithe áirithe chun téarmaí an léasa agus cineál na sócmhainne atá ar léas a chur san áireamh.

Is iad seo a leanas na híocaíochtaí léasa a áirítear chun dliteanas an léasa a thomhas:
- íocaíochtaí seasta, lena n-áirítear íocaíochtaí seasta in-substaintí; agus
- íocaíochtaí léasa i dtréimhse athnuachana roghnach chomh fada is go bhfuil sé réasúnta cinnte go bhfuil an Grúpa chun síneadh a fheidhmiú, agus pionóis as léas a fhoirceannadh go luath sa chás nach bhfuil sé réasúnta cinnte nach bhfuil an Grúpa chun é a fhoirceannadh go luath.

Déantar na sócmhainní airgeadais a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta agus is é an modh úis éifeachtaigh a nglactar leis chuige sin. Déantar é a atomhas nuair a athraíonn íocaíochtaí léasa sa todhchaí mar thoradh ar athrú ar innéacs nó ar ráta nó má athraíonn an Grúpa an cinneadh measúnaithe atá déanta aige faoina bhfeidhmeoidh sé rogha ceannaigh, sínte nó foirceanta.

Nuair a dhéantar dliteanas léasa a athomhas ar an mbealach seo, déantar coigeartú comhfhreagrach ar shuim ghlanluacha na sócmhainne cearta úsáide, nó déantar í a thaifeadadh sa bhrabús nó sa chaillteanas sa chás go bhfuil suim ghlanluacha na sócmhainne cearta úsáide laghdaithe síos go nialas.

Tugann an Grúpa cuntas ar shócmhainní cearta úsáide mar mhír líne ar leith agus tugann sé cuntas ar dhliteanais léasa faoi 'Iasachtaí agus iasachtaíochtaí' sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

*Léasanna gearrthéarmacha agus léasanna sócmhainní ar luach íseal*
Roghnaigh an Grúpa gan aitheantas a thabhairt do shócmhainní cearta úsáide agus do dhliteanais léasa le haghaidh léasanna gearrthéarmacha chomh maith le léasanna sócmhainní ar luach íseal, lena n-áirítear an trealamh TF. Is ar bhonn an mhéid chothroim a aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa a bhaineann leis na léasanna seo thar théarma an léasa.

*(ii) Mar léasóir*
Ag tús nó an chonartha, nó tar éis dó a bheith leasuithe, más conradh atá ann a bhfuil comhpháirt léasa, leithdháileann an Grúpa an chomaoin sa chonradh ar gach comhpháirt léasa ar bhonn a bpraghsanna neamhspleácha coibhneasta.

Nuair atá an Grúpa ag feidhmiú mar léasóir, ag tús an léasa déanann sé cinneadh más léas airgeadais nó léas oibriúcháin atá i gceist i ndáil le gach aon léas. Chun gach léas a aicmiú, déanann an Grúpa measúnú foriomlán ar cibé an aistríonn an léas na rioscaí agus na luaíochtaí go léir a ghabhann le húinéireacht na sócmhainne bunúsaí. Más amhlaidh atá sé, léas airgeadais atá ann; murab amhlaidh atá sé, léas oibriúcháin atá ann. Mar chuid den mheasúnú sin, cuireann an Grúpa táscairí áirithe san áireamh, mar shampla, an mhairfidh an léas an chuid is mó de shaol eacnamaíoch na sócmhainne.

Má tá comhpháirteanna léasa agus neamh-léasa áirithe i socrúchán, cuireann an Grúpa IFRS 15 *Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí* i bhfeidhm chun an chomaoin sa chonradh a leithdháileadh.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**1 Beartas Chuntasaíochta *(ar leanúint)***

**1.13 Léasanna *(ar leanúint)***
Déanann an Grúpa na ceanglais dí-aitheanta agus lagaithe atá luaite in IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais* a chur i bhfeidhm ar an nglaninfheistíocht sa léas.

Tuairiscíonn an Grúpa íocaíochtaí léasa a fhaightear faoi léasanna oibriúcháin mar ioncam ar bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa mar chuid d'‘Ioncam maoine tráchtála'.

*(iii) Léas airgeadais infhaighte*
Déantar léasanna ina ndéanann an Grúpa aistriú go substaintiúil ar gach riosca agus toradh úinéireachta sócmhainne ar léas a rangú mar léas airgeadais. Tugtar sócmhainní ar léas a fuarthas trí leas airgeadais ag suim chomhionann leis an luach cóir is ísle acu agus luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa ag tús an léasa, lúide dímheas carntha agus lúide caillteanas lagaithe carntha.

Déantar íocaíochtaí íosta léasa a chionroinnt idir an ioncam airgeadais agus an laghdú ar an suim infhaighte atá gan íoc. Déantar an ioncam airgeadais a leithroinnt ar gach tréimhse le linn téarma an léasa d'fhonn ráta úis thréimhsiúil leanúnach a chur ar fáil ar an gcomhardú infhaighte a bhíonn fágtha.

**1.14 Fardail**
Déantar fardail a thomhas ag an gcostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe.

Bíonn costas bunaithe ar phraghas sonraisc ar bhonn an mheáin. Is é atá sa ghlanluach inréadaithe ná fíorchostas nó costas measta díolta (glan ar thrádáil ach roimh lascainí socraíochta), lúide gach costas breise a bheadh i gceist le margaíocht agus díolachán.

Déantar soláthar nuair is cuí, do nithe atá dulta as feidhm, a ghluaiseann go mall nó atá lochtach.

Ní bhaineann stoc cothabhála ach le fardail a mbeidh costas air nuair a úsáidtear é. Cuimsítear páirteanna spártha leis a úsáidtear chun críche cothabhála agus soláthairtí oifige.

**1.15 Soláthairtí**
Tugtar sainmhíniú ar sholáthar mar dhliteanas uainithe nó suime éiginnte. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ag an nGrúpa de bharr rud a tharla san am atá caite, ar féidir é a thomhas go hiontaofa agus gur dóichí go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní a chorpraíonn leasa eacnamaíocha d'fhonn an oibleagáid a réiteach.

Déantar soláthairtí a thomhas de réir an mheastacháin is fearr ar an gcaiteachas a bheadh ag teastáil d'fhonn an oibleagáid a réiteach ag an dáta tuairiscithe. Má bhíonn tionchar ábhartha i gceist, déantar soláthairtí a thomhas trí lascainiú a dhéanamh ar an sreabhadh airgid a bhfuiltear ag súil leis sa todhchaí ag ráta roimh cháin a léiríonn measúnachtaí reatha an mhargaidh ar luach ar airgead ag an am agus, nuair is cuí, na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas.

Tuairiscítear soláthairtí do chonarthaí dochraideacha mar a dtéann na costais dosheachanta a bhaineann le freastal ar na hoibleagáidí faoin socrú os cionn na leasa eacnamaíochta a mbeifí ag súil leo ina thaobh. Léiríonn na costais dosheachanta faoi chonradh an glanchostas is lú a bhaineann leis an conradh a fhágáil, i.e. an costas is ísle a bhaineann le é a chomhlíonadh agus aon chúiteamh nó pionós a éireodh as teip ar é a chomhlíonadh.

**1.16 Cáin**
Is é atá sa cháin ar bhrabús nó caillteanas don bhliain ná cáin reatha agus iarchurtha. Tuairiscítear an cháin sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas ach amháin nuair a bhaineann sí le nithe a bhíonn aitheanta go díreach i gcothromas nó in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear é go díreach i gcothromas nó in ioncam cuimsitheach eile.

*Cáin reatha*
Is í an cháin reatha an cháin iníoctha nó infhála a bhfuiltear ag súil leis ar an ioncam inchánaithe nó ar chaillteanas don bhliain, ag úsáid na rátaí cánach atá achtaithe nó arna ghlacadh sa tsubstaint ag an dáta tuairiscithe, agus aon cheartú ar cháin iníoctha nó infhála maidir le blianta roimhe sin.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**1 Beartas Chuntasaíochta** ***(ar leanúint)***

**1.16 Cáin** ***(ar leanúint)***
*Cáin iarchurtha*
Aithnítear cáin iarchurtha maidir le héagsúlachtaí sealadacha idir shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas chun críche tuairiscithe airgeadais agus na suimeanna a úsáideadh chun críche cánach.

Níl soláthar déanta do na héagsúlachtaí sealadacha seo a leanas: an t-aitheantas tosaigh ar cháilmheas más ann dó; an t-aitheantas tosaigh ar shócmhainní nó dliteanais nach mbíonn tionchar á cur ar chuntasaíocht ná ar bhrabús inchánaithe seachas i gcomhcheangal gnó, agus éagsúlachtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí, comhlaigh agus comhshocruithe sa mhéid gur dóichí nach n-aisiompóidh siad go ceann i bhfad.

Tá méid na cánach iarchurtha a sholáthraítear bunaithe ar an mbealach réadaithe nó socraithe a bhfuiltear ag súil leis maidir le suim ghlanluacha sócmhainní agus dliteanais, ag úsáid rátaí cánach atá achtaithe nó arna ghlacadh sa tsubstaint ag an dáta tuairiscithe. Maidir le réadmhaoin infheistíochta a dhéantar a thomhas ag luach cóir, déantar cáin iarchurtha a sholáthar ag an ráta a bhaineann le díol na réadmhaoine. Déantar cáin iarchurtha a thomhas ar bhonn neamh-lascainithe. Ní dhéantar fritháireamh ar cháin iarchurtha shócmhainní agus dliteanais ach má shásaítear critéir áirithe.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach sa mhéid is gur dócha go mbeidh brabús inchánaithe ar fáil sa todhchaí mar ar féidir difríocht shealadach a úsáid ina choinne. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta ag gach dáta tuairiscithe agus aitheanta sa mhéid gur dócha go mbeidh brabús inchánaithe ar fáil mar ar féidir iad a úsáid ina gcoinne.

Tá Cáin Ghnóthachan Caipitiúil dlite ar CGA Fhiontair Thráchtála na Sionainne de réir Alt 229A (4) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Faoi Alt 229A (4) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, chun críche na nAchtanna um Cháin Ghnóthachan Caipitiúil nuair a dhéantar gnóthachan a fhabhrú don chuideachta sin ó dhiúscairt sócmhainne i ndiaidh 31 Nollaig 2013, ní bheidh an sciar sin den ghnóthachan ar ionann é agus an sciar céanna den ghnóthachan a bhaineann le fad na tréimhse cháilithe úinéireachta, ina ghnóthachan inmhuirir. Tagraíonn tréimhse incháilithe don tréimhse a thosaíonn ag dáta fáltais na sócmhainne, nó má bhí seilbh ar an sócmhainn ar 6 Aibreán 1974, an dáta sin, agus ag críochnú an 31 Nollaig 2013.

**1.17 Sochair d'fhostaithe**
*Sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe*
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe mar chostas toisc go mbíonn seirbhísí an fhostaí a bhaineann leis tugtha.

Déantar oibleagáidí sochair fostaí gearrthéarma a thomhas ar bhonn neamhlascainithe agus déantar iad a chlárú mar chaiteachas toisc go soláthraítear an tseirbhís a bhaineann leo. Aithnítear dliteanas don mhéid a bhfuiltear ag súil leis a íocfar faoi bhónas airgid ghearrthéarma nó pleananna roinnte brabúis má bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ann an suim seo a íoc mar thoradh ar sheirbhís a sholáthair an fostaí san am atá caite agus gur féidir an oibleagáid a mheas go hiontaofa.

*Sochair foirceanta*
Aithnítear sochair foirceanta mar chostas nuair a bhíonn an Grúpa tiomanta go soiléir, gan deis réalaíoch tarraingt siar as, do mhionphlean foirmeálta le deireadh a chur le fostaíocht roimh an ngnáthdháta scoir, nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint a dhéanamh iomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear sochair foirceanta d'iomarcaíocht dheonach mar chostas má bhíonn tairiscint déanta ag an nGrúpa maidir le hiomarcaíocht dheonach, gur dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus gur féidir líon na ndaoine a ghlacann leis a mheas go hiontaofa. Má bhíonn sochair iníoctha níos mó ná 12 mí i ndiaidh an dáta tuairiscithe, nuair is ábhartha an tionchar aige sin, bíonn siad lascainithe go dtí a luach reatha.

*Oibleagáidí maidir le sochair scoir*
Feidhmíonn cuideachtaí an Ghrúpa nó bíonn siad rannpháirteach i roinnt scéimeanna pinsin, faoi mar atá thíos.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**1 Beartas Chuntasaíochta** *(ar leanúint)*

**1.17 Sochair d'fhostaithe** *(ar leanúint)*
Scéimeanna ranníocaíochta sainithe
Feidhmíonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin le ranníocaíocht shainithe. Is é atá i scéim ranníocaíochta sainithe ná plean sochair iar-fhostaíochta mar a n-íocann an Grúpa ranníocaíocht sheasta le haonán scartha agus gan aon oibleagáid dhlíthiúil ná inchiallaithe air suimeanna breise a íoc. Coimeádtar sócmhainní na scéimeanna seo scartha ó shócmhainní an Ghrúpa i gcistí atá riartha go neamhspleách. Aithnítear oibleagáidí maidir le ranníocaíochtaí chuig pleananna pinsin le ranníocaíocht shainithe mar chostas sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas sna tréimhsí ina dtugann na fostaithe seirbhís.

Bhí Fiontair Thráchtála na Sionainne ag feidhmiú scéime pinsin le sochar sainithe a bhí neamhchistithe suas go dtí dáta an aistrithe chuig Grúpa na Sionainne. De réir an Acht um Ghrúpa na Sionainne, aistríodh gach dliteanas, dleacht, oibleagáid agus cistiú (ar a n-áirítear méadú ar phinsin agus íocaíochtaí forlíontacha pinsin) ag éirí as feidhmiú na scéime, chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Dá bhrí sin tá Grúpa na Sionainne agus Fiontair Thráchtála na Sionainne tar éis cuntas a thabhairt ar an scéim mar scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe.

Íocann an Grúpa ranníocaíochtaí an fhostóra agus an fhostaí leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta dá fhostaithe ar bhaill den scéim seo le sochar sainithe iad. Is ionann an suim a ghearrtar sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas agus ranníocaíochtaí an fhostóra iníoctha leis an scéim seo maidir leis an tréimhse cuntasaíochta.

Pleananna le sochar sainithe
Is plean sochair iar-fhostaíochta atá i gceist le plean le sochar sainithe seachas plean le ranníocaíocht shainithe.

Is baill de scéim phinsin le sochar sainithe atá riartha go scartha iad fostaithe áirithe de chuid an Ghrúpa ("Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta"). Is é daa cpt ("daa") príomhfhostaí urraithe na scéime. Tá an scéim dúnta do bhaill nua faoin am seo.

Tá an scéim dúnta anois do bhaill nua. Déantar oibleagáid ghlan an Ghrúpa maidir le pleananna pinsin le sochar sainithe a ríomh trí mheastachán a dhéanamh ar mhéid an tsochair a bheadh tuillte ag na fostaithe sa todhchaí as ucht a gcuid seirbhíse sa tréimhse reatha agus i dtréimhsí roimhe sin; cuirtear an sochar sin as an áireamh lena luach reatha a shocrú, agus déantar luach cóir aon sócmhainní de chuid an phlean a dhéanamh amach (ag an bpraghas laistigh de raon an phraghais iarrtha is mó a léiríonn luach cóir). Socraíonn an Grúpa an t-ús glan ar an nglandliteanas sochair sainithe don tréimhse tríd an ráta lascaine a úsáidtear d'fhonn an oibleagáid maidir le sochar sainithe a thomhas ag tús na tréimhse bliantúla maidir leis an nglandliteanas sochair sainithe.

Is é atá sa ráta lascaine ná an toradh ag an dáta tuairiscithe ar bhannaí a bhfuil rátáil chreidmheasa AA ar a laghad ag baint leo le dátaí aibíochta cóngarach do théarmaí oibleagáide an Ghrúpa agus a bhíonn ainmnithe san airgeadas ina bhfuiltear ag súil leis go n-íocfar na sochair.

Is éard atá i gceist le hatomhas ag éirí ó phleananna le sochar sainithe ná gnóthachain agus caillteanais achtúireacha, an toradh ar shócmhainní de chuid an phlean (seachas ús) agus an toradh ar shíleáil na sócmhainne (más ann dó, seachas ús). Aithníonn an Grúpa láithreach iad in ioncam cuimsitheach eile agus gach costas eile a bhaineann le pleananna sochair sainithe i gcostais shochair an fhostaí i mbrabús nó caillteanas.

Nuair a athraítear na sochair a bhaineann le plean, nó nuair a dhéantar plean a laghdú, aithnítear an sciar den sochar athraithe a bhain le seirbhís fhostaithe san am atá caite, nó gnóthachan nó caillteanas ar laghdú, láithreach i mbrabús nó caillteanas nuair a tharlaíonn an leasú nó an laghdú ar an bplean.

Déanann achtúire cáilithe na hoibleagáidí a bhaineann le sochair sainithe a ríomh ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Nuair a bhíonn sochar i gceist don Ghrúpa de bharr an áirimh, bíonn an sócmhainn aitheanta teoranta do luach reatha na sochar ar bhíonn ar fáil i bhfoirm aon aisíocaíochtaí sa todhchaí ón bplean nó laghdú ar ranníocaíochtaí sa todhchaí agus cuirtear san áireamh an drochthionchar a bheadh ag aon riachtanas íosta maoinithe.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**1 Beartas Chuntasaíochta** ***(ar leanúint)***

**1.18 Ionstraimí Airgeadais**
***Sócmhainní agus dliteanais airgeadais***
Áirítear le sócmhainní airgeadais an Ghrúpa fáltais trádála agus fáltais eile, fáltais um léasanna airgeadais agus airgead tirim agus a choibhéis.

Áirítear le dliteanais airgeadais an Ghrúpa fáltais trádála agus fáltais eile, chomh maith le hiasachtaí bainc ceangailte.

*Aitheantas tosaigh agus tomhas tosaigh*
Ar dtús, tuairiscítear sócmhainní agus dliteannais airgeadais nuair a dhéantar páirtí i bhforálacha conarthacha na hionstaime den Ghrúpa. Ar dtús, tuairiscítear infháltais trádála nuair a ghintear iad.

Tuairiscítear sócmhainn airgeadais (ach amháin más infháltas trádála é gan comhbhall maoinithe suntasach) nó dliteanas airgeadais ar luach cóir ar dtús agus, i gcás mír nach bhfuil ar luach cóir mar gheall ar bhrabús nó caillteanas, costais bheartaíochta atá inchurtha go díreach lena cheannachán nó lena eisiúint. Den chéad dul síos, déantar infháltas trádála nach bhfuil comhbhall maoinithe suntasach ag baint leis a thomhas ag an bpraghas idirbhirt.

***Sócmhainní airgeadais***
*Aicmiú agus tomhas ina dhiaidh sin*
Den chéad aitheantas, déantar sócmhainn airgeadais a aicmiú mar tomhaiste ag: costas amúchta nó ag luach cóir de réir brabúis nó caillteanais.

Ní dhéantar sócmhainní airgeadais a ath-aicmiú tar éis an chéad uair dóibh a bheith tuairiscithe seachas más rud é go leasaíonn an Grúpa an múnla gnó atá aige chun sócmhainn airgeadais a bhainistiú, agus sa chás sin déantar gach uile sócmhainn airgeadais a thagann faoin tionchar a ath-aicmiú ar an gcéad lá den chéad tréimhse tuairiscithe tar éis don athrú a bheith curtha i bhfeidhm ar an múnla gnó.

Déantar sócmhainn airgeadais a thomhas ag costas amúchta más rud é go gcomhlíontar leis na coinníollacha seo a leanas, agus ní dhéantar é a thomhas ag luach cóir de réir brabúis nó caillteanais.

- coimeádtar í laistigh de shamhail ghnó a raibh sé mar chuspóir aici sócmhainní a choimeád chun sreafaí airgid tirim conarthacha a bhailiú; agus
- fágann de bharr a gcuid téarmaí conarthacha go mbíonn sreafaí airgid tirim ar dhátaí sonraithe gur íocaíochtaí iad nach gcuimsítear leo ach amháin bunairgead agus ús ar an mbunsuim atá ag seasamh amach.

Déantar na dliteanais airgeadais uile a aicmiú mar thomhaiste ag costas amúchta nó ag luach cóir de réir brabúis nó caillteanais.

Déantar na sócmhainní airgeadais a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis curtha i bhfeidhm. Laghdaítear an costas amúchta le caillteanais laghdaithe. Tuairiscítear aon ghnóthú nó caillteanas de dheasca réitigh mar bhrabús nó mar chaillteanas.

Úsáidtear samhail um chaillteanas chreidmheasa ionchasach chun caillteanais a thuairisciú i gcoinne sócmhainní airgeadais a thomhaistear iad ag an gcostas amúchta iad.

Ag gach dáta tuairiscithe déanann an Grúpa measúnú ar in-aisghabháltacht na n-infháltas trádála agus liúntais na dtaifead d'infháltais amhrasacha bunaithe ar thaithí. Úsáideann an Grúpa maitrís lamháltais chun tomhas a dhéanamh ar an caillteanais atá beartaithe sa chreidmheas d'infháltais trádála ó chustaiméirí indibhidiúla. Déantar amach na rátaí den chaillteanas trí modh 'ráta rolla' bunaithe ar an dóchúlacht go gcuirfear infháltas ar aghaidh trí chéimeanna leanúnacha ón neamh-aisghabháltacht go dtí an díscríobh. Tá na rátaí caillteanais bunaithe ar shonraí stairiúla d'eispéireas an chaillteanais chreidmheasa. Chomh maith leis sin cuirtear dearcadh an Ghrúpa ar staid an gheilleagair thar an fadtréimhse atá beartaithe do na hinfáltais. Díscríobhtar suimeanna trádála infhaighte nuair nach mbíonn aon ionchas réasúnach ag an nGrúpa an t-iarmhéid a aisghabháil.

Tá an Grúpa den tuairim go bhfuil riosca creidmheasa íseal i gceist leis an airgead tirim agus a choibhéis atá acu de réir rátála chreidmheasa seachtracha na gcontrapháirtithe.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

## 1 Beartas Chuntasaíochta *(ar leanúint)*

### 1.18 Ionstraimí Airgeadais *(ar leanúint)*

*Dí-aitheantas*
Dí-aithníonn an Grúpa sócmhainn airgeadais nuair a éagann na cearta conarthacha do na sreafaí airgid tirim ón sócmhainn airgeadais, nó nuair a aistríonn sé na cearta chun na sreafaí airgid tirim conarthacha in idirbheart ar bhealach lena n-aistrítear na deiseanna agus úinéireacht na sócmhainne airgeadais sin go substaintiúil, nó nuair nach n-aistríonn ná gcoimeádann an Grúpa na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann leis an úinéireacht agus nach gcoimeádann sé smacht ar an sócmhainn airgeadais.

Déanann an Grúpa idirbhearta lena n-aistríonn sé sócmhainní a thuairiscítear ina ráiteas ar staid an airgeadais, ach coinníonn sé na rioscaí agus na buntáistí go léir, nó iad go léir beagnach, a bhaineann leis na sócmhainní aistrithe. Sna cásanna seo, déantar na sócmhainní aistrithe a dhí-aithin.

***Dliteanais airgeadais***
*Aicmiú agus tomhas ina dhiaidh sin*
Déantar dliteannais airgeadais a aicmiú mar thomhaiste ag: costas amúchta nó ag luach cóir de réir brabúis nó caillteanais. Déantar dliteanais airgeadais a rangú le bheith ar luach cóir de réir brabúis nó caillteanais más rud é go bhfuil sé coimeádta le trádáil, más díorthach é nó más rud é go bhfuil sé ainmnithe le amhlaidh den chéad tuairisc. Déantar dliteanais airgeadais ag luach cóir de réir brabúis nó de réir caillteanais a thomhas ag an luach cóir agus tuairiscítear glanghnóthachain agus glan chaillteanais sa bhrabús nó sa caillteanas, agus aon chostas úis san áireamh leis sin. Déantar dliteanais airgeadais eile a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis curtha i bhfeidhm. Aithnítear costais úis agus gnóthachain agus caillteanais trí malartán eachtrach i mbrabús nó caillteanas. Tuairiscítear aon ghnóthú nó caillteanas de dheasca dhí-aitheanta mar bhrabús nó mar chaillteanas.

*Dí-aitheantas*
Dí-aithíonn an Grúpa dliteanas airgeadais nuair a ghlantar a oibleagáidí conarthacha, nó nuair a cuirtear i gceal iad, nó go n-éagann siad. Déanann an Grúpa dliteanas a dhíaithint chomh maith nuair a leasaítear a gcuid téarmaí agus nuair a thagann difríocht suntasach ar an dliteanas leasuithe, agus sa chás sin déantar dliteanas airgeadais nua a thuairisciú ar luach cóir de réir na téarmaí leasuithe. Nuair a dhéantar dliteanas airgeadais a dhí-aithint, déantar an difríocht atá ann idir an tsuim ghlanluacha atá curtha ar ceal agus an tsuim íoctha (agus sócmhainní neamh-airgid tirim aistrithe nó dliteanais ar ghlacadh san áireamh leis sin) a thuairisciú mar bhrabús nó mar chaillteanas.

### 1.19 Ranníocaíocht caipitil

Caitear le sócmhainní a fhaightear mar bhronntanas ó scairshealbhóir de chuid an Ghrúpa mar ranníocaíocht chaipitiúil, agus áirítear a leithéid i gcistí scairshealbhóra ar Ráiteas ar Staid Airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta.

### 1.20 Sócmhainní arna gcoinneáil lena ndíol agus oibríochtaí scortha

Déantar sócmhainní neamhreatha (lena n-áirítear aonaid mhaoine infheistíochta), nó grúpaí diúscartha atá comhdhéanta de shócmhainní agus dliteanais, a rangú mar shócmhainní arna gcoinneáil lena ndíol má tá sé an-dóchúil go bhfaighfear ar ais iad go príomha trí dhíolachán seachas tríd an úsáid leanúnach.

Is cuid de ghnó an Ghrúpa í oibríocht scortha, ar féidir a oibríochtaí agus a sreafaí airgid a idirdhealú go soiléir ón gcuid eile den Ghrúpa agus:

- is ionann é agus mórlíne gnó ar leith nó limistéar geografach oibríochta;
- is cuid de phlean comhordaithe aonair chun mórlíne gnó ar leith nó limistéar geografach oibríochtaí a dhiúscairt; nó
- is fochuideachta é a fuarthas go heisiach d'fhonn é a athdhíol.

Aicmítear mar oibríocht scortha tráth a diúscartha is luaithe nó nuair a chomhlíonann an oibríocht na critéir chun a rangú mar oibríocht arna coinneáil ar díol.

Nuair a aicmítear oibríocht mar oibríocht scortha, déantar an ráiteas comparáideach brabúis nó caillteanais agus OCI a athchur i láthair amhail is go raibh an oibríocht scortha ó thús na bliana comparáidí.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

## 1 Beartas Chuntasaíochta *(ar leanúint)*

### 1.21 Ioncam iarchurtha
Cuimsíonn ioncam iarchurtha deontais chaipitil.

*Deontais chaipitil*
Aithnítear deontais chaipitil ar dtús mar ioncam iarchurtha ag luach cóir má bhíonn deimhniú réasúnta ann go bhfaighfear iad agus go ndéanfaidh an Grúpa de réir na gcoinníollacha a bhaineann leis an deontas. Caitear le deontais AE agus eile a fhaightear maidir le ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealamh mar ioncam iarchurtha, agus iad amúchta sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas thar shaolré úsáideach eacnamaíoch na sócmhainne lena mbaineann siad.

### 1.22 Deontais Ioncaim
Aithnítear deontais ioncaim a tugadh don Ghrúpa mar chúiteamh ar chostais i mbrabús nó caillteanas ar bhonn sistéamach sna tréimhsí ina n-aithnítear na costais.

Aithnítear deontais ioncaim a bhaineann go díreach le hioncam mar chreidmheas leis an ioncam reatha ar bhonn córasach sna tréimhsí ina tuairiscítear an t-ioncam.

### 1.23 Infheistíocht i bhfochuideachtaí (an Chuideachta amháin)
Bunaíodh an infheistíocht i bhfochuideachtaí ar dtús ar a n-aistriú chuig an gCuideachta agus leantar lena dtabhairt anonn ag an suim sin lúide aon soláthar lagaithe má bhíonn gá leis.

### 1.24 Caighdeáin agus Léiriúcháin Nua
*Caighdeáin eisithe ach gan feidhm leo*
Tá feidhm le roinnt leasuithe nua a bhaineann le Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ar chaighdeáin agus léiriúcháin do na tréimhsí bliantúla i ndiaidh 1 Eanáir 2023, agus nár cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá breac-chuntas tugtha thíos ar na cinn is suntasaí díobh a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an nGrúpa. Níl sé ar intinn ag an nGrúpa glacadh leis na caighdeáin seo go luath; ina ionad sin cuirfidh sé i bhfeidhm iad óna ndátaí feidhme a bhíonn socraithe ag dátaí a bhformhuinithe ag an AE.

| **Caighdeán** | **Dáta feidhme IASB (tréimhsí dar tús)** | **Dáta feidhme chuideachtaí an AE (tréimhsí dar tús)** |
|---|---|---|
| IFRS 14 Cuntais Iarchurtha Rialála (eisithe an 30 Eanáir 2014) | 1 Eanáir 2016 (tá sé faofa gur féidir é a bheith luath-glactha) | Gan formhuiniú, ag súil le fanacht ar an gcaighdeán deireanach |
| Leasuithe le IAS 8: Nochtadh Meastacháin Cuntasaíochta (eisithe an 12 Feabhra 2021) | 1 Eanáir 2023 | 1 Eanáir 2023 |
| Leasuithe le IAS 1: Sainmhíniú ar Bheartais Chuntasaíochta (eisithe an 12 Feabhra 2021) | 1 Eanáir 2023 | 1 Eanáir 2023 |
| Leasuithe le IAS 1: Dliteanais a Aicmiú mar Reatha nó Neamhreatha | 1 Eanáir 2024 | Fós gan formhuiniú. |
| Leasuithe le IAS 12: Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dliteanais a eascraíonn as Idirbhirt Aonair (eisithe an 7 Bealtaine 2021) | 1 Eanáir 2023 | 1 Eanáir 2023 |

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**1 Beartas Chuntasaíochta *(ar leanúint)***

**1.24 Caighdeáin agus Léiriúcháin Nua *(ar leanúint)***
*Caighdeáin nua ar glacadh leo sa bhliain reatha*
Ghlac an Grúpa leis na leasuithe nua seo a leanas den chéad uair sa tréimhse tuairiscithe airgeadais reatha.

| Caighdeán | Dáta feidhme IASB (tréimhsí dar tús) | Dáta feidhme chuideachtaí an AE (tréimhsí dar tús) |
|---|---|---|
| Conarthaí dochraideacha - Costas Conradh a Chomhlíonadh (Leasuithe ar IAS 37) (eisithe an 14 Bealtaine 2020) | 1 Eanáir 2022 | 1 Eanáir 2022 |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh: Fáltais roimh don Sprioc Bheartaithe (Leasuithe le IAS 16) (eisithe an 14 Bealtaine 2020) | 1 Eanáir 2022 | 1 Eanáir 2022 |
| Tagairt don Chreat Coincheapúil (Leasuithe le IFRS 3) (arna eisiúint an 14 Bealtaine 2020) | 1 Eanáir 2022 | 1 Eanáir 2022 |

Maidir le gach athrú ar na caighdeáin thuas tá an Grúpa tar éis a pholasaithe cuntasaíochta a athrú dá réir, rud nach raibh tionchar ábhartha aige ar na torthaí airgeadais ná ar staid airgeadais an Ghrúpa.

**1.25 Meastacháin agus breithiúnais cuntasaíochta criticiúla**
Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais de réir EU IFRS go ndéanann an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a shocrú a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú pholasaithe cuntasaíochta an Ghrúpa agus ar luach na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na gcostas atá tuairiscithe. Féadfar nach ionann na torthaí iarbhír agus na meastacháin seo. Déantar athbhreithniú ar bhonn rialta leanúnach ar na meastacháin agus ar na toimhdeanna taobh thiar dóibh. Tuairiscítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar na hathbhreithnithe sin agus in aon tréimhse todhchaíoch a bhfuil tionchar acu uirthi. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhaineann leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus nithe éagsúla eile a chreidtear a bheith réasúnta de réir na ndálaí sin, a mbíonn a dtorthaí mar bhonn le breithiúnas a dhéanamh maidir le luach anonn na sócmhainní agus na ndliteanas nach mbíonn follasach ó fhoinsí eile.

Baineann na réimsí ina mbíonn ardleibhéal breithiúnais, coimpléascachta, nó réimsí ina mbíonn boinn tuisceana agus meastacháin suntasach maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa, go príomha le:

**Measúnú lagaithe (Nóta 10)**
Déantar athbhreithniú ar luach tugtha anonn an aonaid ghiniúna airgid (CGU) an Aerfoirt le haghaidh lagú féideartha trí shraith táscairí seachtracha agus inmheánacha a bhaineann go sonrach leis na sócmhainní atá faoi bhreithniú a bhreithniú. Tá leibhéal na hacmhainne ina fheidhm dhíreach maidir leis na breithiúnais agus na boinn tuisceana lena gcuirtear bonn agus taca faoin bplean leanúnach agus tá sé spleách ar deireadh ar an ráta lascaine, ráta fáis an chríochfoirt agus an fás bliantúil ó thaobh paisinéirí. Agus measúnú á dhéanamh ar an luach in úsáid, déantar na sreafaí airgid thirim measta amach anseo a lascainiú go dtí a luach reatha ag baint úsáid as ráta lascainithe roimh cháin a léiríonn amluach an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an aonad giniúna airgid thirim. Is ionann na príomhbhoinn tuisceana a dhéanann difear do mheastachán an luacha in úsáid ná fás na bpaisinéirí agus ráta fáis na bpaisinéirí agus an ráta lascainithe. Faightear na sreafaí airgid thirim ón bplean airgeadais rollach cúig bliana atá ag an nGrúpa. Tá na meastacháin agus na toimhdí a úsáidtear bunaithe ar na cinn a bhí ann roimhe seo, chomh maith le heolas faoin tionscal agus ar fhachtóirí eile a meastar iad a bheith réasúnach de réir na faisnéise atá ar fáil.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**1 Beartas Chuntasaíochta** *(ar leanúint)*

**1.26 Meastacháin agus breithiúnais cuntasaíochta criticiúla** *(ar leanúint)*
**Luacháil maoine infheistíochta (Nóta 11)**
Rinne an lucht bainistíochta measúnú ar luach cóir an phunann maoine infheistíochta iomlán atá ag an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2022. Tá luach cóir na réadmhaoine infheistíochta bunaithe ar luacháil arna déanamh ag speisialtóirí bainistíochta inmheánacha, a bhfuil saintaithí acu le déanaí ar shuíomh agus aicme na réadmhaoine infheistíochta atá á luacháil, agus tá ardleibhéal breithiúnais agus meastachán bainistíochta ag teastáil uaithi.

Feidhmíonn Aerfort na Sionainne clár árachais a aithníonn soláthar don bhfarasbarr a ghabhann le héilimh ionchasacha agus tuairiscithe. Léiríonn an suim a soláthraíodh ar an 31 Nollaig 2022 an meastachán is fearr arna dhéanamh ag an mbainistíocht ar an gcaiteachas a bheadh riachtanach d'fhonn na hoibleagáidí a éireodh as na héilimh seo a réiteach, bunaithe ar thaithí agus ar an gcomhairle ghairmiúil a fuarthas.

**Soláthar do scéimeanna scarúna**
Taifeadadh soláthar iomlán de €1,599,000 amhail an 31 Nollaig 2021 maidir le scéim scarúna dheonaigh a seoladh in 2018, agus scéim scarúna dheonaigh eile ar seoladh í in 2020 tar éis an chéad chéim den ghéarchéim Covid-19.

Is ionann an foráil de €936,000 a tuairiscíodh an 31 Nollaig 2022 agus an meastachán is fearr a rinne an bainisteoireacht ar an gcaiteachas a bheadh riachtanach le freastal ar oibleagáidí an Ghrúpa maidir lena fhostaithe de réir na scéimeanna seo. Rinneadh íocaíochtaí de €663,000 san iomlán in 2022 faoin dá scéim *(2021: €678,000)*. Tá sé beartaithe go nglanfar oibleagáidí de €549,000 san iomlán le linn 2023.

**Soláthar i leith oibreacha slánaitheacha**
Amhail an 31 Nollaig 2022, tá foráil taifeadta ag an nGrúpa maidir lena thiomantas chun ranníocaíocht aonuaire a íoc le Comhairle Contae an Chláir agus le hOifig na nOibreacha Poiblí i dtreo costais dearaidh agus pleanála a bhaineann leis na Claífoirt atá timpeall um champas Aerfort na Sionainne. Léiríonn an tsuim an meastachán is fearr ag an mbainistíocht ar an gcaiteachas a theastaíonn chun an gealltanas seo a réiteach, níl a n-uainiú cinnte ach nach bhfuiltear ag súil go n-íocfar é laistigh den 12 mhí atá romhainn.

**Soláthar eile**
Amhail an 31 Nollaig 2022, tá foráil do cheisteanna áirithe dlíthiúla tuairiscithe ag an nGrúpa. Tá an meastachán is fearr a dhéanann an lucht bainistíochta ar an gcaiteachas atá de dhíth chun na hoibleagáidí seo a réiteach léirithe sa mhéid seo. D'fhéadfadh an t-eas-sreabhadh deiridh chun na hoibleagáidí a réiteach a bheith difriúil ón méid a chuirtear ar fáil.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**21. Soláthairtí *(ar leanúint)***

| | Soláthar eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Cuideachta** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2021 | 200 | 200 |
| Soláthairtí ar úsáideadh iad i rith na bliana | - | - |
| Soláthairtí a ndearnadh iad i rith na bliana | 180 | 180 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2021** | **380** | **380** |
| Amhail an 1 Eanáir 2022 | 380 | 380 |
| Soláthairtí ar úsáideadh iad i rith na bliana | (139) | (139) |
| Soláthairtí a ndearnadh iad i rith na bliana | - | - |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | **241** | **241** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2021** | | |
| Soláthairtí reatha | 380 | 380 |
| Soláthairtí neamhreatha | - | - |
| Soláthairtí Iomlána | 380 | 380 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2022** | | |
| Soláthairtí reatha | **241** | **241** |
| Soláthairtí neamhreatha | **-** | **-** |
| Soláthairtí Iomlána | **241** | **241** |

**Soláthar eile**
Amhail an 31 Nollaig 2022, tá foráil do cheisteanna áirithe dlíthiúla tuairiscithe ag an gCuideachta. Is ionann na suimeanna taifeadta agus an meastachán is fearr ag an mbainistíocht ar an gcaiteachas atá riachtanach leis na hoibleagáidí ábhartha a réiteach.

**22. Iasachtaí agus fiachais**

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Iasachtaí bainc ceangailte | **26,905** | 29,564 |
| Dliteanais léasa | **202** | 1,890 |
| **Iasachtaí agus fiachais Iomlána** | **27,107** | 31,454 |

| | **2022 €'000** | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Iasachtaí bainc ceangailte | **2,429** | 1,956 |
| Dliteanas léasa (Nóta 25) | **202** | 219 |
| **Iasachtaí agus fiachais reatha** | **2,631** | 2,175 |
| Iasachtaí bainc ceangailte | **24,476** | 27,608 |
| Dliteanas léasa (Nóta 25) | **-** | 1,671 |
| **Iasachtaí agus fiachais neamhreatha** | **24,476** | 29,279 |
| **Iasachtaí agus fiachais Iomlána** | **27,107** | 31,454 |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**22. Iasachtaí agus fiachais** ***(ar leanúint)***

| | | | **2022** | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Airgeadra** | **An Téarma Bliain** | **Aghaid hluach €'000** | **Luach tugtha anonn €'000** | Aghaidh luach €'000 | Luach tugtha anonn €'000 |
| Iasacht bhainc urraithe (a) | EUR | **>15** | **12,627** | **12,587** | 13,385 | 13,314 |
| Iasacht bhainc urraithe (b) | EUR | **5** | **4,998** | **4,956** | 6,099 | 6,047 |
| Iasacht bhainc urraithe (c) | EUR | **>10** | **9,388** | **9,362** | 10,251 | 10,203 |
| Dliteanais léasa (d) | EUR | **-** | **202** | **202** | 1,890 | 1,890 |
| **Iomlán na ndliteanas úsmhar (Nóta 24)** | | | **27,215** | **27,107** | 31,625 | 31,454 |

Cuimsítear le hiasachtaí bainc an Ghrúpa na suimeanna atá amach ar iasacht ag a fhochuideachtaí, Fiontair Thráchtála na Sionainne agus Aerfort na Sionainne.

(a) In 2017, fuair Aerfort na Sionainne iasacht bhainc fhadtéarmach le maoiniú a dhéanamh ar chostas athshlánaithe an rúidbhealaigh. Mar urrús á hiasachtaí tá an chuideachta tar éis sannachán agus muirear a thabhairt ar chuntas bainc, le hiarmhéid ag deireadh bliana de nialas (2021: Nialas) (Nóta 17). Is saoráid amúchta í an iasacht le haisíocaíochtaí tréimhsiúla den phríomhshuim agus den ús araon. Tá an ráta úis socraithe don chéad 15 bliain le méadú céimithe réamh-chomhaontaithe ag dátaí réamhdhearbhaithe i ndiaidh bliain 15 má bhíonn an iasacht fós gan íoc. Fuair Aerfort na Sionainne tarscaoileadh ón iasachtóir maidir leis na cúnaint airgeadais 2022 agus 2023 a bhaineann leis an iasacht seo.

(b) In 2018, fuair Fiontair Thráchtála na Sionainne iasacht tógála agus iasacht fhadtéarmach le maoiniú a dhéanamh go páirteach ar lena chlár infheistíochta caipitiúil. Le linn 2019, aisíocadh an iasacht forbartha le hiasacht fhadtéarmach bhreise. Mar urrús dá hiasachtaí, tá an chuideachta tar éis sannachán agus muirear a thabhairt don iasachtóir thar trí fhoirgnimh infheistíochta agus sannachán leis den ioncam cíosa ón maoin urraithe. Tá rátaí úis seasta ag gnéithe den dá iasacht agus tagann an chuid eile de na hiasachtaí faoi réir rátaí úis athraitheacha. Is saoráidí amúchta iad na hiasachtaí go léir le haisíocaíochtaí tréimhsiúla den phríomhshuim agus den ús araon.

(c) In 2019, fuair Aerfort na Sionainne iasacht bhainc fhadtéarmach chun costas forbartha haingear aerárthaigh nua a mhaoiniú go páirteach. Mar urrús dá cuid iasachtaí thug an chuideachta sannadh agus muirear dá iasachtóir i ndáil leis an haingear, sannadh ar ioncam cíosa ón hangar agus sannadh agus muirear thar chuntas bainc, agus iarmhéid €1,233,700 ann ag deireadh na bliana (2021: €1,088,700) (Nóta 17). Is saoráid amúchta í an iasacht le haisíocaíochtaí tréimhsiúla den phríomhshuim agus den ús araon. Socraítear an ráta úis le méadú réamh-aontaithe tar éis bliana 10 má tá an iasacht fós gan íoc.

Tá na cuideachtaí go léir faoi réir an chúnaint airgeadais i ndáil le gach aon iasacht a bheidh ann go dtí go mbíonn an iasacht aisíoctha go hiomlán. Tá na cuideachtaí go leir ag comhlíonadh an chúnaint airgeadais infheidhmithe ag dáta dheireadh na bliana.

(d) Tá roinnt léasanna ag an nGrúpa a bhfuil dátaí deiridh léasa éagsúla ag gabháil leo idir 2023 agus 2041. Cuirtear faisnéis faoi léasanna a bhfuil an Grúpa ina léasaí ina leith i láthair i Nóta 25.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**23. Sochair d'fhostaithe**

Feidhmíonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin, ar a n-áirítear scéimeanna le ranníocaíochtaí sainithe agus sochar sainithe araon. Tugtar imlíne thíos ar mhionsonraí na scéimeanna atá ag feidhmiú ar fud an Ghrúpa. Tá tuairisc tugtha ag an nGrúpa ar shochar scoir faoi scéimeanna pinsin le sochar sainithe de réir IAS 19 "Sochair Fostaithe".

Rinne an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin a oibriú thar ceann a fhostaithe le linn 2022 agus 2021:

*a) Scéim pinsin le sochar sainithe – Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta*

| | **2022** | 2021 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Grúpa** | | |
| Glandliteanas sochair shainithe | **(128)** | (738) |

Is baill de Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta ("ARSSS") iad fostaithe áirithe de chuid an Ghrúpa, ar scéim le sochar sainithe í a oibríonn daa cpt ("daa") agus tugann fochuideachta an Ghrúpa, CGA Údarás Aerfort na Sionainne ("an Chuideachta") cuntas uirthi mar scéim le sochar sainithe.

Ar an 31 Nollaig 2012, rinne an Chuideachta agus daa comhaontú aistrithe (an "Comhaontú Aistrithe Gnó"), mar ar aistríodh na sócmhainní agus na dliteanais a bhain le hAerfort na Sionainne a bhí gafa de láimh ag daa chuig an gCuideachta de réir fhorálacha Acht na nAerfort Stát 2004.

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Aistrithe Gnó tá glandliteanas ag an gCuideachta don ARSSS nach mbaineann ach leis na fostaithe buana sin ag Aerfort na Sionainne ar bhaill iad den ARSSS ar an 31 Nollaig 2012 agus a aistríodh chuig, agus a bhí fostaithe ag an gCuideachta ar an dáta sin.

Rinneadh an ARSSS a chalcadh ar an 31 Nollaig 2015. Cé gur éirigh an Chuideachta as a bheith ina fostóir rannpháirteach san ARSSS, d'aontaigh sí leanúint le ranníocaíochtaí a íoc leis an ARSSS maidir le fostaithe buana Aerfort na Sionainne ar bhaill den ARSSS iad ar an 31 Nollaig 2012 sa chás go n-éileodh iontaobhaithe na scéime sin.

Is é achtúire cáilithe a shocraíonn na ranníocaíochtaí ar bhonn luachála gach trí bliana.

| | **2022** | 2021 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ranníocaíochtaí atá beartaithe le bheith íoctha leis an bplean le linn na tréimhse bliantúla ag tosú i ndiaidh an dáta tuairiscithe (i) | **33** | 21 |

(i) Ba iad na ranníocaíochtaí a íocadh i 2022 ná €21,000. Tá sé beartaithe go ndéanfar ranníocaíocht de €33,000 in 2023.

Rinne Mercer, comhlacht achtúirí cáilithe neamhspleách, measúnú achtúireach ar an scéim ar an 31 Nollaig 2021 agus 2022, d'fhonn faisnéisiú dheireadh na bliana IAS 19 a ullmhú. Rinne an t-achtúire sócmhainní agus dliteanais na scéime agus na gluaiseachtaí a bhain léi a bhain lena fostaithe a sannadh dá fostaithe.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**23. Sochair d'fhostaithe** *(ar leanúint)*

**Gluaiseacht i nglandliteanas sochair shainithe**

Léiríonn an tábla seo a leanas réiteach ar an iarmhéid tosaigh de réir an t-iarmhéid deiridh don ghlandliteanas sochair shainithe agus a chomhpháirteanna.

| | **Oibleagáid sochair shainithe** | | **Luach cóir shócmhainní an phlean** | | **Glandliteanas sochair shainithe** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2022** | 2021 | **2022** | 2021 | **2022** | 2021 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Iarmhéid ag tús na bliana | **2,007** | 2,110 | **(1,269)** | (1,310) | **738** | 800 |
| ***Áirithe sa Bhrabús nó sa Chaillteanas*** | | | | | | |
| Toradh beartaithe ar shócmhainní an phlean | **-** | - | **(18)** | (15) | **(18)** | (15) |
| Costas úis | **29** | 25 | **-** | - | **29** | 25 |
| | **29** | 25 | **(18)** | (15) | **11** | 10 |
| ***Áirithe le hIoncam Cuimsitheach Eile*** | | | | | | |
| Caillteanas/(gnóthachan) atomhais: | | | | | | |
| - Toradh ar shócmhainní an phlean | **-** | - | **166** | (91) | **166** | (91) |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireacha a tharlaíonn mar gheall ar: | | | | | | |
| - athruithe ar bhoinn tuisceana déimeagrafacha | **-** | (24) | **-** | - | **-** | (24) |
| - athruithe ar bhoinn tuisceana airgeadúla | **(806)** | 29 | **-** | - | **(806)** | 29 |
| - coigeartuithe eispéiris | **40** | 14 | **-** | - | **40** | 14 |
| | **(766)** | 19 | **166** | (91) | **(600)** | (72) |
| ***Eile*** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí an Fhostóra | **-** | - | **(21)** | - | **(21)** | - |
| Ranníocaíochtaí na mball | **-** | - | **-** | - | - | - |
| Sochair íoctha | **(201)** | (147) | **201** | 147 | - | - |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | **1,069** | 2,007 | **(941)** | (1,269) | **128** | 738 |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**23. Sochair d'fhostaithe** *(ar leanúint)*

**Sócmhainní an phlean**

Cuimsítear na nithe seo a leanas le sócmhainní an Phlean:

| | **2022** | | 2021 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Sócmhainní an phlean €'000** | **Céatadán shócmhainní an phlean - %** | Sócmhainní an phlean €'000 | Céatadán shócmhainní an phlean - % |
| Gnáthscaireanna | **230** | **24.4** | 340 | 26.8 |
| Bannaí | **594** | **63.1** | 759 | 59.8 |
| Réadmhaoin | **-** | **-** | - | - |
| Airgead Tirim | **7** | **0.8** | 4 | 0.3 |
| Eile | **110** | **11.7** | 166 | 13.1 |
| | **941** | **100.0** | 1,269 | 100.0 |

Le forbairt a dhéanamh ar ráta brabúis fhadtéarmach ar shócmhainní an phlean d'fhéach an chuideachta ar leibhéal reatha an bhrabúis a bhfuiltear ag súil leis ar infheistíochtaí saor ó riosca (bunbhannaí rialtais), leibhéal stairiúil an bhisigh riosca a shamhlaítear le haicmí eile sócmhainne mar a ndearna an phunann infheistíocht agus í ag tnúth le brabús sa todhchaí as gach aicme sócmhainne. Déanadh ualú ansin ar an mbrabús a bhfuiltear ag súil leis ar gach aicme sócmhainne bunaithe ar leithdháileadh sócmhainne na scéime, le forbairt a dhéanamh ar an ráta brabúis a bhfuiltear ag súil leis sa bhfadtéarma ar bhonn tuisceana sócmhainne don phunann.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**23. Sochair d'fhostaithe** ***(ar leanúint)***

**Oibleagáid sochair shainithe**

***Boinn tuisceana achtúireacha***
Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar na príomh-bhoinn tuisceana ar glacadh leo maidir leis an scéim sochair shainithe. Cuireadh na boinn tuisceana le chéile, ar a n-áirítear an ráta brabúis a bhfuiltear ag súil leis go fadtéarmach ar shócmhainní, ar chomhairle achtúire na cuideachta.

| | **2022** | 2021 |
|---|---:|---:|
| Ráta lascaine | **4.25%** | 1.5% |
| Ráta an bhoilscithe praghais | **2.6%** | 2% |
| Ráta an mhéadaithe i dtuarastail | **-** | - |

Tá an ráta lascaine de 4.25% bunaithe ar Bhannaí Corparáide Rátáilte AA a cheaptar a bheith oiriúnach do thréimhse dhliteanais na scéimeanna.

Tá na boinn tuisceana maidir le mortlaíocht sa todhchaí bunaithe ar staitisticí foilsithe agus ar tháblaí mortlaíochta. Ba mar seo a leanas a bhí fadsaolaí reatha bunúsacha luachanna na hoibleagáide sochair shainithe ag an dáta tuairiscithe:

| | **2022** | 2021 |
|---|---:|---:|
| | ***Bliain*** | *Bliain* |
| *Fad saoil ag 65 bliana d'aois i leith pinsinéirí reatha* | | |
| Fir | **22.5** | 22.4 |
| Mná | **24.2** | 24.1 |
| *Fad saoil ag 65 bliana d'aois i leith pinsinéirí atá 45 bliana d'aois faoi láthair* | | |
| Fir | **24.2** | 24.1 |
| Mná | **26.0** | 26.0 |

***Anailís íogaireachta***
Bheadh tionchar ag athruithe réasúnta féideartha ag an dáta tuairiscithe ar cheann de na boinn tuisceana achtúireacha ábhartha, ag coimeád boinn tuisceana eile seasmhach, ar an oibleagáid sochair shainithe de réir na suimeanna a thugtar thíos.

| | **2022** | 2021 |
|---|---:|---:|
| | **€'000** | €'000 |
| | **Méadú/(laghdú)** | Méadú/(laghdú) |
| Ráta lascaine – laghdú 0.25% *(2021: 0.25%)* | **59** | 127 |
| Boilsciú - méadú 0.25% *(2021: 0.25%)* | **28** | 56 |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**23. Sochair d'fhostaithe** ***(ar leanúint)***

*b) Scéimeanna ranníocaíochta sainithe*

Feidhmíonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin ranníocaíochtaí sainithe inmheánacha d'fhostaithe áirithe. Déantar íocaíochtaí chuig an scéim a ghearradh go bliantúil sna ráitis airgeadais agus don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022, ba é iomlán an chostais aitheanta ná €1,143,000 *(2021: €863,000)*, a raibh €110,000 de iníoctha ag deireadh na bliana *(2021: €104,000).*

Rinne an Fhochuideachta de chuid an Ghrúpa Fiontair Thráchtála na Sionainne ("an Chuideachta") scéim pinsin le sochar sainithe neamhchistithe a fheidhmiú suas go dtí an dáta aistrithe chuig Grúpa na Sionainne cpt ar an 5 Meán Fómhair 2014. Suas go dtí an dáta sin, faoi shocrú leis an Státchiste, íocadh ranníocaíochtaí an fhostóra agus an fhostaí leis an Státchiste agus d'aithin an Chuideachta sócmhainn mhaoinithe iarchurtha ar ionann é agus an sócmhainn a bheadh le fáil ar ais ón Státchiste sa todhchaí. D'aithin an Chuideachta dliteanas freisin ar ionann é agus an t-easnamh maoinithe maidir le méadú ar phinsin i ndiaidh scoir. De réir an Acht um Ghrúpa na Sionainne, aistríodh gach dliteanas, dleacht, oibleagáid agus cistiú (ar a n-áirítear méadú ar phinsin agus íocaíochtaí forlíontacha pinsin) ag éirí as feidhmiú na scéime, chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar dháta an aistrithe. Dá bhrí sin, do na blianta dar críoch 31 Nollaig 2022 agus 2021, tá cuntas tugtha ag an nGrúpa ar na scéimeanna seo mar scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe. Déantar íocaíochtaí chuig an scéim a ghearradh go bliantúil sna ráitis airgeadais agus don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022, ba é iomlán an chostais aitheanta ná €125,000 *(2021: €154,000)*, a raibh €23,000 de iníoctha ag deireadh na bliana *(2021: €31,000)*.

**24. An bhainistíocht riosca airgeadais**

**Fachtóirí riosca airgeadais**
Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord Stiúrtha na Cuideachta as bunú agus maoirsiú pholasaí bainistíochta riosca an Ghrúpa. Tá an Bord Stiúrtha tar éis Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca a bhunú a bhfuil fhreagracht air maidir le forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chórais bhainistíochta riosca an Ghrúpa.

Tá córas bainistíochta riosca bunaithe ag an nGrúpa ar fud an ghrúpa lena chinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a thaifead agus a thuairisciú go rialta thar gach Aonad Gnó agus feidhm agus a dhéanann iarracht tionchar na rioscaí seo ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa a theorannú. Is é polasaí an Ghrúpa na rioscaí seo a bhainistiú ar bhealach neamh-amhantrach.

Fágann oibríochtaí an Ghrúpa neamhchosanta é ar rioscaí airgeadais éagsúla, a dtugtar cur síos thíos orthu. Cuireann an nóta seo faisnéis i láthair maidir le neamhchosaint an Ghrúpa ar na rioscaí seo agus a chuspóirí, a pholasaithe agus a nósanna imeachtaí le riosca a thomhas agus a bhainistiú. Áirítear tuilleadh nochtuithe cainníochtúla ar fud an nóta seo.

**(a) Riosca creidmheasa**
Bíonn an Grúpa i mbun idirbheartaíochta airgeadais i ngnáthchúrsaí gnó le roinnt contrapháirtí agus d'fhéadfadh cailliúint airgeadais a bheith i gceist dá dteipfeadh ar aon cheann de na contrapháirtithe seo nó go mbeadh loiceadh feidhmíochta ar a n-oibleagáidí faoi seach i gceist. Éiríonn riosca creidmheasa as creidmheas do chustaiméirí ag éirí as infhála gan íoc agus idirbhearta gan íoc chomh maith le hairgead tirim agus coibhéis airgid agus taiscí le bainc agus institiúidí airgeadais. Tá taiscí an Ghrúpa á gcoimeád le dhá institiúid chreidmheasa. Déanann an bhainistíocht monatóireacht rialta ar neamhchosaint chontrapháirtithe agus tugtar tuairisc don Bhord de réir mar a bhíonn gá leis.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**24. An bhainistíocht riosca airgeadais** ***(ar leanúint)***

**(a) Riosca creidmheasa** ***(ar leanúint)***

Is ionann suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais, glan ar sholáthairtí bearnúcháin uasmhéid neamhchosanta creidmheasa an Ghrúpa. Sa tábla thíos, tá an t-uasmhéid neamhchosanta ar an riosca creidmheasa ag deireadh na bliana leagtha amach.

| | **An méid tugtha anonn** | |
|---|---|---|
| | **2022** | 2021 |
| | **€'000** | €'000 |
| **Grúpa** | | |
| Infháltais trádála (Nóta 15) | **4,554** | 5,118 |
| Infháltais eile agus sócmhainní conartha (Nóta 15) | **2,629** | 3,597 |
| Léas airgeadais infhaighte (Nóta 12) | **279** | 291 |
| Airgead Tirim nó a choibhéis (Nóta 17) | **56,939** | 62,161 |
| **Iomlán** | **64,401** | 71,167 |
| | | |
| **Cuideachta** | | |
| Infháltais trádála (Nóta 15) | **-** | - |
| Infháltais eile (Nóta 15) | **296** | 231 |
| Suimeanna atá dlite ó fhochuideachtaí (Nóta 15) | **815** | 443 |
| Airgead Tirim nó a choibhéis (Nóta 17) | **442** | 1,074 |
| **Iomlán** | **1,553** | 1,748 |

*Infháltais trádála*

Tá nósanna imeachta ag an nGrúpa le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an riosca creidmheasa a bhaineann lena infháltais trádála bunaithe ar thaithí agus ar theist go dtí seo na gcustaiméirí agus rátaí loicthe stairiúla. De ghnáth socraíonn an custaiméir teorainneacha indibhidiúla riosca agus ní ghlactar le riosca os cionn a leithéid de theorainneacha ach i gcúinsí sainmhínithe. Déantar neamhchosaint ar riosca creidmheasa maidir le custaiméirí ad hoc a mhaolú, nuair is gá é, le réamhíocaíochtaí a úsáid nó éarlais a lorg.

Tá infháltais trádála an Ghrúpa go léir ainmnithe in Euro. Ba mar seo a leanas a bhí uasmhéid neamhchosanta ar riosca creidmheasa do thrádáil agus infháltais de réir réigiúin gheografacha:

| | **2022** | 2021 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Oll-infháltais trádála** | | |
| Poblacht na hÉireann | **5,002** | 5,641 |
| An Ríocht Aontaithe | **361** | 256 |
| An chuid eile den domhan | **489** | 470 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **5,852** | 6,367 |

Amhail an 31 Nollaig 2022, ba mar seo a leanas a bhí uasmhéid neamhchosanta ar riosca creidmheasa d'infháltais trádála de réir chineál an chontrapháirtí:

| | **2022** | 2021 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Custaiméirí aerloingseoireachta | **2,929** | 3,527 |
| Custaiméirí turasóireachta | **-** | 231 |
| Custaiméirí maoine tráchtála | **518** | 692 |
| Deonú aerfoirt agus custaiméirí cíosghnólachta | **1,869** | 1,896 |
| Custaiméirí tráchtála eile | **536** | 21 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **5,852** | 6,367 |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**24. An bhainistíocht riosca airgeadais** *(ar leanúint)*

**(a) Riosca creidmheasa** *(ar leanúint)*

Ní bhaineann ús le hinfháltais trádála agus tugtar tuairisc orthu glan ar liúntais ar infháltais amhrasacha, a dtugtar anailís mar seo a leanas air:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Caillteanas creidmheasa atá beartaithe** | | |
| Amhail tús na bliana | **1,249** | 1,411 |
| Suimeanna gearrtha/curtha chun sochair) an chaiteachas oibriúcháin | **221** | (89) |
| Infháltais trádála díscríofa | **(140)** | (73) |
| Aistrithe go Sócmhainn arna gcoinneáil lena Díol | **(32)** | - |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **1,298** | 1,249 |
| | | |
| **Infháltais trádála eile (Nóta 15)** | **4,554** | 5,118 |

Soláthraíonn an tábla seo a leanas anailís aosaithe maidir le hinfháltais trádála an Ghrúpa:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Laistigh de na téarmaí creidmheasa | **1,264** | 1,643 |
| 0-30 lá tar éis an dáta dlite | **1,225** | 846 |
| 31-60 lá tar éis an dáta dlite | **994** | 1,049 |
| 61-90 lá tar éis an dáta dlite | **456** | 861 |
| Níos mó ná 90 lá tar éis an dáta dlite | **1,913** | 1,968 |
| **Iomlán** | **5,852** | 6,367 |

*Meastóireacht um chaillteanais creidmheasa atá beartaithe do chustaiméirí indibhidiúla amhail an 31 Nollaig 2022*

Ag gach dáta tuairiscithe déanann an Grúpa measúnú ar in-aisghabhháltacht na n-infháltas trádála agus liúntais na dtaifead d'infháltais amhrasacha bunaithe ar thaithí.

Úsáideann an Grúpa maitrís lamháltais chun tomhas a dhéanamh ar an caillteanais atá beartaithe sa chreidmheas d'infháltais trádála ó chustaiméirí indibhidiúla. Déantar amach na rátaí den chaillteanas trí modh 'ráta rolla' bunaithe ar an dóchúlacht go gcuirfear infháltas ar aghaidh trí chéimeanna leanúnacha ón neamh-aisghabhháltacht go dtí céim na díscríofa.

| | Meánráta caillteanais ualaithe | An t-ollmhéid tugtha anonn | Liúntas um chaillteanas | Glanmhéid |
|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 |
| Laistigh de na téarmaí creidmheasa | **3.5%** | **1,264** | **(44)** | **1,220** |
| 0-30 lá tar éis an dáta dlite | **6.4%** | **1,225** | **(79)** | **1,146** |
| 31-60 lá tar éis an dáta dlite | **8.1%** | **994** | **(81)** | **913** |
| 61-90 lá tar éis an dáta dlite | **5.7%** | **456** | **(26)** | **430** |
| Níos mó ná 90 lá tar éis an dáta dlite | **55.8%** | **1,913** | **(1,068)** | **845** |
| **Iomlán** | | **5,852** | **(1,298)** | **4,554** |

Tá na rátaí caillteanais bunaithe ar shonraí stairiúla d'eispéireas an chaillteanais chreidmheasa. Chomh maith leis sin cuirtear dearcadh an Ghrúpa ar staid an gheilleagair thar an fadtréimhse atá beartaithe do na hinfáltais.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**24. An bhainistíocht riosca airgeadais** *(ar leanúint)*

**(a) Riosca creidmheasa** *(ar leanúint)*

*Meastóireacht um chaillteanais creidmheasa atá beartaithe do chustaiméirí indibhidiúla amhail an 31 Nollaig 2021*

| | Meánráta caillteanais ualaithe | An t-ollmhéid tugtha anonn | Liúntas um chaillteanas | Creidmheas-bhearnaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 |
| Laistigh de na téarmaí creidmheasa | 3.5% | 1,643 | (58) | 1,585 |
| 0-30 lá tar éis an dáta dlite | 3.4% | 846 | (29) | 817 |
| 31-60 lá tar éis an dáta dlite | 9.4% | 1,049 | (99) | 950 |
| 61-90 lá tar éis an dáta dlite | 8.6% | 861 | (74) | 787 |
| Níos mó ná 90 lá tar éis an dáta dlite | 50.3% | 1,968 | (989) | 979 |
| **Iomlán** | | 6,367 | (1,249) | 5,118 |

*Léas airgeadais infhaighte*
Éiríonn riosca creidmheasa maidir le léas airgeadais infhaighte le contraphháirtí amháin. Níl an comhardú i ndiaidh an dáta dlite ná bearnaithe. Tá nósanna imeachta ag an nGrúpa le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an riosca creidmheasa seo bunaithe ar thaithí agus ar theist go dtí seo an chustaiméara maidir le híocaíocht.

*Airgead tirim agus a choibhéis*
Tá airgead tirim agus coibhéis airgid ("taiscí airgid") infheistithe le hinstitiúidí a bhfuil an bhainistíocht tar éis féachaint ar a rátáil chreidmheasa.

Maidir le taiscí airgid an Ghrúpa agus na Cuideachta, ba é rátáil chreidmheasa na n-institiúidí inar cuireadh an t-airgead i dtaisce ná Baa3 nó os a chionn ag deireadh na bliana bunaithe ar rátáil Moodys *(2021: Baa3 nó os a chionn sin).* Tá an Grúpa den tuairim go bhfuil riosca creidmheasa íseal i gceist leis an airgead tirim agus a choibhéis atá acu de réir rátála chreidmheasa seachtracha na gcontraphháirtithe. Tá an caillteanas creidmheasa atá beartaithe níos lú ná €1,000.

**(b) Riosca leachtachta**
Is riosca é riosca leachtachta a mbeidh deacracht ag an nGrúpa freastal ar a oibleagáidí ina thaobh lena dhliteanais airgeadais a ndéantar iad a réiteach trí airgead nó sócmhainn eile airgeadais a sholáthar. Is é cur chuige an Ghrúpa maidir le leachtacht a bhainistiú ná a chinntiú, chomh fada agus is féidir é, go mbíonn go leor leachtachta aige i gcónaí le freastal ar a dhliteanais nuair a bhíonn siad dlite, faoi ghnáthchoinníollacha agus faoi dhálaí anáis, gan caillteanais do-ghlactha a bheith ann nó baol go ndéanfaí dochar do chlú an Ghrúpa.

Tá airgead a ghineann an gnó mar phríomhfhoinse don chistiúchán atá ar fáil don Ghrúpa. Tá fochuideachtaí an Ghrúpa, Aerfort na Sionainne agus Fionrair Thráchtála na Sionainne tar éis iasachtaí fadtéarmacha bainc a fháil chun a gcuid clár caiteachais caipitil a mhaoiniú go páirteach (Nóta 22). Glactar cur chuige stuama maidir le leachtacht a bhainistiú ar a n-áirítear cistiú ar riachtanais suntasacha infheistíochta. Tá an Grúpa tar éis a dhúil maidir le riosca a shocrú i leith infheistíochtaí tráchtála agus leibhéil lamh____áltais airgeadais socraithe dá réir.

Oibríonn an Grúpa córais láidre rialaithe gnó agus airgeadais le tuairisciú rialta ar shreabhadh airgid oibríochtúil agus ar staid an iarmhéid airgid, le comharthaíocht luath ar athrú ábhartha ón bplean agus déantar athbhreithniú lena chinntiú go gcoimeádtar leachtacht sa ghearr agus sa bhfadtéarma.

Tá go leor foinsí maoine imleor ar fáil don Ghrúpa le freastal ar a riachtanais mhaoinithe réamh-mheasta do ghearrthéarma a chuid oibriúcháin agus a chlár infheistíochta caipitil. Tá saoráid rótharraingthe de €5 milliún ar fáil le freastal ar riachtanais chaipitil oibre gearrthéarmach. Ag éirí as seo, tá urrús ag an mbanc i leith sócmhainní áirithe de chuid an Ghrúpa (Nóta 10). Níor úsáideadh an áis rótharraingte le linn 2022. Úsáideadh an saoráid le linn 2021, ach ní raibh sí á húsáid ag deireadh na bliana, áfach (Nóta 17).

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**24. An bhainistíocht riosca airgeadais** ***(ar leanúint)***

**(b) Riosca leachtachta** ***(ar leanúint)***

Tá plean rollach cúig bliana ullmhaithe ag an nGrúpa. Beidh breis iasachtaí seachtracha de dhíth le clár caipitil an Ghrúpa a chur i bhfeidhm.

Seo a leanas an aibíocht chonarthach atá fágtha maidir le dliteanais airgeadais ag an dáta tuairiscithe. Tá na suimeanna comhlán agus neamh-lascainithe.

| | | | **Sreafaí airgid conarthacha** | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **An méid tugtha anonn €'000** | **Sreafaí airgid conarthacha iomlána €'000** | **3 mí nó a lúide sin €'000** | **3-12 mhí €'000** | **1-2 bhliain €'000** | **Breis is 2 bliain €'000** |
| **31 Nollaig 2022** | | | | | | |
| *Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha* | | | | | | |
| Rótharraingt bhainc | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **20,267** | **20,267** | **20,267** | **-** | **-** | **-** |
| Iasachtaí bainc ceangailte | **26,905** | **33,954** | **522** | **3,221** | **6,599** | **23,612** |
| Dliteanais léasa | **202** | **202** | **50** | **152** | **-** | **-** |
| **Iomlán** | **47,374** | **54,423** | **20,839** | **3,373** | **6,599** | **23,612** |

| | | | **Sreafaí airgid conarthacha** | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **An méid tugtha anonn €'000** | **Sreafaí airgid conarthacha iomlána €'000** | **3 mí nó a lúide sin €'000** | **3-12 mhí €'000** | **1-2 bhliain €'000** | **Breis is 2 bliain €'000** |
| **31 Nollaig 2021** | | | | | | |
| *Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha* | | | | | | |
| Rótharraingt bhainc | - | - | - | - | - | - |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 28,365 | 28,365 | 28,365 | - | - | - |
| Iasachtaí bainc ceangailte | 29,564 | 30,270 | 421 | 2,035 | 5,072 | 22,742 |
| Dliteanais léasa | 1,890 | 2,338 | 84 | 254 | 298 | 1,702 |
| **Iomlán** | 59,819 | 60,973 | 28,870 | 2,289 | 5,370 | 24,444 |

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**24. An bhainistíocht riosca airgeadais** ***(ar leanúint)***

**(c) Riosca margaidh**

Is é is riosca an mhargaidh ná an riosca sin a athraíonn praghsanna an mhargaidh, mar rátaí malairte eachtrach agus rátaí úis a mbeidh tionchar acu ar ioncam an Ghrúpa.

*(i) Riosca ráta úis*

Níl an Grúpa gan chosaint ar riosca ráta úis ar an iasacht bhainc urraithe atá ag an fhochuideachta dá chuid Aerfort na Sionainne, toisc go bhfuil an ráta úis seasta téarma an dá iasacht araon. Tá ús ar fáil ar an iasacht bhainc urraithe eile atá ag an nGrúpa agus ar iarmhéideanna airgid agus infheistíochta an Ghrúpa ag rátaí seasta agus comhlúthacha araon. Le méadú nó ardú 1% ar rátaí úis bheadh méadú/(laghdú) de €0.6 milliún ar bhrabús/ caillteanas *(2021: €0.6 milliún).*

*(ii) Riosca airgeadra eachtrach*

Níl an Grúpa neamhchosanta go bunúsach ar riosca airgeadra eachtrach toisc gur sa Euro (airgeadra feidhmeach an Ghrúpa) atá gach idirbheart ábhartha agus ionstraim airgeadais. Ní bheadh tionchar suntasach ag aon neartú nó lagú ar an Euro in aghaidh airgeadra eile ar bhrabús/caillteanas ná ar ioncam cuimsitheach eile.

*(iii) Praghasriosca eile*

Níl an Grúpa neamhchosanta ar urrús cothromais ná praghasriosca earraí toisc nach bhfuil aon infheistíochtaí cothromais aige.

**An bhainistíocht chaipitiúil**

Is iad cuspóirí an Ghrúpa agus caipiteal á bhainistiú ná cosaint a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa leanúint mar ghnóthas leantach d'fhonn brabús a sholáthar dá scairshealbhóirí agus struchtúr caipitiúil optamach a choimeád.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**24. An bhainistíocht riosca airgeadais** ***(ar leanúint)***

**Tomhas agus catagóiriú ionstraimí airgeadais, agus measúnú ar luach orthu**

Tugann an tábla seo a leanas rangú ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta.

| | Costas Amúchta €'000 | Luach Cóir de réir Brabúis nó Caillteanais €'000 | Dliteanais ar chostas amúchta €'000 | Luach tugtha anonn €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | |
| **31 Nollaig 2022** | | | | |
| Léas airgeadais infhaighte | **279** | - | - | **279** |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | **7,183** | - | - | **7,183** |
| Airgead tirim agus a choibhéis | **56,939** | - | - | **56,939** |
| **Iomlán** | **64,401** | - | - | **64,401** |
| | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | **-** | **20,267** | **20,267** |
| Iasachtaí bainc ceangailte | **-** | **-** | **26,905** | **26,905** |
| Dliteanais léasa | **-** | **-** | **202** | **202** |
| **Iomlán** | **-** | **-** | **47,374** | **47,374** |

| | Costas Amúchta €'000 | Luach Cóir de réir Brabúis nó Caillteanai s €'000 | Dliteanais ar chostas amúchta €'000 | Luach tugtha anonn €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2021** | | | | |
| Léas airgeadais infhaighte | 291 | - | - | 291 |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 8,715 | - | - | 8,715 |
| Airgead tirim agus a choibhéis | 62,161 | - | - | 62,161 |
| **Iomlán** | 71,167 | - | - | 71,167 |
| | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | - | - | 28,365 | 28,365 |
| Iasacht bhainc urraithe | - | - | 29,564 | 29,564 |
| Dliteanais léasa | - | - | 1,890 | 1,890 |
| **Iomlán** | - | - | 59,819 | 59,819 |

Léiríonn an tábla seo a leanas luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Ghrúpa (Nóta 11).

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| Foirgnimh tionsclaíoch agus foirgnimh miondíoltóireachta | **39,476** | 37,472 |
| Foirgnimh oifige | **59,442** | 46,936 |
| Foirgnimh Trádstórais | **11,429** | 10,566 |
| Talamh tionsclaíoch | **21,841** | 21,497 |
| **Iomlán** | **132,188** | 116,471 |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)*

**24. An bhainistíocht riosca airgeadais** *(ar leanúint)*

| Cuideachta | Costas Amúchta €'000 | Luach Cóir de réir Brabúis nó Caillteanais €'000 | Dliteanais ar chostas amúchta €'000 | Luach tugtha anonn €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2022** | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | **1,202** | - | - | **1,202** |
| Airgead tirim agus a choibhéis | **442** | - | - | **442** |
| **Iomlán** | **1,644** | - | - | **1,644** |
| | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | **-** | **-** | **(1,356)** | **(1,356)** |
| **Iomlán** | **-** | **-** | **(1,356)** | **(1,356)** |

| | Costas Amúchta €'000 | Luach Cóir de réir Brabúis nó Caillteanais €'000 | Dliteanais ar chostas amúchta €'000 | Luach tugtha anonn €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **31 Nollaig 2021** | | | | |
| Infháltais trádála agus infháltais eile | 748 | - | - | 748 |
| Airgead tirim agus a choibhéis | 1,074 | - | - | 1,074 |
| **Iomlán** | 1,822 | - | - | 1,822 |
| | | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | - | - | (1,367) | (1,367) |
| **Iomlán** | - | - | (1,367) | (1,367) |

Tá an Grúpa tar éis úsáid a bhaint as an díolúine faoi IFRS 7 "Ionstraimí Airgeadais: Nochtadh" ó nochtadh breise a sholáthar sa chás go bhfuil luach carraeireachta an chostais amúchta gar don luach cóir.

Cé is moite de léasanna airgeadais infhaighte, is ionann suim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais thuas agus neasluach cóir.

**Tomhas ar luach cóir**

**Ordlathas maidir le Luach Cóir**
Úsáideann an Grúpa an t-ordlathas seo a leanas le luach cóir na n-ionstraimí airgeadais a shocrú agus a fhaisnéisiú trí mhodh luachála.

- Leibhéal 1: praghsanna luaite (coigeartaithe) i margaí gníomhacha do shócmhainní nó dliteanais chomhionann.
- Leibhéal 2: ionchur seachas praghsanna luaite áirithe i Leibhéal 1 atá inbhraite don sócmhainn nó don dliteanas, go díreach (mar phraghsanna) nó go hindíreach (díorthaithe ó phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchur don sócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite an mhargaidh (ionchur neamh-inbhraite).

Leagtha amach thíos tá na mórmhodhanna agus na boinn tuisceana a úsáideadh agus luach cóir á mheas do na sócmhainní airgeadais agus do na dliteanais atá nochta sa tábla ina dhiaidh seo.

*Léasanna airgeadais infhaighte – níl tomhaiste ag luach cóir sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais*
Tá luach cóir bunaithe ar luach reatha shreabhadh airgid sa todhchaí lascainithe ag rátaí an mhargaidh.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**25. Léasanna**

**(a) Léasanna mar léasaí**

Tá roinnt aonad miondíola suite ag láithreáin Oidhreachta, chomh maith le trealamh TF áirithe, atá ligthe amach ar léas ag an Grúpa a bhfuil dátaí deiridh léasa éagsúla i bhfeidhm in leith idir 2023 agus 2041. Tá faisnéis faoi léasanna a bhfuil an Grúpa ina léasaí ina leith curtha i láthair thíos.

*(i) Sócmhainní cearta úsáide sa ráiteas ar staid airgeadais*

Tá sócmhainní cearta úsáide a bhaineann le haonaid réadmhaoine cíosa nach sásaíonn an sainmhíniú ar an maoin infheistíochta a thuairiscítear iad mar mhír líne ar leith sa ráiteas ar staid airgeadais:

| | Foirgnimh Turasóireachta | Troscán, Daingneáin agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021 | 1,446 | 245 | 1,691 |
| Breiseanna | - | 433 | 433 |
| Modhnuithe léasa | (37) | - | (37) |
| Muirear dímheasa don bhliain | (67) | (245) | (312) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021** | 1,342 | 433 | 1,775 |
| | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2022** | **1,342** | **433** | **1,775** |
| Breiseanna | **-** | **-** | **-** |
| Muirear dímheasa don bhliain | **(67)** | **(216)** | **(283)** |
| Caillteanas lagaithe (Nóta 8b) | **(1,275)** | **-** | **(1,275)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2022** | **-** | **217** | **217** |

*(ii) Suimeanna atá tuairiscithe sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach*

Tá cuntas tugtha ar na méideanna seo a leanas sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach a bhfuil an Grúpa ina léasaí air:

| | 2022 | 2021 *(athdhearbhaithe)* |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Costas úis ar dhliteanais léasa | **4** | 9 |

*(iii) Suimeanna atá tuairiscithe sa ráiteas comhdhlúite sreabhadh airgid*

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Eas-sreabhadh iomlán airgid le haghaidh léasanna | **279** | 276 |

**(b) Léasanna mar léasóir**

Ligean an Grúpa a gcuid réadmhaoine infheistíochta amach ar cíos (féach Nóta 11). Rinne an Grúpa €11,928,000 (2021: €11,822,000) a aithint mar ioncam cíosa le linn na bliana. Sa tábla ag seo a leanas tá anailís aibíochta ar íocaíochtaí léasa atá le fáil leagtha amach, agus na híocaíochtaí léasa neamh-lascainithe atá le fáil tar éis an dáta tuairiscithe léirithe ann:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Léasanna Oibriúcháin** | | |
| Níos lú ná aon bhliain amháin | **10,890** | 9,187 |
| Idir aon bhliain amháin agus dhá bhliain | **8,589** | 6,350 |
| Idir dhá bhliain agus trí bliana | **7,262** | 5,791 |
| Idir trí bliana agus ceithre bliana | **5,908** | 5,215 |
| Idir cheithre bliana agus cúig bliana | **5,164** | 4,566 |
| Breis is cúig bliana | **8,409** | 11,020 |
| **Iomlán** | **46,222** | 42,129 |

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**26. Nochtadh ó pháirtithe gaolmhara**

**(a) Idirbhearta ó pháirtithe gaolmhara**

**Grúpa**

Is é an Rialtas úinéir tairbhiúil agus páirtí rialaithe an Ghrúpa i ndeireadh thiar. Mar aon le mórán aonán eile, déanann an Grúpa déileáil leis an Rialtas i ngnáthchúrsaí gnó agus le comhlachtaí stáit agus aonáin eile atá faoi úinéireacht, rialú nó tionchar suntasach an Rialtais. Baineann an déileáil seo le réimse leathan aonán ar a n-áirítear an rialtas láir, údaráis áitiúla, cuideachtaí stáit tráchtála agus neamhthráchtála agus institiúidí airgeadais. Tá roinnt sócmhainní atá faoi sheilbh fhochuideachta de chuid an Ghrúpa, CGA Údarás Aerfort na Sionainne, atá ligthe ar léas le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh de réir prionsabail an fheidhmithe neamhspleách. Tá Grúpa na Sionainne cpt agus Ollscoil na Gaillimhe araon faoi chomhrialú an Stáit.

Tá idirbhearta idir fhochuideachtaí an Ghrúpa, ar pháirtithe gaolmhara iad, curtha as an áireamh sa chomhdhlúthú agus ní thugtar faisnéis sa nóta seo orthu.

Tharla na hidirbhearta seo a leanas le linn na bliana:

(i) Ba iarpháirtnéir de chuid McCann Fitzgerald é an tUasal Ambrose Loughlin, a d'fhóin mar stiúrthóir ar an nGrúpa i rith na bliana agus a bhí ag feidhmiú mar shainchomhairleoir don ghnólacht le linn 2021 agus 2022. Cuireann McCann Fitzgerald seirbhísí dlí ar fáil don Ghrúpa.

Is ionann na táillí íoctha a bhain leis na seirbhísí a sholáthair na gnólachtaí thuas leis an nGrúpa i ngnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2022 agus €8,548 (*2021: €19,263*). Ní raibh aon suimeanna ar cuireadh nó nár cuireadh bille ina dtaobh agus nach raibh íoctha ag an nGrúpa ag deireadh na bliana *(2021: €Nialas)*.

(ii) Tá Kevin McCarthy, a d'fhreastail mar stiúrthóir ar an nGrúpa i rith na bliana, ina stiúrthóir ar Mid West Sporting Supplies Limited, ar chuideachta í a sholáthraíonn seirbhísí don Ghrúpa.

Is ionann na táillí ar íoc an Grúpa iad agus a bhain leis na seirbhísí ar soláthraíodh iad don Ghrúpa i ngnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2022 agus €4,024 *(2021: Nialas)* Ní raibh aon suimeanna ar cuireadh nó nár cuireadh bille ina dtaobh agus nach raibh íoctha ag an nGrúpa ag deireadh na bliana *(2021: Nialas).*

Tharla na hidirbhearta seo a leanas le linn 2021:

(i) Le linn 2021 bhí Liam O'Shea, a d'fhreastail mar stiúrthóir ar an nGrúpa i rith na bliana, mar scairshealbhóir de chuid County Tipperary Radio Limited (ag trádáil mar Tipp FM), comhlacht a sholáthraíonn seirbhísí fógraíochta don Ghrúpa.

Ba iad na táillí a bhain leis na seirbhísí a sholáthair an chuideachta thuas don Ghrúpa i ngnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2021 ná €2,400. Ní raibh aon suimeanna ar cuireadh nó nár cuireadh bille ina dtaobh agus nach raibh íoctha ag an nGrúpa ag deireadh na bliana.

(ii) Bhí an tUasal Tom Kelly, a d'fhóin mar stiúrthóir ar an nGrúpa i rith na bliana, ina fhostaí de chuid Aercap Ireland Limited i rith 2021, cuideachta a fuair seirbhísí ón nGrúpa.

B'ionann na táillí maidir le seirbhísí a chuir an Grúpa ar fáil don chuideachta thuas i ngnáthchúrsa an ghnó i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus €383,105. Bhí 39,990 ar cuireadh nó nár cuireadh bille ina dtaobh agus nach raibh íoctha leis an nGrúpa ag deireadh na bliana.

**Cuideachta**

Baineann na hidirbhearta go léir idir an Chuideachta agus a cuid fochuideachtaí a tharla le linn na tréimhse airgeadais go príomha le hathghearradh na gcostas oibriúcháin.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**26. Nochtadh ó Pháirtithe Gaolmhara *(ar leanúint)***

**(b) Cúiteamh príomhbhainistíochta**

Áirítear ar an bpríomhbhainistíocht baill de Choiste Feidhmiúcháin an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó atá le híoc le príomhbhainistíocht ar sheirbhísí mar fhostaí:

| | **2022** | 2021 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Grúpa** | | |
| Tuarastail agus sochair fostaí eile atá gearrthéarmach (an leas sóisialach san áireamh) | **871** | 1,020 |
| Sochair iarfhostaíochta | **108** | 115 |
| | **979** | 1,135 |

**Cuideachta**
Tá roinnt de na comhaltaí de chuid fhoireann Feidhmiúcháin an Ghrúpa atá fostaithe ag an gCuideachta. Is iad fochuideachtaí de chuid an Ghrúpa a íocann as cuid den chúiteamh do na fostaithe siúd agus as cuid de luach saothair stiúrthóirí na Cuideachta.

**27. Gealltanais agus teagmhais**

**Gealltanais chaipitil agus gealltanais eile**
Tá luach na n-oibreacha caipitiúla nach raibh críochnaithe ar an 31 Nollaig 2022 agus a bhaineann le chonarthaí a rinne an Grúpa measta ag €8,714,000 *(2021: €8,945,205).* Tá cúnamh deontais de €606,000 (*2021: €1,386,000*) urraithe chun cuid de na gealltanais chaipitiúla seo a mhaoiniú.

**28. Imeachtaí ina dhiaidh sin**

Níor tharla aon imeachtaí suntasach a raibh tionchar acu ar an nGrúpa i ndiaidh dheireadh na bliana.

**29. Faomhadh na ráiteas airgeadais**

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh an 23 Márta 2023.

***Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar leanúint)***

**Faisnéis Ghinearálta Ghnó**

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóirí** | Conal Henry (Cathaoirleach)<br>Mary Considine (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)<br>Audrey Costelloe<br>Alan Donohoe<br>Tom Kelly<br>Ambrose Loughlin<br>Stephen Rae |
| **Rúnaí na Cuideachta** | Rachael Leahy |
| **Oifig Cláraithe** | Aerfort na Sionainne<br>An tSionainn<br>Co. an Chláir |
| **Iniúchóir** | Ernst & Young<br>Cuntasóirí Cairte<br>Teach Hibernian<br>45 An Fhaiche Mhór<br>Gaillimh |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Eastát Tionscail na Sionainne<br>An tSionainn<br>Co. an Chláir |
| **Uimhir Chláraithe** | 548847 |

AN GRÚPA AERFORT NA
Sionainne

THE
Shannon
AIRPORT GROUP

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
AGUS CUNTAIS

2022

www.snnairportgroup.ie